


I dTreo Barr Feabhaís

DEA-CHLEACHTAIS SAN OIDEACHAS LÁN-GHAEILGE

Critéir aitheantais cuí um dhearbhu cáilíochta agus dea-chleachtais do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile Éireann

Tuarascáil taighde ar son Gaeloideachas Iúil 2017



T.J. Ó Ceallaigh agus Aoife Ní Shéaghdha
Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh



Clár Na N-Ábhar

Achoimre Fheidhmeach	2
1. Réamhrá.....	4
2. An t-Oideachas Dátheangach	5
3. Tréithe dea-chleachtais an tumoideachais	11
3.1 Dea-chleachtais ó thaobh fhairsinge an tumtha	11
3.2 Dea-chleachtais ó thaobh struchtúr, chomhtháiteacht agus phleanáil an chláir.....	12
3.3 Dea-chleachtais ó thaobh freagrachta, ceannaireachta agus luachála ar leibhéal na scoile .	13
3.4 Dea-chleachtais ó thaobh an churaclaim de.....	13
3.5 Dea-chleachtais ó thaobh oideolaíochta de	14
3.6 Dea-chleachtais ó thaobh chaighdeán Gaeilge na foirne; oiliúint múinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach	15
3.7 Dea-chleachtais ó thaobh theagasc córasach agus úsáid na mórtheanga (an Béarla).....	16
3.8 Dea-chleachtais ó thaobh nasc leis an teaghlach/pobal	16
3.9 Dea-chleachtais ó thaobh úsáid na Gaeilge go sóisialta a chur chun cinn	17
3.10 Dea-chleachtais ó thaobh tacaíocht Stáit agus acmhainní	18
4. Modheolaíocht.....	19
4.1 Réamhrá.....	19
4.2 Paraidím taighde	19
4.3 Ceist taighde	19
4.4 Sampla.....	19
4.5 Fócasghrúpaí agus agallaimh pháirtstruchtúrtha	20
4.6 Eitic	21
4.7 Anailís ar an eolas	21
4.8 Cáilíocht, bailíocht agus iontaofacht	21
4.9 Conclúid	21
5. Dea-Chleachtais An Teagaisc Trí Ghaeilge In Éirinn: Dearcadh An Mhúinteora Eolaigh	22
6. Conclúid Agus Moltaí	35
7. Tagairtí	39
8. Aguisíní	48
8.1 Saintréitheacht Baker de Chláir Oideachas Dhátheangaigh	48
8.2 Sampla Ábhar/Ceisteanna do Ghrúpa Fócais & Agallaim	50
8.3 Léargas ar Dhea-Chleachtais a Bhaineann le Teagasc Idirhealaithe don Teanga	51
8.4 Dea-Chleachtais san Oideachas Lán-Ghaeilge: Táscairí Cáilíochta.....	52
8.5 Gluais	65



Achoimre Fheidhmeach

In ainneoin an éilimh mhéadaithe ar chláir tumoideachais agus an ratha réasúnta a bhíonn orthu ó thaobh fhorbairt an dara teanga de, bíonn sé casta cláir thumoideachais a chur i bhfeidhm go fóill agus uaireanta ní éiríonn leo chomh maith is a bhímid ag súil leis (Cavanagh & Cammarata, 2015; Lyster & Tedick, 2014; Tedick & Cammarata, 2012; Tedick & Wesely, 2015).

I gcomhthéacs na tíre seo, tá leid láidir ann nach bhfuil an córas oideachais Gaeltachta ag freastal go hiomlán ar riachtanais teangeolaíochta na ndaltaí, go háirithe cainteoirí dúchais na teanga, leis an soláthar reatha oideachais sa Ghaeltacht (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015; Lenoach, 2014; Pétarváry et al., 2014); bíonn deacrachtaí ag Gaelcholáistí agus ag Iarbhunscoileanna Gaeltachta teacht ar mhúinteoirí ábhair atá cumasach nó sásta múineadh trí mheán na Gaeilge (Mac Donnacha et al., 2005; Máirtín, 2006; Ó Grádaigh, 2015); bíonn brú rómhór ar mhúinteoirí ó éilimh na hoibre agus ní sholáthraítear dóthain ama agus tacaíochta dóibh don phleanáil (Ní Drisceoil, 2015; Uí Ainiféin, 2015); léiríonn múinteoirí an fheasacht ar an bhfreagracht atá orthu a bheith ina samhalacha teanga dá ndaltaí ach léiríonn siad bearnaí san eolas ábhair agus san eolas oideolaíoch ar Ghaeilge (Ó Ceallaigh, 2013, 2016; Ó Cualáin, 2013; Ó Grádaigh, 2015; Uí Ainiféin, 2015); agus bíonn deacracht ag múinteoirí an teanga a chomhtháthú le teagasc an ábhair chun an fhoghlaím teanga a mhéadú an oiread agus is féidir agus ag an am céanna, léibhéil arda ghnóthachtála acadúla a chinntiú (Ó Ceallaigh, 2013; Ó Grádaigh, 2015; Ní Thuairisg, 2014; Uí Shúilleabháin, 2015).

Is céimeanna ríthábhachtacha iad ullmhú agus forbairt ghairmiúil na múinteoirí in éabhlóid an tumoideachais éifeachtaigh teanga in Éirinn. Mar sin féin, tá easnamh mór taighde ar raon leathan topaicí a bhaineann le forbairt múinteoirí sa tumoideachas. Déanta na fírinne, tá easpa tuisceana againn ar nádúr a saineolais agus ar na bealaí is éifeachtaí ó thaobh na forbartha gairmiúla de chun a riachtanais a chomhlíonadh. Áitimid gur rud bunriachtanach é an tuiscint sin chun freagairt go hoiriúnach dá sainriachtanais agus, ar an gcaoi sin, chun feabhas a chur ar cháilíocht fhoriomlán na gclár tumoideachas.

Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar na príomhdhea-chleachtais atá luaite sa litríocht idirnáisiúnta i dtaca leis an tumoideachas, d'fhéadfaí iad a rangú i réimsí ar leith:

- Fairsinge an Tumtha
- Struchtúr, Comhtháiteacht agus Pleanáil an Chláir
- Freagracht, Ceannaireacht agus Luacháil
- Curaclam
- Oideolaíocht
- Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil na Múinteoirí
- Teagasc Córasach agus Úsáid na Mórtheanga sa Tumoideachas
- Nasc le Pobal/Teaghlach
- Úsáid Shóisialta na Sprioctheanga
- Tacaíocht agus Acmhainní

Tugtar idir aitheantas agus luach don ghairm le bonn eolais a bhfuil glacadh forleathan leis agus atá sonraithe go poiblí. Trí shainmhíniú a thabhairt ar an eolas atá riachtanach do mhúinteoirí tumoideachais agus ar a bhfuil ar a gcumas, leagtar síos le bonn eolais na caighdeáin le haghaidh cáilíochtaí gairmiúla agus, go bunúsach, sainmhíniú ar a bhfuil i gceist le bheith mar mhúinteoir tumoideachais gairmiúil. Tá sé mar aidhm ag an taighde seo dea-chleachtais do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile-oileánda a aithint ar mhaithe le critéir aitheantais a leagadh síos don earnáil. Is de réir dearcadh múinteora eolaigh agus dearcadh atá fréamhaithe sa seomra ranga a fhéachtar ar na gnéithe sin.



Is iad bunchlocha fealsúnacha na paraidíme léirmhínithí agus prionsabail chriticiúla na heirméineotaice a chuireann eolas agus treoir ar fáil don staidéar seo (i. déantar iarracht peirspictíochtaí agus cleachtais múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge/Gaeltachta thuaidh agus theas i ndáil le dea-chleachtais an tumoideachais a ‘léamh’ chun teacht ar thuiscintí níos fearr, ar bhríonna bunriachtanacha agus ar shaibhreas uathúil). Gineadh sonraí ó 120 múinteoir trí úsáid a bhaint as mhodhanna cáilíochtúla éagsúla, i. agallaimh leathstruchtúrtha agus grúpaí fócais.

Tugann torthaí an taighde seo spleáchadh dúinn ar mhórán dea-chleachtais atá i bhfeidhm ag múinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile atá ag teagasc trí Ghaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh di. Feictear go bhfuil dea-chleachtais áirithe i bhfeidhm trasna an réimse catagóirí dea-chleachtais atá aitheanta sa litríocht idirnáisiúnta agus cuirtear iad seo i láthair i bhfoirm Táblaí i gCaibidil a Cúig. Léirítear, áfach, go bhfuil dea-chleachtais áirithe do-shroichte faoi láthair de dheasca na ndúshlán mór atá roimh an tumoideachas i gcoitinne, go háirithe i réimse na hoideolaíochta teagaisc agus in oiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúint na múinteoirí.

Tugtar le tuiscint i dtorthaí an taighde go mbíonn na nithe seo a leanas ag teastáil chun athrú a chur i bhfeidhm go rathúil:

- Deiseanna chun athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar an gcleachtas aonair nó ar an gcleachtas scoile uile atá ailínithe leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta sa tumoideachas
- Eispéiris forbartha gairmiúla ardchaighdeán
- Creat reachtaíochta agus rialála agus freagrúlacht institiúideach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais thábhachtacha phráinneacha a bhaineann go sáiniúil leis an oideachas lán-Ghaeilge.

1: Réamhrá

1. Cúlra, comhthéacs agus cuspóir an taighde

Is feiniméan domhanda anois comhthéacsanna tumoideachais ina bhfuil teanga iasachta mar mheán teagaisc agus é mar aidhm leo leibhéil oileachta níos airde sa sprioctheanga a bhaint amach. Mar sin féin, bíonn éagsúlacht mhór ag baint leis na cuir chuige oideachais i gcomhthéacsanna éagsúla maidir lena éifeachtaí a chothaítear an t-ilchultúrachas, forbairt na féiniúlachta dátheangaí, tairbhí sóisialta-mothúchána, an dátheangachas, an délitearthacht agus rath acadúil do dhaltaí dátheangacha, nó maidir lena éifeachtaí a chuirtear iad sin chun cinn.

In ainneoin nádúr éagsúil agus dinimiciúil na gclár tumoideachais, tá easnamh mór taighde ar raon leathan topaicí a bhaineann le forbairt múinteoirí sa tumoideachas. Níos mó ná riamh, tá gá le béim a chur ar thaighde agus ar oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí chun machnamh agus iniúchadh a dhéanamh ar bhuanna agus ar dhua an oideachais lán-Ghaeilge. Tá plé gairmiúil lánbhí den sórt sin rithabhachtach le haghaidh rath agus fhás leanúnach an oideachais lán-Ghaeilge in Éirinn agus le haghaidh an tumoideachais ar fud na cruinne.

Tugtar idir aitheantas agus luach don ghairm le bonn eolais a bhfuil glacadh forleathan leis agus atá sonraithe go poiblí. Trí shainmhíniú a thabhairt ar an eolas atá riachtanach do mhúinteoirí tumoideachais agus ar a bhfuil ar a gcumas, leagtar síos le bonn eolais na caighdeáin le haghaidh cáilíochtaí gairmiúla agus, go bunúsach, sainmhíniú ar a bhfuil i gceist le bheith mar mhúinteoir tumoideachais gairmiúil. Is é aidhm an taighde seo ná dea-chleachtais do bhunscoileanna agus iarbunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile-oileánda a aithint ar mhaithe le critéir aitheantais a leagadh síos don earnáil. Is de réir dearcadh múinteora eolaigh agus dearcadh atá fréamhaithe sa seomra ranga a fhéachtar ar na gnéithe sin.

2. Struchtúr na Tuarascála

I gCaibidil 2, féachtar ar shainmhínithe agus ar chur síos ar an oideachas dátheangach i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Tugtar achoimre ann ar chlaontaí fealsúnachta, ar shamhlacha agus ar chláir éagsúla oideachais dhátheangaigh. Déantar an comhthéacs stairiúil a phlé, agus cuirtear i láthair sainmhíniú gearr ar an tumoideachas i gcomhthéacs an oideachais dhátheangaigh. Ansin, tugtar sainmhíniú ar an oideachas lán-Ghaeilge i gcomhthéacs na hÉireann, agus tugtar tuairisc ar fhás agus ar fhorbairt na samhla oideachais sin. Déantar léirbhreithniú ar an litríocht ar thaighde atá déanta ar an tumoideachas ó pheirspictíochtaí éagsúla, agus nochtar láidreachtaí agus dúshlán de chláir thumoideachais.

I gCaibidil 3, tugtar spléachadh ar an litríocht i gcomhthéacs an dea-chleachtais idirnáisiúnta. Déantar scagadh agus plé ar roinnt gnéithe móra de chleachtas an tumoideachais lena n-áirítear - Fairsinge an tumtha; Struchtúr, comhtháiteacht agus planáil an chláir; Freagracht, ceannaireacht agus luacháil; Curaclam; Oideolaíocht; Oiliúnt agus forbairt ghairmiúil na múinteoirí; Teagasc córasach agus úsáid na mórtheanga sa tumoideachas; Nasc le pobal/teaghlach; Úsáid shóisialta na sprioctheanga; Tacaíocht agus acmhainní.

Léirítear modheolaíocht an taighde i gCaibidil 4. Tugtar achoimre ar an dearadh taighde agus cuirtear i láthair na haidhmeanna leis an taighde agus na ceisteanna taighde. Pléitear an sampla agus an próiseas taighde freisin. Déantar imscrúdú ar an gcur chuige modheolaíoch, ar na modhanna taighde agus ar na nósanna imeachta chun anailís a dhéanamh ar shonraí.

I gCaibidil 5, déantar plé ar na téamaí a thagann chun cinn ó na sonraí a bailíodh san obair allamuigh/pháirce sa taighde. Cuirtear torthaí i láthair maidir le prionsabail chreidimh, tuiscintí agus cleachtais na múinteoirí tumoideachais. Déantar iniúchadh ar raon agus ar nádúr chleachtais agus pheirspictíochtaí na múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge i ndáil leis na dea-chleachtais aitheanta sa litríocht i gCaibidil 3 na tuarascála. Pléitear nádúr ilghnéitheach na múinteoireachta agus na teannais oideolaíocha a bhíonn in iomaíocht lena chéile i gcomhthéacs an oideachais lán-Ghaeilge. Sa chuid deiridh, Caibidil 6, cuirtear conclúidí agus moltaí chun cinn, pléitear na treonna amach anseo agus leagtar amach réimsí le haghaidh taighde breise.

2: An t-Oideachas Dátheangachach

2.1 Múnlaí Éagsúla an Oideachais Dhátheangaigh

Ceann de na dúshláin is mó sa taighde ar an oideachas dátheangach is ea teacht ar shainmhíniú sásúil ar an bhfeiniméan féin. Lipéad an-simplí ar fheiniméan casta is ea ‘oideachas dátheangach’. Ag ceann amháin an chontanaim tá na daoine sin a thabharfadh ‘dátheangach’ ar chur chuige oideachais ar bith arna ghlacadh le haghaidh daltaí a bhfuil dhá theanga acu nó atá dírithe orthu sin, beag beann ar na haidhmeanna oideachais ná ar ról na máthairtheanga (T1) nó an dara teanga (T2) mar an teanga teagaisc. I bhfocail eile, is leor daltaí dátheangacha a bheith sa seomra ranga chun clár a aicmiú mar chlár dátheangach (Porter, 1990). Ag ceann eile an chontanaim, tá na daoine sin a dhéanann idirdhealú soiléir idir cineálacha laga agus láidre den oideachas dátheangach (Baker & Jones, 1998). An aidhm atá le cineálacha laga oideachais dhátheangaigh is ea an t-aonteangachas nó dátheangachas teoranta a ghiniúint sna daltaí, agus an aidhm atá le cineálacha láidre oideachais dhátheangaigh is ea dátheangachas agus délitearthacht iomlán a ghiniúint (Baker & Jones, 1998; May, Hill & Tiakiwai, 2004). Féach Aguisín 1: Saintréitheacht Baker de Chláir Oideachas Dhátheangaigh. I measc na múnlaí láidre aitheanta mar chineálacha den oideachais dhátheangaigh ag Baker, tá an tumoideachas agus an clár oideachais sa teanga dúchais.

Úsáidtear claontaí fealsúnachta agus spriocanna oideachais leathana leis na samhlacha dátheangacha éagsúla mar bhunchlocha i gcláir dhátheangacha. Fealsúnacht shuimitheach nó dhealaitheach a bheidh inti, bunaithe ar an luach a bhaineann le teanga eile a chur le stór teangacha an dalta nó, ina áit sin, ar an luach a bhaineann le teanga amháin a chailleadh nó teanga eile a chur ina háit. Is as comhthéacsanna sochstairiúla, soch-chultúrtha agus polaitiúla uathúla agus sonracha a eascraíonn claontaí fealsúnachta agus spriocanna cláir, agus is léiriú ar na comhthéacsanna sin iad. Dá bhrí sin, cruthaítear éagsúlacht sa chaoi a gcuirtear chun feidhme iad go praiticiúil agus tá gach aon chlár faoi stiúir ag na cúinsí sainiúla a bhaineann leis, mar shampla an Mhaorais sa Nua-Shéalainn, an Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann, an Fhraincis i gCeanada.

Bíonn an taighde ar an oideachas dátheangach dúshlánach go minic toisc éagsúlacht agus castacht ag baint le sainmhínte sa réimse seo ag oideachasóirí difriúla. I gcás an oideachais dhátheangaigh in Éirinn, mar shampla, sa Ghaeltacht ach go háirithe, úsáideann taigdeoirí difriúla lipéidiú difriúil don mhúnla oideachais atá i bhfeidhm ansin (m.sh. Oideachas Cothabhála agus Oidhreacht, Oideachas Saibhriúchán, Oideachas sa Teanga Dúchais nó Teanga Mionlaigh, Tumoideachas).

2.2 An Tumoideachas: Cineál Oideachais Dhátheangaigh

Aithnítear an tumoideachas mar chineál amháin oideachais dhátheangaigh go comhsheasmhach sa litríocht idirnáisiúnta ar an taighde. Is léir dúinn an fáth má ghlacaimid an sár-shainmhíniú seo a leanas den oideachas dátheangach a chum Lyster (2007:8):

A form of bilingual education that aims for additive bilingualism by providing students with a sheltered classroom environment in which they receive at least half of their subject-matter instruction through the medium of a language that they are learning as a second, foreign, heritage or indigenous language. In addition they receive some instruction through the medium of ...[the majority language] in the community.

Aithníonn Fortune agus Tedick (2008) go bhfuil trí mhúnla ar leith de chláir thumoideachais ann ach go bhfuil mórán gnéithe i gcomóna acu in ainneoin na suíomhanna difriúla ina bhfuilid ag feidhmiú. Is iad

¹Is fíor,áfach, go raibh múnla éigin den tumoideachas i bhfeidhm in Éirinn i bhfad roimhe sin. Nuair a bunaíodh an Saorstát in 1922, d'fhógair an rialtas nemhspleách go mbeadh ranganna na naíonán á múineadh trí Ghaeilge sna scoileanna agus go mbeadh ar a laghad uair a chloig de theagasc trí Ghaeilge sna ranganna ar fad. Cé gur éirigh go maith leis an gcóras seo ar dtús (in 1937 bhí 288 scoil náisiúnta ag múineadh ranganna naíonán trí Ghaeilge) thosnaigh an córas seo ag teip sna 60aidí (Coolahan, 1981).

an trí mhúnla a rangnaíonn siad ná an tumoideachas aon-treoch (i dteanga iasachta), tumoideachas dé-threoch (dhá theanga) agus tumoideachas i dteanga dúchais tíre. Thosnaigh an chéad chlár ar a dtugtar tumoideachas aon-treoch air i gCeanada in 1965 (clár Fraincise do dhaltai de chúlra an Bhéarla lasmuigh de Quebec, an mórcheantar Fraincise) agus anois tá cláir dá leithéid seo coitianta ar fud na cruinne. Is cláir iad a thumann daltaí atá de chúlra mórtheanga de ghnáth i gcóras oideachais atá ag feidhmiú trí theanga iasachta nó sprioctheanga. Bíonn sé mar aidhm ag na cláir seo dátheangachas suimitheach agus délitearthacht a chur chun cinn i measc dhaltai a bhíonn aonteangach de ghnáth (sa mhórtheanga) ar theacht chun na scoile dóibh.

Tháinig na cláir tumoideachais dé-threocha chun cinn sna Stáit Aontaithe sna 60aidí agus an difríocht is mó atá idir iad agus na cláir aon-treocha thuas ná imeascadh na ndaltai a fhreastalaíonn orthu. Tugann na cláir dhé-threocha seo foghlaimeoirí de chúlra mór agus mion teanga le chéile (dhá phobal urlabhra) chun teanga a chéile a fhoghlaim óna chéile agus chun teagasc a fháil i dteanga a chéile (m.sh Spáiniseoirí agus Béarlóirí i Meiriceá Thuaidh nó Béarla agus Sínis) . Oibríonn na cláir seo i dtreo aidhmeanna an tumoideachais agus an dátheangachais agus na délitearthachta suimithigh, chur cinn cinn na hacadúlachta agus tuiscint tras-chultúrtha a chur chun cinn.

Is chun teangacha agus cultúir dúchais atá i mbaol a chur chun cinn atá ann do chláir tumoideachais sa teanga dúchais. An príomhaidhm atá acu ná chun teangacha atá faoi bhrú a chothabháil agus a fhorbairt. De ghnáth freastalaíonn daltaí de chúlra na mionteanga nó na mionoidhreacht ar na cláir seo cé gur minic go dtagann daltaí eile ag foghlaim na mionteanga seo chomh maith. Mar aon le haidhmeanna a bhaineann le feiniúlacht chultúrtha a athbhunú, bíonn sé mar aidhm ag na cláir seo acadúlacht a chur chun cinn agus déliteartacht agus dátheangachas suimitheach a fhorbairt. Tá pobail ar fud na cruinne ag dul i muiníne cláir mar seo le blianta beaga anuas, m.sh. i dtíortha na Lochlannach, i Meiriceá Thuaidh agus Theas. Mar aon leis na pobail dhúchasacha seo a chuireann tumoideachas sa teanga dúchais ar fáil, tá mionphobail dhílseacha (autochthonous language communities) eile ann a chleachtaíonn an saghas seo tumoideachais dúchais. De gnáth is pobail iad seo a bhfuil teanga dúchais sa tír ach a bhfuil na gnéithe sóisialta agus cultúrtha céanna ag baint leis an mórphobal agus an mionphobal sa tír. Sampla den tumoideachas dílseach dúchasach seo is ea léitheidí an tumoideachais i nGaelscoileanna na hÉireann, na scoileanna dátheangacha sa Bhreatain Bheag agus na scoileanna Bascaise i ndúthaigh na mBascach (Tedick, Christian & Fortune, 2011). Tá gné láidir oidhreacht agus gné láidir cosanta agus athbheochana teanga ag baint leis an tumoideachas mar atá le fáil i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí Ghaeilge. Mar thoradh ar an ngné athbheochana teanga sin, ní ar scoileanna acadúla amháin atá na scoileanna sin dírithe. Déanann siad iarracht timpeallacht shochtheangeolaíoch dhearfach d'úsáid T2 a spreagadh, laistigh den scoil féin agus laistigh de phobal níos leithne na scoile.

2.3 An Tumoideachas: An Taighde Idirnáisiúnta

Is fíor gurb iomaí buntáiste a bhaineann leis an tumoideachas agus léirítear na buntáistí sin go comhsheasmhach sa taighde atá déanta air. Éiríonn le daltaí tumoideachais, lena n-áirítear daltaí sa chóras oideachais lán-Ghaeilge, leibhéil i bhfad níos airde a bhaint amach in T2 ná mar a éiríonn le daltaí nach bhfuil sa chóras tumoideachais a dhéanann staidéar ar T2 mar ábhar scoile (Genesee, 1987; Genesee & Lindholm-Leary, 2013; Hamers agus Blanc, 2000; Harris, 1984; Harris agus Murtagh, 1987, 1988; Harris et al., 2006; Lindholm-Leary agus Howard, 2008; Lyster, 2007; Skutnabb-Kangas, 2000). Cé go mbíonn moill forbartha na máthairtheanga (T1) le sonrú ar dtús (léamh, scríobh, litriú) i gcomparáid le mic léinn leis an T1 céanna in oideachas príomhshrutha, tar éis tréimhse ama, tá mic léinn an tumoideachais ar chomhchaighdeán nó ar chaighdeán níos airde ná mic léinn ar chomhaois leo in oideachas príomhshrutha (Baker, 2001; Skutnabb-

³Bíonn an coimhneas idir an céatadán teagaisc sa dá theanga ag brath ar an gclár atá i gceist. Na múnlaí is coitianta ná 50%/50%, 80% (sprioctheanga)/ 20% (mórtheanga) agus 90% (sprioctheanga)/10% (mórtheanga).

⁴Ciallaíonn dílseach (autochthonous) gur teanga/pobal é seo atá dúchasach sa tír, pobal bunaidh na tíre. Ach ní áirítear mionphobail dhílseacha na hEorpa mar phobail dhúchasacha (indigenous communities) de ghnáth toisc go bhfuil na tréithe cultúrtha agus sóisialta céanna ag na pobail a labhrann na mionteangacha seo agus atá ag an bpobal mórtheangach sa tír (Wilson & Kamana, 2011).

Kangas, 2000; Ó hAiniféin, 2007; Gilleece et al., 2011). Tá mórán taighde idirnáisiúnta eile a thaispeánann go mbíonn daltaí an tumoideachais go hacadúil ar chomhchaighdeán nó ar chaighdeán níos airde ná mic léinn ar chomhaois leo in oideachas príomhshrutha aonteangacha, fiú i dtástálacha sa mhórtéanga féin (Cloud, Genesee & Hamayan, 2000; Cummins, 1998; Hamers & Blanc, 2000; Genesee, 1987, 2004; Gilleece et al., 2011; Lindholm-Leary, 2001; May et al., 2004). Tá achoimre déanta ag Ó Ceallaigh (2013:33) ar bhuntáistí eile an tumoideachais.

Tábla 2.1: Achoimre ar bhuntáistí an dátheangachais/an tumoideachais

Achoimre ar bhuntáistí an dátheangachais/an tumoideachais (Ó Ceallaigh, 2013:33)

Buntáiste	Tagairt
Feasacht mheititheangeolaíoch <i>Bíonn daoine dátheangacha níos feasaí ar theangacha agus ar an gcaoi a n oibríonn siad.</i>	Bialystok & Codd, 1997; Bournot-Trites & Denizot, 2005; Galambos & Hakuta, 1988; Harley, Hart & Swain, 1986; Lyster, Collins & Ballinger, 2009; Lyster, Quiroga & Ballinger, 2013.
Íogaireacht chumarsáide <i>Bíonn daoine dátheangacha níos íogaire i leith miondifríochtaí sa chumarsáid.</i>	Baker, 2007; Ben-Zeev, 1977; Genesee, Lambert & Tucker, 1975.
Solúbthacht chognaíoch <i>Is cruthaithí agus is solúbtha daoine dátheangacha ina gcuid smaointeoireachta.</i>	Cummins, 1975, 1977; Lambert, Tucker & d'Anglejan, 1973; Lazuruk, 2007; Ricciardelli, 1992.
Smaointeoireacht iltreoch, neamhspleáchas réimse, aithint patrún agus fadhbréiteach <i>Is minic a bhíonn sé níos éasca ar dhaoine dátheangacha fios an bhealaigh a dhéanamh amach agus patrúin agus figiúirí folaithe a fheiceáil.</i>	Baker, 2001; Bialystok, 2001; Bialystok & Martin 2004; Cenoz & Genesee, 1998; Peal & Lambert, 1962.
Foirmiú coincheapa, aicmiú, cruthaitheacht, réasúnú analachúil, agus scileanna amharcspásúla <i>Agus eolas acu ar airíonna struchtúracha dhá theanga, bíonn daoine dátheangacha níos éifeachtaí agus iad ag díchódú.</i>	Bialystok et al., 2008; Diaz & Klingler, 1991.
Feidhmiú feidhmiúcháin níos airde agus cuimhne eipeasóideach níos fearr <i>Bíonn ar chumas daoine dátheangacha gabháil d'ionchódú agus d'aisghabháil straitéiseach agus cuimhneamh ar imeachtaí.</i>	Bialystok, Craik & Luc, 2008; Salvatierra & Rosselli, 2011; Schroeder & Marian, 2012; Wodniecka et al., 2010.
Iolrachas cultúrtha, leathanaigeantacht, agus tuiscint <i>Is mó an teagmháil le cultúir agus le teangacha eile a sholáthraítear leis an dátheangachas, agus cothaítear caidreamh eatarthu leis.</i>	Genesee, 1987; Met, 1994; Rebuffot, 1993.
Éascaíocht maidir leis an tríú teanga a fhoghlaim <i>Is éasca teangacha eile a fhoghlaim nuair a bhíonn dhá theanga ag duine cheana féin.</i>	Cenoz, 2004; Cenoz & Valencia, 1994; Sanz, 2000.
Cothromaíocht deiseanna <i>Éiríonn go maith na tumoideachas le daltaí ó chúlraí éagsúla socheacnamaíocha, eitneacha agus dúchasacha.</i>	Bruck, Tucker & Jakimik, 1975; Caldas & Boudreaux, 1999; Holobow, Genesee & Lambert, 1991; Lindholm-Leary, 2001; Slaughter, 1997.
Buntáistí eacnamaíocha <i>Bíonn deiseanna fostaíochta níos fearr sa mhargadh domhanda ar fáil do dhaoine a bhfuil inniúlachtaí dátheangacha nó ilteangacha acu.</i>	Baker, 2001, 2007; Cloud, Genesee & Hamayan. 2000.

Cé go bhfuil fianaise curtha ar fáil ag taighdeoirí thar na blianta gur mó buntáiste a bhaineann leis an tumoideachas, mar sin féin, is iomaí staidéar atá déanta ina n-aithnítear dúshláin atá le sárú fós chun an tumoideachas a chur i bhfeidhm go rathúil. Bíodh is go léiríonn daltaí tumoideachais líofacht agus muinín agus iad ag úsáid T2, tá leibhéal an chruinnis in T2 agus réimse na n-inniúlachtaí in T2 a bhaintear amach faoi bhun leibhéal an chainteora dúchais sna scileanna ginchumais (labhairt agus scríobh) ach go háirithe (Genesee & Lindholm-Leary, 2013; Harley et al., 1990; Ó Duibhir, 2009; Swain & Johnson, 1997). Bíonn stór focal teoranta agus gramadach shimplithe in úsáid ag daltaí tumoideachais atá teoranta do réimsí a bhaineann leis an scoil, bíonn aistriú ar siúl acu ó chomhréir agus ó léacsacan an Bhéarla, ní éiríonn leo inniúlacht chomhréireach an chainteora dúchais a bhaint amach, agus ní bhíonn gnéithe nádúrtha áirithe den chomhrá acu .i. ní bhíonn na nathanna cainte léacsacha ná pragmatacha acu a bhíonn ag cainteoirí

dúchais go nádúrtha (Genesee & Lindholm-Leary, 2013; Harley, 1992, Lyster, 2007). Tugtar achoimre ar dhúshlái eile an tumoideachais i dTábla 2.2 thíos.

Tábla 2.2: Dúshlái éagsúla an tumoideachais

Dúshlái éagsúla an tumoideachais

Dúshlái	Tagairt
Easnaimh theangeolaíocha ar oilteacht T2 na ndaltaí tumoideachais <i>Bíonn scileanna ginchumais teanga na ndaltaí tumoideachais tearcghorbartha i réimsí amhail cruinneas agus castacht gramadaí, sainiúlacht léacsach agus oiriúnacht shochtheangeolaíoch.</i>	Genesee & Lindholm-Leary, 2013; Harley et al., 1990; Ó Duibhir, 2009; Swain & Johnson, 1997.
Úsáid na tumtheanga <i>Bíonn T1 in úsáid ag daltaí i gcomhthéacsanna inar gá T2 a úsáid. Fiú má úsáidtear an tumtheanga i suíomhanna scoile, ní gá go bhfágann sé sin go n úsáidfear an tumtheanga i suíomhanna neamh-acadúla.</i>	Broner & Tedick, 2011; Genesee & Lindholm-Leary, 2013; Mac Donnacha et al, 2005; Péterváry et al, 2014; Potowski, 2004; Ó Giollagáin et al, 2007.
Soláthar do chainteoirí dúchais <i>I gcomhthéascanna ina bhfuil cainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí le chéile, bíonn sé fiordhúshlánach cothromaíocht teanga a chur chun cinn (i. cothromaíocht a thabhairt d'fhorbairt na chéad teanga agus múineadh an dara teanga). Bíonn tacaíocht idirdhealaitheach riachtanach.</i>	Amrein & Pena, 2000; Hickey, 2001; Lewis, 2007; Ní Shéaghdha, 2010; Ó Brolcháin 2015; Ó Giollagáin et al. , 2007; Péterváry et al., 2014; Valdés, 1997.
Measúnú ar an délitearthacht <i>Tagarmharcanna atá bunaithe le haghaidh cainteoirí aonteangacha na mórtheanga sa tsochaí a bhíonn in úsáid ag lucht an oideachais. Ní chuimsítear go hiomlán forbairt na délitearthachta ná na hil-litearthachta faoi thagarmharcanna agus faoi chuir chuige aonteangacha i leith na litearthachta agus na forbartha teanga.</i>	Hopewell & Escamilla, 2014; Moll, 2001; Moll & Dworin, 1996.
Riachtanais oideachais speisialta <i>Is minic a bhíonn imní ar lucht oideachais, ar lucht déanta beartais agus ar thuismitheoirí maidir le hoiriúnacht agus le héifeachtacht an tumoideachais do dhaltai a bhféadfadh deacrachtaí acadúla a bheith orthu, in ainneoin go bhfuil sé léirithe go comhsheasmhach sa taighde gur féidir le daltaí atá i mbaol agus ar cainteoirí Béarla iad na leibhéil inniúlachta chéanna in T1 agus an leibhéal gnóthachtála céanna a bhaint amach i gcomparáid le daltaí i mbaol deacrachtaí atá i gclár nach bhfuil ach an teanga dhúchais in úsáid ann.</i>	Bruck, 1978, 1982; Genesee & Lindholm-Leary, 2013; Genesee & Fortune, 2014; Myers, 2009; Holobow, Genesee & Lambert, 1991; Thomas, Collier & Collier, 2011.
Ullmhú easnamhach múinteoirí le haghaidh an tumoideachais <i>Tá easpa sa tsain-oiliúint tosaigh agus san fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá ar fáil do mhúinteoirí an tumoideachais chun déileáil leis an suíomh ina bhfuil siad ag obair.</i>	Mac Donnacha et al., 2005; Máirtín, 2006; Ní Shéaghdha, 2010; Ní Thuairisg, 2014; May et al, 2004; Ó Ceallaigh, 2013; Ó Duibhir, 2006, 2009; Ó Duibhir et al. 2015; Ó Grádaigh, 2015; Ó Murchú, 2003; Tedick, 2008; Uí Shúilleabháin, 2015.
Comhtháthú ábhair agus teanga <i>Bíonn deacrachtaí móra ag múinteoirí tumoideachais breith ar conas is féidir an teanga a chomhtháthú i dteagasc an ábhair ar bhealach brioch.</i>	Genesee & Lindholm-Leary, 2013; Ó Ceallaigh, 2013, Tedick & Cammarata, 2012; Walker & Tedick, 2000.
Inniúlacht múinteoirí tumoideachais <i>Tugann múinteoirí ar cainteoirí dúchais iad agus múinteoirí nach cainteoirí dúchais iad araon le fios go mbíonn tacaíocht leanúnach ag teastáil uathu ar mhaithe lena n inniúlacht féin sa tumtheanga.</i>	Fortune, Tedick & Walker, 2008; Ó Ceallaigh, 2013; Ó Grádaigh, 2015.
Saineolas tumoideachais agus acmhainní ábhartha <i>Ní bhíonn na hacmhainní riachtanacha ná na speisialtóirí dátheangacha riachtanacha le fáil i líon mór clár tumoideachais chun an tacaíocht teagaisc, an measúnú agus na hidirghabhálacha a bhíonn ag teastáil a chur ar fáil.</i>	Genesee, 2007; Fortune le Menke, 2010.
Freagracht agus córais tacaíochta an Stáit <i>Bíonn easpa tacaíochta (beartais/treoracha) agus easpa maoinithe ar leibhéal an stáit chun tacú leis an gcóras.</i>	Genesee & Fortune, 2014; May et al, 2004; Péterváry et al., 2014; Tedick, 2015.

2.4 An tOideachas lán-Ghaeilge in Éirinn agus An Córas Oideachais Ghaeltachta

Tá spreagadh agus tacaíocht sa taighde idirnáisiúnta do chleachtas an tumoideachais tríd is tríd. Mar sin féin, is gá an comhthéacs ar leith, go náisiúnta agus go háitiúil, a úsáid i gcónaí mar bhonn eolais chun taighde ar bith a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm. Ní féidir glacadh leis go mbeifear in ann torthaí taighde ó áiteanna eile a aistriú go díreach ina gcleachtas in Éirinn.

Ó 1972 i leith, tá an tumoideachas ar cheann de na réimsí oideachais is mó forbairt in Éirinn. Féach miondealú ar na staitisticí is déanaí i dtábla 2.3.

Tábla 2.3: Oideachas trí mheán na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht

Oideachas trí mheán na Gaeilge 2015/2016 (www.gael scoileanna.ie)				
2015/2016		Poblacht na hÉireann	Tuaisceart Éireann	Móriomlán
Bunleibhéal	Líon na scoileanna	143	35	178
	Líon na ndaltaí	45,319	5,113	50,432
Iar-bhunleibhéal	Líon na scoileanna	42	6	48
	Líon na ndaltaí	13,848	921	14,769

Sna bunscoileanna seo, tumtar daltaí ó chúlra na mórtheanga (an Béarla) den chuid is mó sa mhionteanga (An Ghaeilge) agus is tumoideachas suimitheach a bhíonn i gceist do dhaltai an Bhéarla - baineann siad ardchaighdeán Gaeilge amach go háirithe ó thaobh scileanna gabhchumais de (Harris et al. 2006; Parsons & Liddy, 2009) gan baint óna scileanna sa Bhéarla (féach Ó hAiniféin, 2007 mar shampla). Ag an iar-bhunleibhéal, léantar ar aghaidh leis an gclár tumoideachais i nGaelcholáistí na tíre agus é mar sprioc acu cur ar chumas daltaí an dathangeachas feidhmiúil agus an délitearthacht fheidhmiúil a bhaint amach faoi am a chríochnaíonn siad sa mheánscoil.

Tá cuid de na dúshlán céanna roimh an gcóras seo agus atá roimh an gcóras tumoideachais go hidirnáisiúnta (féach thíos), ina measc: an easpa cruinnis sa Ghaeilge a chruthaítear (Walsh, 2007, Ó Duibhir, 2009); easnamh san oideolaíocht a chleachtann múinteoirí chun teanga agus ábhar a theagasc ar bhonn comhtháite (Ó Laoire 2016; Ó Ceallaigh, 2016); an dúshlán atá ann do mhúinteoirí difreálú idir grúpaí cumais teanga éagsúla ina gcuid ranganna (Ní Longaigh, 2016); easnamh teanga i gcumas Gaeilge na múinteoirí (Ó Ceallaigh, 2013; Ó Grádaigh, 2015; Uí Ainiféin, 2015); deacracht úsáid shóisialta agus labhairt na Gaeilge a chothú (Ó Duibhir et al, 2015); ullmhú agus forbairt múinteoirí don suíomh tumoideachais (Ó Ceallaigh, 2013; Ó Ceallaigh & Ó Laoire, 2016; Ó Duibhir, 2006, 2009; Ó Duibhir et al. 2015; Ó Grádaigh, 2014; Ó Murchú, 2003); an gá atá le rannpháirtíocht a fháil ó mhúinteoirí i bhforbairt ghairmiúil leanúnach (Ní Thuairisg, 2014) agus easpa tacaíochta stáit agus acmhainní i bhforbairt an tumoideachais Ghaeilge (Ó Duibhir et al., 2016).

Tá castachtaí agus dúshlán ag leibhéal níos práinní fós ag baint leis an gcóras oideachais sna ceantair Ghaeltachta. Tá sé léirithe go soiléir le déanaí go bhfuil ann do bhagairtí soiléire ar inbhuanaitheacht na Gaeilge mar theanga an phobail sa Ghaeltacht, agus is léir go bhfuil baol an iompaithe teanga ag méadú (Ó Flatharta, 2007; Mac Donnacha et al., 2005, Ó Giollagáin et al., 2007). Aithnítear anois go bhfuil líon na bpáistí atá ina gcainteoirí dúchais ag laghdú (Mac Donnacha et al. 2005; Ó Giollagáin et al. 2007) agus go bhfuil líon na gclanna atá ag seachadadh na Gaeilge go dtí an ghlúin óg titithe (Ó Giollagáin et al.,

⁵Airítear gur cainteoirí baile Gaeilge iad c 3% de dhaltai na nGael scoileanna (Ó Duibhir, 2011:146)

2007). Is iomaí dúshlán atá os comhair scoileanna Gaeltachta. Cé go bhfuil 9,325 dalta ag freastal ar 124 bunscoil agus 3,761 dalta ag freastal ar 22 iarbhunscoil sa Ghaeltacht, níl aon sainmhíniú ar cad is scoil Ghaeltachta ann (Gaelscoileanna:2016). Is féidir leis an gcleachtas tumoideachais a bheith an-éagsúil ó scoil go scoil agus ó cheantar go ceantar sa Ghaeltacht (Mac Donnacha et al, 2005, Ó Brolcháin, 2015). Cé go bhfuil ann anois, tar éis mórán stocaireachta agus éilimh ón earnáil le blianta fada, do pholasaí nua don oideachas Gaeltachta - Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (Deireadh Fómhair 2016) - ní léir fós conas a fheidhmeofar mórán den chur chuige nua atá i moltaí an pholasaithe, cur chuige tábhachtach idirdhealaithe do chainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí na teanga san áireamh. Uaireanta, cruthaíonn an téarma “tumoideachas” deacracht sa Ghaeltacht agus go minic, ceapann muintir na Gaeltachta go dtagraíonn an téarma sin don pholasaí a bhaineann le múineadh an Bhéarla a chur siar go dtí deireadh na naíonán nó rang a haon (Ó Brolcháin, 2015) . Cruthaíonn imeascadh na ndaltaí .i. iliomad réimse cumais sa Ghaeilge ó chainteoirí dúchais go foghlaimeoirí in aon rang amháin, dúshlán breise do mhúinteoirí na scoileanna Gaeltachta. Toisc go bhfuil na cainteoirí baile/dúchais Gaeilge sa bheagán anois, fiú sna ceantair is láidre, bíonn sé deacair agus míréadúil i gcónaí do na múinteoirí cur chuige cuí nó dea-chleachtais saibhrithe teanga (forbairt sa T1) a chur i bhfeidhm chun freastal orthu agus a gcéad teanga a fhorbairt (Ní Shéaghda, 2010).

Maítear gur cheart go mbeadh an córas oideachais sa Ghaeltacht ag cumasú na ndaltaí le cumas an chainteora dúchais a bhaint amach i nGaeilge agus i mBéarla agus ag an am céanna leibhéal ard úsáid na Gaeilge a chothú agus a chaomhnú ina measc (Mac Donnacha et al, 2005). Cé gur dátheangachas suimitheach a bhíonn i gceist do na foghlaimeoirí Gaeilge agus feabhasaíonn a gcumas sa Ghaeilge le linn an chórais seo (Mac Donnacha et al, 2005), tá fianaise láidir ann gur dátheangachachas dealaitheach a bhíonn i gceist do na cainteoirí dúchais Gaeilge sa chóras. Is fearr i bhfad a bhíonn a gcuid scileanna Béarla ná Gaeilge ar fhágaint na bunscoile dóibh, fiú sna ceantair Ghaeltachta is láidre (Péterváry et al., 2014). Níl an fhorbairt chuí á déanamh ar a dteanga baile agus ní bhaineann siad amach an caighdeán cainteora dúchais go mbeifí ag súil leis don aois-ghrúpa a bhíonn i gceist.

Maidir le húsáid na teanga, is í úsáid an Bhéarla atá i dtreis i measc dhaltaí bunscoile na Gaeltachta go sóisialta (Mac Donnacha et al, 2005) agus i measc dhaltaí iar-bhunscoile na Gaeltachta chomh maith (Ó Giollagáin et al, 2007). Ciallaíonn sé seo gur sealbhú easnamhach (Lenoach, 2012 nó Péterváry et al., 2014) atá á dhéanamh ag cainteoirí dúchais ar a gcéad teanga toisc an easpa freastail atá á ndéanamh orthu in oideolaíocht agus i gcuraclam (bunscoile agus iarbhunscoile) an chórais Ghaeltachta agus toisc go bhfuil an córas meascaithe atá i bhfeidhm sa Ghaeltacht ag cothú úsáid an Bhéarla mar theanga shóisialta ina measc (Mac Donnacha et al, 2005). Tá impleachtaí tromchúiseacha aige seo ar thodhchaí an phobail Ghaeltachta mar aithnítear “go bhfuil todhchaí na Gaeilge ag brath ar pháistí T1 na Gaeltachta an Ghaeilge a shealbhú go hiomlán mura bhfuil tobar na Gaeilge le dísciú” (Ó Duibhir et al., 2015:101).

⁶Bíonn mórán cur is cúiteamh faoi cén lipéid is fearr a oireann chun cur síos a dhéanamh ar an gcóras oideachais Ghaeltachta. Ceapann an taighdeoir seo go n-oireann an lipéid tumoideachas don chóras Gaeltachta toisc gur foghlaimeoirí Gaeilge formhór na ndaltaí agus fiú i gcás na gcainteoirí dúchais tá gá le tumadh toisc gur sealbhú laghdaithe atá á dhéanamh acu ar an teanga dúchais. Mar sin, is gá cur chuige tumoideachais do na foghlaimeoirí Gaeilge agus do na cainteoirí dúchais araon, cé go bhfuil gá le géag ar leithigh saibhrithe teanga (forbairt an T1) do na cainteoirí dúchais/baile chomh maith.


⁷Cuireann siad lena scileanna sa T2 (An Béarla) ach caillean siad cumas sa T1 (An Ghaeilge) ag an am céanna.

⁸Cé go bhfuil Curaclam Teanga na Bunscoile (2015) deartha le freastal ar riachtanais shainiúla na gcainteoirí Gaeilge mar chéad agus mar dhara teanga, níl ann d’aon churaclam chun freastal ar riachtanais na gcainteoirí dúchais Gaeilge i dteagasc agus i bhfoghlaim ábharbhunaithe sa chóras oideachais Gaeltachta ag an mbun nó an iar-bhunleibhéal.

3: Tréithe Dea-Chleachtais An Tumoideachais

Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar na príomhdhea-chleachtais atá luaite sa litríocht idirnáisiúnta i dtaca leis an tumoideachas, d'fhéadfaí iad a rangú sna deich réimse mar atá léirithe i bhfíor 3.1 thíos:

Fíor 3.1: Tréithe dea-chleachtais an tumoideachais



Déanfar cur síos ar na dea-chleachtais ar fad go bhfuarthas léargas orthu sa litríocht idirnáisiúnta de réir na gcatagóirí sin anois d'fhonn cúla tagartha a thabhairt d'obair pháirce an tionscadail seo a phléifear i gCaibidil a Ceathair.

3.1 Fairsinge An Tumtha

Is féidir le tumadh a bheith “iomlán” gan aon T1 sa churaclam ar feadh bliana nó tréimhse níos faide ná sin, nó “páirteach”, gan ach 50% nó níos lú de na hábhair á dteagasc trí mheán T2. Is iad na hathróa is coitianta a ndéantar tagairt dóibh sa litríocht idirnáisiúnta ar an tumoideachas ná aois na ndaltaí nuair a thosnaíonn siad an t-eispéireas tumoideachais, an méid ama a chaitear ar ábhar a theagasc trí mheán

an dara teanga (nó an teanga dúchais nó an sprioctheanga) i gcomparáid leis an mórtheanga agus an léanúnachas ó leibhéal go leibhéal sa chóras oideachais (Swain & Johnson, 1997). Is plé leanúnach é chomh maith cathain a thosnaítear ar theagasc na mórtheanga (Baker, 2001; Cummins, 2000; May et al., 2004; Jones 2001; Ní Shéaghdha, 2010; Ó Brolcháin, 2015; Ó hAiniféin, 2007), nó cé chomh fada gur cheart múineadh córasach na mórtheanga a chur siar sa chóras bunscolaíochta. Aithnítear chomh maith go bhfuil ilghnéitheacht an tumtha tábhachtach i gcothú leibhéal an tumtha, i. obair iomlán ilghnéitheach an ranga agus obair iomlán na scoile tríd an sprioc-theanga, (Johnstone, 2002; Mac Einrí, 2007). Tá impleachtaí ag na difríochtaí éagsúla atá luaite thuas don chlár riaracháin, don oideolaíocht agus do thorthaí foghlama an tumoideachais (Johnson & Swain, 1997). I measc na ndea-chleachtas atá sonraithe sa réimse seo tá:

- Dá luaite agus a thosnaíonn an tumoideachas agus dá fhaid a leanann sé is ea is éifeachtúla a bheidh sé i gcothú na líofachta (May et al., 2004). I gcás na gclár dé-threocha i Meiriceá Thuaidh, aithnítear go bhfuil na cláir 90% (sprioctheanga)/10% (mórtheanga) i bhfad níos éifeachtachtaí ná na cláir 50% (sprioctheanga)/ 50% (mórtheanga) i gcothú na sprioctheanga (Tedick, 2015). Sa Bhreatain Bheag, glactar leis gur chóir ar a laghad 70% den am a chaitheamh ag teagasc trí mheán na Breatnaise má táthar chun leibhéal sásúil líofachta a bhaint amach (Ó Duibhir et al., 2015).
- Aithnítear an luaththumadh iomlán (gan tús a chur le teagasc na mórtheanga) go dtí an tríú nó an ceathrú bliain sa bhunscoil, mar dhea-chleachtais idirnáisiúnta i gcothú na délitearthachta (Swain & Lapkin, 1991, Lindholm-Leary 2005, Cummins 2000). Is é sin an cleachtas atá i bhfeidhm sna scoileanna dátheangacha sa Bhreatain Bheag (Jones, 2001) agus sna scoileanna Fraincise i gCeanada (Landry et al, 2007). Tá plé níos doimhne ar an gceist seo i gcás an tumoideachais/oideachais Ghaeltachta in Éirinn in Ní Shéaghdha, 2010 agus Ó Brolcháin, 2015. Cé go bhfuil sé cruthaithe go dtrasnaíonn scileanna ón mionteanga go dtí an mórtheanga (Cummins, 1998), tugtar aitheantas don tairseach sa sprioctheanga gur gá a shroichint sula dtosnaítear ar aschur scileanna (Baker, 2001). Ní thrasnóidh na scileanna go héifeachtach ón mionteanga go dtí an mórtheanga mura bhfuil siad sealbhaithe go hiomlán sa mhionteanga.
- Ní hionann tumoideachas agus múineadh tríd an sprioctheanga sa seomra ranga amháin (Ní Shéaghdha, 2010). Tá ilghnéitheacht an tumtha/an pholasaithe tábhachtach chun leibhéal an tumtha a thomhas. Ní mór go mbeadh gach gné d'obair agus de riarachán na scoile (Bord Bainistíochta, Coiste Tuismitheoirí, aoichainteoirí, seirbhísí sláinte & siceolaíochta srl) mar aon leis an obair ranga ar fad (téacsleabhair, áiseanna teagaisc breise, ceachtanna, obair bhaile, obair phraicticiúl) ag claoi go docht le polasaí an tumoideachais (Mac Einrí, 2007; Johnstone, 2002).

3.2 Stuchtúr, Comhtháiteacht & Pleanáil An Chláir

Leagann Lindholm-Leary amach na gnéithe struchtúrtha gur gá a bheith i gclár tumoideachais/dhá theangach chun go mbeadh sé éifeachtach (2005). Bunaithe ar a taighde ar na cláir dhé-threocha, is gá go mbeadh fíis chomhtháite dhátheangachais/délitearthachta atá aontaithe ag foireann iomlán na scoile, timpeallacht foghlama atá dearfach, ceannaireacht éifeachtach, múnla agus polasaí soiléir tumoideachais agus obair leanúnach ar chothú agus ar chur i bhfeidhm an mhúnla seo, chun go mbeadh an córas éifeachtach. Is contanam é an sealbhú teanga (Ní Chlochasaigh, 2016) agus caithfear pleanáil agus struchtúr foghlamtha teanga comhtháite a leagan amach don sealbhú seo nó do chothú na délitearthachta chomhionann (Cloud, Genesee & Hamayan, 2000; Hopewell & Escamilla, 2014). Ní mór teanga acadúil agus teanga shóisialta na ndaltaí a fhorbairt go leanúnach tríd an gcóras tumoideachais ag baint úsáide as cur chuige bíseach agus céimnithe (Morton, 2017). Áirítear na gnéithe seo i measc na ndea-chleachtas a bhaineann le struchtúr, le comhtháiteacht struchtúrtha agus le pleanáil an chláir tumoideachais do scoil éifeachtach.

- Scoil atá tiomanta do mhodheolaíochtaí teagaisc an dátheangachais/ na délitearthachta (Cloud, Genesee & Hamayan, 2000; Hopewell & Escamilla, 2014);
- Scoil a bhfuil ionchas ard teanga agus acadúil leagtha amach do gach dalta (Cloud, Genesee & Hamayan, 2000);
- Dátheangachas suimitheach mar aidhm do gach dalta sa scoil (Johnson & Swain, 1998);
- Timpeallacht foghlama sábhálta, eagraithe agus muinteartha a chothú sa scoil
- Tacaíocht do dhaltaí a bheith ar fáil i gcónaí sa scoil (Cloud, Genesee & Hamayan, 2000);
- Ceannaireacht éifeachtach a thuigeann réimsí iomlán an tumoideachais agus a spreagrann foireann iomlán na scoile i dtreo na dtuiscintí seo (Ó Ceallaigh, 2016);

- Ceannaireacht a thagann ar áiseanna agus ar mhaoiniú chun an tumoideachas a chur chun cinn sa scoil (Ó Ceallaigh, 2016);
- Múnla/polasaí scoile atá an-soiléir ó thaobh aidhmeanna an tumoideachais atá ag teacht le teoiric agus taighde i leith na réimsí ar fad agus a chuireann eolas ar an bhfoireann i dtaca le modheolaíochta teagaisc an tumoideachais Cloud, Genesee & Hamayan, 2000);
- Múnla a aithníonn an fhorbairt chéimniúil teanga (acadúil agus sóisialta) gur gá a leagan amach do gach dalta sa scoil, beag beann ar a leibhéal tosnaíthe (cainteoir T1 nó T2 na sprioctheanga nó idir eatarthu) (Broner & Tedick, 2011; Swain & Lapkin, 2002);
- Múnla atá comhtháite, a leanann an leibhéal tumoideachais a bhí ann roimhe (m.sh naíscoil i gcás bunscoile) agus a fheidhmíonn mar idirchéim roimh an gcéim ina dhiaidh (iar-bhunscoil) (Tedick, 2015);
- Go mbeadh struchtúr agus pleanáil an mhúnla deimhnithe ag ard-leibhéal na scoile (An Bord Bainistíochta) agus nach mbeadh an cleachtas ag brath ar an bpríomhoide nó ar bhaill foirne eile a d'fhéadfadh athrú (Mac Corraidh, 2008, Johnstone, 2002).

3.3 Freagracht, Ceannaireacht Agus Luacháil

Pléann formhór den taighde ar scoileanna éifeachtachta, cláir dháttheangacha agus tumoideachais san áireamh, an ról lárnach atá ag measúnaíocht agus freagracht as caighdeán, mar dhea-chleachtas. Gan chóras measúnaithe atá ábharach agus éifeachtach ó thaobh na dtéangacha de, tá sé dódhéanta léargas a fháil ar conas mar atá ag éirí leis an gclár tumoideachais. Úsáideann scoileanna éifeachtachta córais mheasúnaithe a thagann le fíis agus aidhmeanna na scoile mar aon le bheith ag freagairt do churaclam agus caighdeán oiriúnach (Lindholm-Leary & Molina, 2000; Montecel & Cortez, 2002). I measc na ndea-chleachtas atá sonraithe i dtaca le measúnaíocht ar chláir thumoideachais tá:

- Measúnaíocht atá seasamhach agus córasach agus a úsáidtear chun an clár a dhearadh agus chun a éifeachtúlacht a mheas (Lindholm-Leary, 2005);
- Córas measúnaíochta a thástálann an dá théanga, an mórtéanga agus an sprioctheanga, i slí chothrom chun gnéithe teanga sa dá théanga a mheas i slí chomparáideach (Lindholm-Leary, 2011; Lyster & Tedick, 2014);
- Measúnaíocht sa mhiontéanga a dhearadh nach aistriú díreach é nó atá cruthaithe bunaithe ar an dtástál sa mhórtéanga amháin (May et al, 2004; Lyster & Tedick, 2014);
- Measúnaithe atá deartha i slí a dhéanann idirdhealú idir foghlaimeoirí agus cainteoirí dúchais chun go mbeifí ábalta forbairt teanga agus na spriocanna teanga difriúla atá an dá ghrúpa a mheas (Lindholm-Leary, 2011; Ó Duibhir et al, 2015);
- Córas measúnaithe a thástálann na gnéithe teanga céanna i slí difriúla chun na torthaí a dhearbhu arís agus arís eile (Lindholm-Leary, 2005);
- Ba cheart torthaí an chórais mheasúnaithe atá i bhfeidhm a úsáid chun luacháil a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chláir, chun feabhas a chur ar an gclár más gá agus chun forbairt ghairmiúil leanúnach a dhearadh d'fhoireann an chláir (Howard et al., 2005; Lindholm-Leary, 2005; Tedick, 2015).
- Chomh maith le scileanna teanga a iniúchadh, ba cheart go mbeadh an mheasúnaíocht dírithe ar théanga na n-ábhar a mheas chomh maith, ní leor go bhfoghlaimodh na daltaí an t-ábhar agus an téanga, caithfidh teanga an ábhair a bheith cruinn (Doherty et al., 2003; Lyster, 1990, 1994; Lyster & Tedick, 2014).

3.4 An Curaclam

Léiríonn staidéir dhifriúla go bhfuil curaclam atá forbartha chun teacht leis an gcaighdeán atá á éileamh sa mheasúnaíocht tábhachtach do scoileanna éifeachtachta (Levine & Lezotte, 1995; Montecel & Cortez, 2002; Tedick, 2015). Ní mór curaclam a bheith oiriúnach do na foghlaimeoirí go léir (cainteoirí dúchais na sprioctheanga, foghlaimeoirí na sprioctheanga, daltaí le riachtanais oideachais speisialta srl.) agus caithfidh sé smaointeoireacht ar an ard léibhéal a spreagadh (Lindholm-Leary 2005). I gcás na sain-dheachleachtas churaclaim atá mínithe sa litríocht i dtaca leis an tumoideachas tá:

- Curaclam a leagann amach spriocanna agus torthaí foghlamtha céimnithe ag déanamh idirdhealaithe nó difrealú idir foghlaimeoirí éagsúla (daltaí T1, T2, daltaí le riachtanais oideachais speisialta srl.);

- Curaclam atá dúshlánach go hacadúil agus a spreagann smaointeoireacht ard leibhéal. Ní leor smaointeoireacht a spreagadh mura bhfuil an fhorbairt teanga chuí déanta chun na smaointe sin a chur in iúl sa sprioctheanga. (Doherty et al, 2003);
- Curaclam dátheangach saibhir, gan é a bheith róbhunúsach nó ag caighdeán ró-íseal (Cloud et al, 2000). Má bhíonn an clár dátheangach/tumoideachais ag teagasc teanga ag leibhéal ró-bhunúsach, ní éiríonn leis cur le forbairt na délitearthachta agus ní eireoidh go maith leis na daltaí (García, 2009; García & Gopal, 2003);
- Caithfear béim a chur ar mhúineadh na teanga mar ghné lárnach don churaclam ar fad (Lyster 1990,1994; Lyster & Tedick, 2014). Ba cheart go mbeadh na haidhmeanna teanga freamaithe sa phleanáil curaclaim tríd na hábhair go léir;
- Curaclam a chuireann béim ar iliomad agus éagsúlacht mhaith áiseanna, idir rogha cuimsitheach leabhair léitheoireachta agus áiseanna físiúla agus teicniúla eile (Montecel & Cortez, 2002).

3.5 Oideolaíocht

Tá sé áitithe ag scoláirí gur gá bonn eolais agus tacar sainscileanna oideolaíocha ar leith don teagasc sa tumoideachas anuas ar chumas cainteora dúchais nó geall leis i dteanga nó i dteangacha an teagaisc (Day & Shapson, 1996; Fortune, Tedick & Walker, 2008; Freeman, Freeman, & Mercuri, 2005; Lyster, 2007; Snow, 1990). Féachfar go mion anois ar ghnéithe rithábhachtacha ar leith i dtéarmaí na hoideolaíochta sa tumoideachas:

- Teagasc teanga agus ábhar: Bíonn dúshlán roimh mhúinteoirí i suíomhanna tumoideachais an chothromaíocht a aimsiú idir an teanga agus an t-ábhar sa teagasc. Teastaíonn tuiscint ar an gceangal rithábhachtach idir an teanga agus an t-ábhar sa choincheap seo ina ndéantar an t-ábhar acadúil agus scileanna an dara teanga a theagasc ag an am céanna. Dá réir sin, is féidir leis an múinteoir tumoideachais cuspóirí ábhartha teanga, litearthachta agus cultúir a bhaineann leis an ábhar agus le leibhéil oilteachta a shainiú (Cammarata & Tedick, 2012; Cloud, Genesee, & Hamayan, 2000; Day & Shapson, 1996; Lyster, 2007).
- Comhtháthú an teagaisc fhoirm-dhírthe agus an teagasc atá bunaithe ar ábhar in oideolaíocht an tumoideachais, coincheap ar a dtugtar an teagasc cúitithe (Dagenais, 2008; Lyster, 2007; Lyster agus Mori, 2008): Cuimsítear leis an téarma ‘foirm’ gnéithe gramadúla, fóineolaíocha, léacsacha agus pragmatheangeolaíocha den teanga. Tá sé curtha chun tosaigh ag an lucht acadúil go bhféadfaí feabhas a chur ar chur chuige an tumoideachais ach daltaí a nochtadh a thuilleadh do theanga atá deartha go speisialta chun a n-aird a dhíriú ar fhoirmeacha gramadaí a mbíonn deacrachtaí leo (mar shampla béim sa tuin chainte agus gothaí in ionchur cainte dhírthe) agus, ag an am céanna, níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí na foirmeacha ábhartha a úsáid ar bhealach fóna (mar shampla gníomhaíochtaí arna n-ionramháil ag an múinteoir ina meallfar foirmeacha ábhartha go nádúrtha in aschur táirgiúil na ndaltaí);
- Teagasc idirdhealaithe don teanga agus an fhoghlaím uileghabhálach: Dúshlán ar leith do mhúinteoirí ná an t-idirdhealú is gá a dhéanamh sa teagasc agus sa bhfoghlaim trí mheán na sprioctheanga chun riachtanais na bhfoghlaiméoirí ó chúlaí teangeolaíochta éagsúla, cainteoirí dúchais ina measc, a shásamh (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015a; Fortune, 2011; Fortune & Tedick, 2009; Hickey, 2001). Is gá don mhúinteoir eolas ar struchtúir gníomhaíochta comharfhoghlaíma, gníomhaíochtaí grúpála agus straitéisí teagaisc ilmhódacha chun an tumoideachas a dhealú (Hickey, 2001; Ní Longaigh, 2015; Ní Shéaghdha, 2010). Tá léargas dhea-chleachtais a bhaineann le teagasc idirdhealaithe don teanga curtha ar fáil in Aguisín 3.
- Aschur teanga a spreagadh: Ní mór d’oideolaíocht an mhúinteora béim láidir a chur ar úsáid na sprioctheanga sa tumoideachas. Cuireann an úsáid nádúrtha teanga borradh faoi shealbhú teanga agus tá sé riachtanach mar sin don mhúinteoir tumoideachais úsáid na teanga a chothú agus an sprioctheanga a fhorbairt mar ghléas cumarsáide. Áirítear mar cheann de na príomhphrionsabail i dteagasc teanga rathúil an gá a bhaineann le deiseanna aschuir teanga a sholáthar don fhoghlaimeoir (Ellis & Shintani, 2014). Dar le Skehan (1998), cabhraíonn na hiarrachtaí a dhéanann foghlaiméoirí ionchur teanga níos fearr a ghiniúint;

⁹Aon chleachtas oideolaíoch a dhíríonn aird na ndaltaí ar fhoirm na teanga

- Oideolaíocht a fhreagraíonn do chultúr: Tá aird dírithe ag taighdeoirí ar a riachtanaí atá sé go mbeadh an t-eolas ag múinteoirí tumoideachais conas comhthéacsanna uileghabhálacha a chruthú maidir le teanga, litearthacht, cultúr agus foghlaim (de Jong agus Bearse, 2011; Fortune, 2011; Genesee, Paradis, agus Crago, 2010);
- Forbairt na délitearthachta: Is trí eolas domhain ar shealbhú an dara teanga a chothaítear tuiscint ar an bpróiseas trína ndéanann daltaí tumoideachais teangacha a shealbhú, tuiscint ar conas straitéisí teagaisc a dhearadh ina ndéantar dul chun cinn ar an bhforbairt teanga, agus acmhainneacht chun comhthéacs bríoch ábhartha a chruthú ina ndéantar an fhoghlaim teanga agus an fhorbairt teanga agus an délitearthacht a chur chun cinn (Lyster, Collins, agus Ballinger, 2009; Hopewell & Escamilla, 2014).

3.6 Caighdeán Teanga Na Foirne: Oiliúint Mhúinteoirí Agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Gné riachtanach a spreagann cláir thumoideachais rathúla is ea soláthar múinteoirí ag a bhfuil na hinniúlachtaí éigeantacha teanga agus cultúrtha mar aon leis na cleachtais oideolaíocha ghaolmhara. Ar an ábhar sin, tá ullmhú na múinteoirí tumoideachais rithabhachtach in éabhlóid an tumoideachais éifeachtaigh teanga. De réir na riachtanas stáit i bhformhór na gcomhthéacsanna idirnáisiúnta, is leor cáilíocht sa bhunoideachas ina ndírítear go príomha ar theagasc an ábhair chun dul i mbun teagaisc i suíomh tumoideachais (Tedick & Fortune, 2013). Is amhlaidh an scéal i bPoblacht na hÉireann. In Éirinn, is ionann cáilíochtaí múinteoirí tumoideachais agus cáilíochtaí múinteoirí nach bhfuil ag obair i scoileanna tumoideachais, cé go léirítear go comhsheasmhach sa taighde nach bhfuiltear ag freastal ar shainriachtanais múinteoirí i gcomhthéacsanna lán-Ghaeilge le soláthar reatha na hoiliúna tosaigh múinteoirí (Mac Donnacha et al., 2005; Máirtín, 2006; Ní Shéaghdha, 2010; Ní Thuairisg, 2014; Ó Ceallaigh, 2013; Ó Duibhir, 2009; Ó Grádaigh, 2015; Uí Shúilleabháin, 2015). Is é an easpa freastail a dhéantar ar mhúinteoirí tumoideachais ag leibhéal na hoiliúna tosaigh agus na forbartha gairmiúla leanúnaigh fé ndear cuid mhaith de na dúshláin a chothaítear ag leibhéal na hoideolaíochta (Ní Thuairisg, 2014). Cé go bhfuil soláthar éigin ann ag leibhéal éagsúla don tumoideachas san oiliúnt tosaigh agus sa bhforbairt ghairmiúil leanúnach (Tedick, 2008, Mac Corraídh, 2008) is léir, i gcásanna áirithe ach go háirithe, go bhfuil easnamh iomlán ann ó thaobh chothú na dtréithe gairmiúla is dual d'fheiniúlacht múinteoirí i measc mhúinteoirí iar-bhunscoile tumoideachais/teanga dúchais (Ní Thuairisg, 2014).

Tá an t-easnamh a cheaptar atá i réimsí caighdeáin teanga, oiliúint tosaigh agus forbairt ghairmiúil na múinteoirí aitheanta go mion minic sa taighde ar an tumoideachas. (May et al, 2004; Mac Corraídh, 2008; Mac Donnacha et al, 2005, Ní Thuairisg, 2014; Ó Ceallaigh, 2013; Ó Duibhir, 2009).

- Tá sé rithabhachtach gur úsáideoir inniúil na tumtheanga atá sa mhúinteoir 'tumoideachais', agus go léiríonn sé/sí eiseamláir den tumtheanga mar aon le réimse leathan ardscoileanna agus ard-inniúlachtaí teanga lena gcuimsítear eolas ar léacsacan sainiúil, gramadach, séimeantaic, ortagrafaíocht, fóineolaíocht, sochtheangeolaíocht, mar aon le teanga a bhaineann go sainiúil le disciplín (Hult & King, 2011; May et al., 2004; Wong-Fillmore & Snow, 2002).
- Anuas air sin, is gá go dtuigean múinteoirí tumoideachais conas an t-eolas faisnéiseach ar an tumtheanga a aistriú ina thascanna oideolaíocha éifeachtacha. Tuigimid nach amhlaidh a bhíonn i gcónaí, gur foghlaimoirí teanga mórán de na múinteoirí (Mac Corraídh, 2008; May et al, 2004; Ó Duibhir, 2009) agus fiú i gcás mhúinteoirí gur cainteoirí dúchais iad, bíonn easnamh teanga agus eolas neamhleor i gceist i gcás an teagaisc ábhair tríd an sprioctheanga (Ó Ceallaigh, 2013) agus cuireann a n-easpa cruinnis sa sprioctheanga imní ar na múinteoirí féin go minic (Day & Shapson 1996, Ó Ceallaigh, 2013).
- Tá de chúram gairmiúil ar mhúinteoirí tumoideachais an ghnóthachtáil acadúil a chur chun cinn agus, ag an am céanna, oilteacht agus forbairt na litearthachta in T2 a áirithiú. Tá sé soiléir gur gá dul i muinín straitéisí teagaisc atá éagsúil go maith ó na straitéisí a úsáidtear i dteagasc sa mháthairtheanga chun ábhar a theagasc do dhaltaí tumoideachais nuair nach bhfuil acu ach oilteacht teoranta sa teanga. Teastaíonn ullmhú múinteoirí agus forbairt ghairmiúil ar scála mór le bheith in ann aghaidh a thabhairt ag an am céanna ar an ábhar, ar an teanga agus ar fhorbairt na litearthachta trí mheán T2 na ndaltaí (Lyster & Tedick, 2014). Dá bhrí sin, is cosúil go dteastaíonn bonn eolais riachtanach, tuiscintí doimhne agus inniúlachtaí rithabhachtacha ó mhúinteoirí tumoideachais, anuas ar a mbíonn ag teastáil i ngnáthsheomraí ranga príomhshrutha (Baker, 2003; Cammarata & Tedick, 2012; Lyster, 2007; Ó Ceallaigh, 2013).

3.7 Teagasc Córasach & Úsáid Na Mórtheanga Sa Tumoideachas

Bíonn roinnt tumchlár ann a thosaíonn amach leis an méid teagmhála agus is féidir le T2 agus ansin cuirtear leis an méid den churaclam a mhúintear trí T1 diaidh ar ndiaidh. Bíonn deighilt rí-shoiléir ann i gcónaí, ámh, idir na teangacha teagaisc - seo gné ríthábhachtach de thumchlár, agus cinntítear dá bharr nach ndéantar T2 a chomhchuísiú le T1. Is ceist í do chleachtóirí an tumoideachais cathain gur cheart múineadh na mórtheanga a thosnú agus cén úsáid gur cheart a bhaint aisti ag múineadh na mionteanga. Mar a pléadh thuas faoi Fairsinge an Tumtha i Mír 3.1, is dea-chleachtas idirnáisiúnta é gan tosnú ag múineadh na mórtheanga go dtí an tríú/ceathrú bliain sa bhunscoil. Ceist eile is ea cén úsáid gur cheart a bhaint as an mórtheanga (tar éis pé uair go dtosnaítear á múineadh) nuair atáthar ag múineadh na mionteanga. Go minic ní bhíonn mórán treorach ina leith seo agus is saghas “eilifint sa seomra” (Ó Ceallaigh, 2016) a bhíonn i gceist do mhúineoirí nó bíonn eagla ar mhúinteoirí tumoideachais an mórtheanga a úsáid chun rudaí éagsúla casta a mhíniú (Mac Corraidh, 2008). Baineann daltaí úsáid as T1 sna céimeanna tosaigh sa tumoideachas, ach glactar leis go n-aistroidh daltaí i dtreo T2/na teanga tumoideachais le himeacht ama. I ndáiríre, i gcás daltaí maithe sa chóras tumoideachais, fuarthas amach go dtagann méadú ar an úsáid a bhaineann siad as T1 na scoile le himeacht ama agus caidreamh á dhéanamh acu lena chéile (Tarone agus Swain, 1995; Ó Duibhir, 2009). Meabhraíonn Ellis agus Shintani (2014) rogha fhoriomlán teanga na múinteoirí ag brath ar bheartas institiúide, leibhéal inniúlachta na ndaltaí, ábhar acadúil casta agus ar a úsáidí atá T1 dar leis an múinteoir féin.

Níos mó ná riamh, tá taighdeoirí ar an oideachas sa dara teanga ag éileamh go n-úsáidfí cleachtais oideolaíocha trasteangaithe i gcláir dhátheangacha/thumoideachais chun foghlaimeoirí dátheangacha agus a múinteoirí a spreagadh le leas a bhaint as a n-acmhainní teanga ar fad (mar shampla Canagarajah, 2011; Cummins, 2014; García & Wei, 2014). Bheadh sé réasúnta a áireamh i gcás an tumoideachais do theanga dúchais/oidhreacht/mhionlaigh, teanga nach ndéantar sealbhú iomlán uirthi in aon áit, fiú i measc na gcainteoirí dúchais (Lenoach, 2012, Pétervary et al., 2014) nach bhfuil an saghas seo trasteangaithe oiriúnach go dtí go bhfuil ar a laghad an tairseach teanga sa teanga dúchais sroichte (seo aois 8 mbliana dar le Montrul, 2008).

Tá méid áirithe dea-chleachtais i dtaca le húsáid/teagasc na mórtheanga sonraithe sa litríocht:

- Tá an-tacaíocht sa litríocht do scileanna litearthachta a theagasc sa sprioctheanga sula dtosnaítear ar na scileanna seo a mhúineadh sa mhórtheanga (Cloud et al, 2000);
- I bhformhór na gcásanna tumoideachais bíonn teagasc foirmeálta na mórtheanga tosnaíthe nuair a shroicheann na daltaí an ceathrú bliain sa tumoideachas (Baker, 2001);
- Ní chuireann luath-thumadh iomlán sa sprioctheanga (dhá bhliain) isteach in aon chor ar shealbhú agus gnóthachtáil acadúil na mórtheanga. (Genesee, 1987; Lindholm-Leary, 2001, Ó hAiniféin, 2007);
- Tá gá le teagasc córasach na mórtheanga chun traschur scileanna a chinntiú (Cummins, 2000);
- Is gá an mórtheanga a theagasc mar T1 do chainteoirí na mórtheanga agus mar T2 do chainteoirí na sprioctheanga. Tá cur chuige éagsúil i gceist leis an dá mhodh seo;
- Tá gá le córas chun clár cuimsitheach léitheoireachta sa dá theanga a spreagadh sna daltaí ón uair go dtosnaítear ar theagasc na mórtheanga. Tá gá le scríbhneoireacht rialta agus cuimsitheach a spreagadh sa dá theanga le linn an chórais tumoideachais ón uair go dtosnaítear ar theagasc na mórtheanga (Cummins, 2000).

3.8 Nasc Le Pobal/Teaghlach

Mar atá pléite cheana, tá i bhfad níos mó i gceist leis an tumoideachas/oideachas sa teanga dúchais ná daltaí a mhúineadh tríd an dara teanga nó tríd a gcéad teanga atá faoi bhrú. Is léir gur múnla oideachais é atá i bhfad níos leithne ná teanga na scoile fiú. Is coincheap é, de réir na litríochta idirnáisiúnta, atá fréamhaithe in iarrachtaí an teanga a chur chun cinn mar theanga chairdrimh na ndaltaí, mar theanga theaghlaigh agus mar theanga an phobail (Ní Shéaghdha, 2010). Tá an tábhacht a bhaineann le bá don tumoideachas/oideachas sa teanga dúchais a chothú i measc an phobail agus i measc na dtuismitheoirí aitheanta cheana ag taighdeoirí an dea-chleachtais (Lindholm-Leary, 2005; Mac Corraidh, 2008; May et al, 2006). Tá an nasc atá ag an scoil/córas le tuismitheoirí na scoile agus leis an bpobal ríthábhachtach san earnáil seo agus é seo aitheanta go maith anois sa Pholasáí don Oideachas Gaeltachta. Nuair a bhíonn

baint lárnach ag tuismitheoirí agus baill an phobail leis an scoil bíonn dea-thionchar aige seo ar thorthaí acadúla na bpáistí, go háirithe i gcás leanaí a labhrann an teanga mhionlaigh (Cloud et al., 2000). Na dea-chleachtais a bhfuil léargas orthu sa litríocht i dtaca leis an bpobal agus tuismitheoirí na scoile ná:

- Tacaíocht láidir tuismitheoirí don chlár tumoideachais/oideachas sa teanga dúchais a chothú sa scoil (Lindholm-Leary, 2005; May et al., 2004);
- Tacaíocht láidir ón bpobal i gcoitinne agus ó shárchainteoirí ach go háirithe a chothú don chlár atá i bhfeidhm sa scoil (May et al., 2004);
- Mórán gníomhachtaí idir scoil agus baile a chothú (léitheoireacht, tionscadail etc). (Lindholm-Leary, 2005);
- Tograí idir daltaí agus seandaoine/sárchainteoirí sa phobal a chur chun cinn chun saibhreas teanga agus meas ar an gclár tumoideachais/oideachas sa teanga dúchais a spreagadh (May et al., 2004; Ní Shéaghdha, 2010);
- Timpeallacht fháiltiúil do gach tuismitheoir/ball pobail atá teanga lárnaithe (sprioctheanga) a chur chun cinn ar scoil (Lindholm-Leary, 2005);
- Múinteoirí/foirne na scoile a mhealladh i mbun oibre leis an bpobal/le daltaí na scoile i measc an phobail, lasmuigh d'am scoile (Comhairle na Gaelscolaíochta, 2009);
- Ionadaithe tuismitheoirí a bheith gníomhach i gcothú tuiscintí an tumoideachais (m.sh ranganna sa sprioctheanga a eagrú, buntáistí an tumoideachais agus an luaththumadh iomlán a mhíniú do thuismitheoirí) i measc na dtuismitheoirí agus tacaíocht a fháil ón bpobal don chlár/scoil (Lindholm-Leary, 2005).

3.9 Úsáid Na Teanga Go Sóisialta Agus Lasmuigh Den Scoil

Féadfaidh an meon i gcultúr chainteoir dúchais na tumtheanga a bheith an-éagsúil ó chomhthéacs amháin go comhthéacs eile agus ó chlár oideachais amháin go clár eile. Ó thaobh athneartú teanga de, ní féidir an cultúr agus an teanga a idirscaradh óna chéile. Deirtear go bhfoghlaimítear an teanga ionas gur féidir leis an gcultúr maireachtáil agus bláthú. I gcomhthéacs 'athneartú teanga' ní bhíonn dúthracht níos lú ann i measc tuismitheoirí agus daltaí cé gurb í T2 an sprioctheanga, sa mhéid go ndaingníonn naisc láidre chultúir, mhothúchána agus pholaitiúla an teanga agus an cultúr le féiniúlacht na ngrúpaí sin. Bunaidhm agus fealsúnacht láidir de chuid an tumoideachais/oideachas sa teanga dúchais ná labhairt shóisialta na sprioctheanga a chur chun cinn. Bíonn sé mar aidhm aige úsáid shóisialta na sprioctheanga a chothú i measc na ndaltaí leo féin, ina ngnáthshaol teaghlach agus lasmuigh de sin sa phobal (Comhairle na Gaelscolaíochta, 2009). Tá sé seo ar cheann de na gnéithe is dúshlánaí ar fad i réimse an tumoideachais/oideachas sa teanga dúchais toisc gurb í an mhórtéanga is mó a labhrann daltaí le chéile i gclár tumoideachais/oideachas sa teanga dúchais (Fortune, 2001, Fortune & Jorstad, 1996). Tá sé fíorthábhachtach a bheith dírithe ar dhea-chleachtais i leith úsáid shóisialta na teanga a spreagadh toisc mar a sonraíodh cheana is trí theanga a úsáid/a labhairt go sóisialta a tharlaíonn an sealbhú (Ó Laoire, 2016) agus ar an iomlán mura bhfuil polasaí teanga dírithe ar úsáid na teanga, teipfidh ar an bpolasaí teanga (Potowski, 2004). Seo a leanas roinnt de na dea-chleachtais chun daltaí a spreagadh i mbun an sprioctheanga a labhairt ina measc féin agus go sóisialta:

- Ionchas láidir a bheith ann i bpolasaí na scoile/an chlár go mbeidh labhairt na sprioctheanga mar chuid den chlár oideachais (Mac Donnacha et al, 2005; Péterváry et al., 2014);
- An polasaí seo a chur i bhfeidhm trí fheachtais scoile difriúla a chuireann béim ar atreisiú dearfach agus moladh/duaiseanna a thabhairt do scoláirí as an sprioctheanga a úsáid (Ní Shéaghdha, 2010);
- Ról lárnach a thabhairt do na daltaí is sine ar scoil (na daltaí is lú a úsáideann an sprioctheanga go sóisialta) maidir le cur i bhfeidhm an pholasaithe/an fheachtais seo (Aldedoa & Gardner, N., 2002; Ó Duibhir, 2009; Tarone & Swain 1995);
- Béim a chur ar an nasc leis an bpobal teanga nó éinne sa cheantar a labhrann an sprioctheanga agus iad a úsáid ar bhonn rialta ar scoil chun an teanga labhartha a chur chun cinn sa scoil (Péterváry et al., 2014);
- Cuntóirí teanga/múinteoirí a úsáid i slí chruthaitheach sa chlós/ag am imeartha leis na leanaí ag imirt leo agus ag sóisialú leo chun an chinntiú gurb í an sprioctheanga a bheidh in úsáid agus chun nadúrthacht shóisialta na teanga sin a chothú (Ní Shéaghdha, 2010);

- Bainistiú a dhéanamh ar an úsáid teanga nuair a bhíonn foghlaimoirí agus cainteoirí dúchais na sprioctheanga meascaithe le chéile, freagracht a thabhairt do dhaltaí ar leith chun a chinntiú gurb í an sprioctheanga a bheidh in úsáid (Péterváry et al., 2014);
- Clár tacaíochta/Plean Teanga a aontú idir an scoil agus an Rialtas/Roinn Oideachais, mar an Clár ULIBARRAI i dtír na mBascach a bhfuil cur síos ag Ó Duibhir et al, 2015, air. Is plean teanga é seo chun úsáid na Bascaise ar scoil (mar theanga shóisialta san áireamh) a chur chun cinn trí phairtnéireacht a chothú ón mbarr anuas agus ón mbonn aníos. Tá a leithéid céanna d'fhealsúnacht laistiar den phróiséas pleanála teanga atá i bhfeidhm sa Ghaeltacht i láthair na huaire.

3.10 Tacaíocht Stáit & Acmhainní

Ní foláir do na múinteoirí, na daltaí, na riarthóirí agus na polaiteoirí a bheith dúthrachtach ionas go mbeidh rath ar aon chomhthéacs tumoideachais. Bíonn fealsúnacht nó idé-eolaíocht ar leith tumoideachais ina bonn is taca leis an dúthracht sin. Bíonn tionchar ag an gcomhthéacs sochpholaitiúil ar an bpróiséas. Sa mhéid go mbíonn níos mó ama agus díograise ag teastáil ó dhaltaí agus ó mhúinteoirí araon chun bheith ag obair trí mheán T2 na ndaltaí, agus sa mhéid go mbíonn gá le breis acmhainní, bíonn gá le leibhéal ard dúthrachta ó gach duine i gceist - tuismitheoirí, múinteoirí, daltaí, oideoirí múinteoirí agus lucht déanta beartas (Johnson & Swain, 1997). Is soiléir go bhfuil ualach mór oibre ar bhainistíocht, ar fhoireann agus ar mhúinteoirí an tumoideachais/oideachas sa teanga dúchais. Sa seomra ranga bíonn teanga agus ábhar le teagasc ag na múinteoirí seo san áit nach mbíonn ach ábhar le teagasc ag múinteoirí atá i scoileanna aonteangacha. Anuas air sin, tá spriocanna agus aidhmeanna an tumoideachais i bhfad níos leithne ná cleachtais an tseomra ranga féin agus is léir go bhfuil ionchas ann go mbeidh ról i bhfad ilghnéithí ag múinteoirí sa chóras seo ná díreach a bheith ag teagasc sa seomra ranga. Cruthaíonn sé seo brú breise don bhfoireann, go háirithe nuair a bhraitheann múinteoirí nach bhfuaireadar oiliúint chuí chun deileáil leis an suíomh seo agus nuair a bhraitheann siad nach bhfuil dóthain acmhainní agus áiseanna teagaisc ar fáil don suíomh ina bhfuil siad ag obair (Ó Duibhir, 2006; Tedick, 2008). Ciallaíonn sé seo go bhfuil tacaíocht, ag leibhéal riaracháin áitiúil agus stáit, thar a bheith tábhachtach chun córas éifeachtach a chruthú in earnáil an tumoideachais/oideachas sa teanga dúchais. Seo an saghas tacaíochta atá tábhachtach de réir na litríochta idirnáisiúnta ar an gceist:

- Polasaí lárnach stáit (deartha bunaithe ar thaighde sa réimse) a threorach, a shainmhíneodh agus a leagfadh curaclam cuí amach do na múnlaí éagsúla tumoideachais/ oideachas sa teanga dúchais (Lindholm-Leary, 2005; May et al., 2004);
- Go mbeadh féidearthachtaí ann go bhféadfaí an córas a theorú ag leibhéal áitiúil chomh maith. Go mbeadh an t-údarás oideachais áitiúil (nó údarás teanga/oideachais) freagrach as riarach agus bainistiú an chórais ag leibhéal áitiúil, mar a tharlaíonn sa Bhreatain Bheag, sa bhFionnlainn agus i gCeanada. Tugann sé seo deis cinntí tumoideachais/oideachas sa teanga dúchais a dhéanamh ag leibhéal áitiúil ag brath ar an gceantar (Ó Duibhir et al., 2015);
- Tá tacaíocht i bhfoirm maoinithe riachtanach chun an oiliúint chuí a chur ar mhúinteoirí (May et al., 2004);
- Maoiniú leordhóthaineach a chur ar fáil chun a bheith ag cruthú áiseanna ar bhonn leanúnach don tumoideachais/oideachas sa teanga dúchais (Lindholm-Leary, 2005; Mac Corraigh, 2008; Mac Donnacha et al., 2005);
- Tuiscint don obair bhreise atá le déanamh i suíomhanna tumoideachais a léiriú agus tacaíocht dá réir a chur ar fáil .i. i bhfoirm breis mhúinteoirí a chur ar fáil don chóras agus breis maoinithe/ aitheantais a chur ar fáil;
- An córas tumoideachais/oideachas sa teanga dúchais a chomhtháthú leis an bPleanáil Teanga áitiúil i ngach ceantar, go mbeadh na heagrais eile stáit agus pobail ag tacú leis an scoil i gcur chun cinn na teanga, mar atá ag tarlú i dtír na mBascach (Ó Duibhir et al., 2015) agus tríd an bpróiséas pleanála teanga sa Ghaeltacht in Éirinn.

Is i gcomhthéacs na ndea-chleachtas seo go léir atá sonraithe sna catagóirí thuas a phléifear an obair pháirce a rinneadh i measc mhúinteoirí agus phríomhoidí scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna in Éirinn. Déanfar anailís ar an obair seo i gCaibidil a Cúig. Ar dtús i gCaibidil a Ceathair, tabharfar cuntas ar mhodheolaíocht an taighde pháirce.

4: Modheolaíocht

4.1 Réamhrá

Déanann an chaibidil seo léiriú ar an bpróiseas modheolaíochta a cuireadh i bhfeidhm. Ar dtús, tugtar léargas ar an gcreat teoiriciúil agus ar na claontaí fealsúnachta atá mar bhonn agus mar thaca ag an staidéar seo. Soiléirítear ceist na taighde, an sampla agus modh bailiúcháin eolais. Pléitear chomh maith an cur chuige anailíseach agus gnéithe sonracha eiticíúla.

4.2 Paraidím Taighde

Paraidím léirmhínteach is mó atá mar bhonn eolais faoin staidéar taighde seo, agus baintear leas ann as prionsabail chriticiúla na heirméineoataice mar threoir don tionchar a d'fhéadfadh a bheith leis chun athruithe a bhaint amach. De réir na paraidíme léirmhíneithí, tá nasc idirghníomhach idir an taighdeoir agus na daoine nó na hábhair ar a bhfuil an taighde á dhéanamh; léirítear luachanna go follasach agus tagtar ar thorthaí. Ní hamháin gurb é is aidhm leis an staidéar seo teacht ar na tuiscintí nó ar na bríonna léirmhínteacha a bhaineann le cleachtais agus peirspictíochtaí na múinteoirí tumoideachais i ndáil le dea-chleachtais an tumoideachais san oideachas lán-Ghaeilge. Mar thoradh ar thuiscintí níos fearr nó ar bhrí níos mó, d'fhéadfadh an staidéar seo feabhas agus claochlú a chur ar chleachtais san oideachas lán-Ghaeilge trí mhachnamh criticiúil ar na bríonna nochta sin. Taighde cáilíochtúil atá ann. Bíodh is go bhféadfaí léargas a fháil ar dhearcthaí le modhanna cainníochtúla, amhail ceistneoir, is é croí an staidéir seo tuiscint a fháil ar bhunchlocha agus ar impleachtaí féideartha chleachtas na múinteoirí tumoideachais.

4.3 Ceist Taighde

Tá sé mar aidhm ag an taighde seo dea-chleachtais do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile-oileánda a aithint ar mhaithe le critéir aitheantais a leagadh síos don earnáil. Is de réir dearcadh múinteora eolaigh agus dearcadh atá fréamhaithe sa seomra ranga a fhéachtar ar na gnéithe sin. Mar sin, tá an staidéar seo dírithe ar thaithí iarbhrí múinteoirí tumoideachais agus déantar iarracht ann an tuiscint atá againn ar dhea-chleachtais an oideachais lán-Ghaeilge a mhéadú trí iniúchadh a dhéanamh ar gceist seo a leanas atá ag croílár an staidéir taighde:

- Cad iad na dea-chleachtais do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile Éireann?

Ar mhaithe le breis soiléireachta, rinneadh iarracht an cheist taighde a chíoradh trí fho-cheisteanna a chur agus a fhreagairt, mar shampla:

- Cén tuiscint atá ag múinteoirí in earnáil an oideachais lán-Ghaeilge ar na bunchlocha agus ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le gnéithe rithabhachtacha dá gcleachtais i ndáil le dea-chleachtais an oideachais lán-Ghaeilge?
- Cad iad na critéir aitheantais chuí um dhearbhu cáilíochta?
- Conas is féidir le múinteoirí na dea-chleachtais seo a fheidhmiú go praiticiúil ina gcuid seomraí ranga

4.4 Sampla

Beartaíodh rannpháirtithe a roghnú ó scoileanna lán-Ghaeilge in Éirinn le próifílí éagsúla chun chur le fairsingeacht an taighde. Roghnaíodh na scoileanna go cúramach de réir critéir áirithe lena léirítear na hathróa éagsúla oideachais agus sochdhéimeagrafacha atá le fáil i scoileanna lán-Ghaeilge. Cuimsíodh na nithe seo a leanas sna critéir a úsáideadh chun scoileanna lán-Ghaeilge a roghnú:

- Méid na scoile;
- Cúlra sochtheangeolaíochta (mar shampla, scoil sa Ghaeltacht, scoil lasmuigh den Ghaeltacht);

- Suíomh geografach (mar shampla, scoil bheag tuaithe, scoil chathrach, scoil atá lonnaithe i gceantar faoi mhí-bhuntaiste);
- Líon blianta ó bunaíodh an scoil;
- Éiteas na scoile;
- Stádas socheacnamaíoch an phobail scoile.

D'fhreastail gach scoil roghnaithe ar phobal a bhí rud beag éagsúil lena chéile mar gheall ar shuíomh, ar éiteas agus ar bheartas na scoile lena rialaítear roghnú agus clárú. Tá próifíl na rannpháirtithe ar fáil i dtábla 4.1.

Tábla 4.1: Próifíl na rannpháirtithe

Cineál scoile/Réigiún	Líon na mbunscoileanna	Líon na n-iarbhunscoileanna	Múinteoirí Bunscoile	Múinteoirí Iar-Bhunscoile	Líon na Múinteoirí
Baile Átha Cliath agus Máguaird (Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí)	8	3	14	23	37
Gaeltacht & Cathair na Gaillimhe (Scoileanna Gaeltachta + Gaelcholáiste amháin)	7	3	7	17	24
Gaeltacht & Co. Dhún na nGall (Scoileanna Gaeltachta + Gaelcholáiste amháin)	8	2	8	7	15
Gaeltacht Chúige Mumhan (Scoileanna Gaeltachta)	10	2	17	16	33
Tuaisceart Éireann (Gaelscoileanna)	3	2	3	8	11
Iomlán	36	12	49	71	120

4.5 Fócasghrúpaí agus agallaimh pháirtstruchtúrtha

Baineadh úsáid as fócasghrúpaí agus agallaimh leathstruchtúrtha chun eolas a bhailiú agus chun léargas a fháil ar cheist an taighde. Sa tslí seo, tugadh guth do na rannpháirtithe agus bhí saoire acu a bpeirspictíochtaí ar dhea-chleachtais an tumoideachais lán-Ghaeilge a léiriú go hoscailte. Faoi mar a chuaigh na hagallaimh ar aghaidh, tháinig na múinteoirí féin suas le ceisteanna breise nó comhlántacha, agus ba dhlúthchuid de thorthaí an staidéir iad sin. Soiléiríodh leis an bpróiseas agallaimh solúbtha sin gnéithe tábhachtacha, dar leis na múinteoirí tumoideachais, maidir lena bprionsabail chreidimh, a n eolas, a dteoiricí, a dtuiscintí agus a bpeirspictíochtaí i ndáil le dea-chleachtais an tumoideachais sa chomhthéacs lán-Ghaeilge a mhíniú agus a thuiscint.

Rinneadh agallaimh ag leibhéal na h-iarbhunscoile (12 iarbhunscoil a bhí páirteach sna cúig cheantar taighde) le príomhoidí, le baill na bhfoirne bainistíochta inscoile, le múinteoirí, ina measc múinteoirí i gcomhthéacs an oideachais speisialta agus le cúntóirí teanga. Cuireadh 71 agallamh ar mhúinteoirí agus príomhoidí iar-bhunscoile ó chomhthéacsanna éagsúla an oideachais lán-Ghaeilge thuaidh agus theas. Eagraíodh 5 fhócasghrúpa ag leibhéal na bunscoile le freastal ar 49 rannpháirtithe ó chomhthéacsanna éagsúla (36 bhunscoil) an oideachais lán-Ghaeilge (Gaeltacht agus lamsuigh di) thuaidh agus theas. Úsáideadh prótacal ceisteanna neamhiata agus tochailtí roghnacha chun na hagallaimh a struchtúru. Tá sampla de na cineálacha ceisteanna le fáil in Aguisín 2. Ceisteanna ginearálta a cuireadh i dtosach, agus cuireadh ceisteanna níos sonraí ina dhiaidh sin.

4.6 Eitic

Aithnítear go bhfuil prótacal íogaireacht agus cur chuige eiticiúil ag baint le gach gné den taighde cáilíochtúil, ó phleanáil go tuairisciú. I gcás an taighde seo, soláthraíodh réasúnaíocht an taighde do na rannpháirtithe leis an dtuiscint gur féidir leo tarraingt siar roimh ré. Tugadh deis do na rannpháirtithe impleachtaí dá rannpháirtíocht sa staidéir a phlé. Gealladh rúndacht na sonraí a bailíodh agus deimhníodh príobháideacht agus anaithnideacht na rannpháirtithe trí fhaisnéis aitheantais a bhaint de na sonraí agus ainmneacha cleite a úsáid nuair ba ghá. Athraíodh ainm na scoile sa chaoi is nach féidir í a aithint agus tugadh gealltanais nach mbeadh aon duine nó scoil ainmnithe sa cháipéisíocht.

Sainathníodh na rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Tugadh léiriú ar choimeád na sonraí ar bhonn anaithnid agus dúradh leis na rannpháirtithe cérbh iad na daoine go mbeadh fáil acu orthu: feitheoir, teangeolaithe agus oideachasóirí. Tugadh gealltanais go gcoimeádfai na taifid faoi rún, go ndéanfar iad agus sonraí eile a stóráil go sábháilte agus a scrios nuair a bheadh an taighde curtha i gcrích.

4.7 Anailís ar an Eolas

Rinneadh an t-ábhar ar fad a thras-scríobh. Cuireadh próiseas códúcháin agus anailíse i bhfeidhm chun patrúin, téamaí agus pointí nasctha a aithint. Cuardaíodh téamaí athfhillteacha trí dhianscagadh a dhéanamh ar théamaí aitheanta. Úsáideadh meamram chun tuairimí a chlárú agus rinneadh na téamaí a chatagóiriú. Thug an catagóiriú deis coincheapa a ghiniúint, comparáidí agus contrárthachtaí a aithint agus príomhthéamaí a chomhtháthú le chéile.

4.8 Cáilíocht, Bailíocht agus Iontaofacht

Sa staidéir cáilíochtúil seo, cuireadh bailíocht chun cinn trí chomhfhreagairt idir na ceisteanna taighde, an chur chuige modheolaíochta, na sonraí, an anailís agus an conclúid. Rinneadh gach iarracht torthaí iontaofa a chur ar fáil trí chomhsheasmhacht a chinntiú i ngach gné den taighde. Ba ag na rannpháirtithe an rogha cén eolas a roinnfidís. Baineadh úsáid as sonraí a d'eascair as foinsí éagsúla chun taighde oibiachtúil a sholáthair.

4.9 Conclúid

Is é cuspóir na caibidle seo ar an modheolaíocht soiléiriú agus cur síos a thabhairt ar an gcaoi ar tugadh faoin staidéar taighde seo chun dul i ngleic le haidhm an taighde .i. scagadh a dhéanamh ar pheirspictíochtaí agus ar chleachtais múinteoirí tumoideachais i ndáil le dea-chleachtais.

5: Dea-Chleachtais An Teagaisc Trí Ghaeilge In Éirinn: Dearcadh An Mhúinteora Eolaigh

5.1 Réamhrá


Ba í an aidhm a bhain leis an obair pháirce a rinneadh mar chuid den togra seo sna cúig cheantar taighde a sonraíodh i dTábla 4.1 i gCaibidil a 4, ná léargas a chaitheamh ar na dea-chleachtais atá i bhfeidhm i sampla de bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna atá ag teagasc trí Ghaeilge in Éirinn. Ba é a bhí laistiar den taighde ná go bhféadfaí na dea-chleachtais seo a roinnt ar chleachtóirí na hearnála tumoideachais chun go bhfeidhmeoidís mar chosaint ar na dúshlán a bhfuil curtha síos orthu go minic i measc taighdeoirí an teagaisc trí Ghaeilge.

Léirigh toil na scoileanna agus na múinteoirí go léir páirt a ghlacadh san obair pháirce a deineadh i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna sa Ghaeltacht agus i nGaelscoileanna agus i nGaelcholáistí lamsuigh den Ghaeltacht go bhfuil fonn ar mhúinteoirí a bheith rannpháirtíoch i bpróiseas mar seo. Cé gur léirigh roinnt múinteoirí tuirse áirithe a bheith ag plé ceist na ndúshlán a bhaineann lena gcuid oibre ag teagasc trí Ghaeilge agus go mbraitheann a lán acu nach bhfuil dóthain tacaíochta stáit ar fáil dóibh, ar an iomlán bhí na múinteoirí an-sásta bualadh linn agus a gcuid dea-chleachtais a roinnt. Bhí tuiscint láidir le braithsint ina measc go raibh gá le struchtúr agus fóram foirmeálta roinnt dea-chleachtais ina measc a bheadh ar leas forbartha na hearnála agus ar leas teanga agus oideachais na ndaltaí. Is comharthaí andhearfach don earnáil an líon múinteoirí (120 múinteoir ar fad) agus an líon scoileanna (48 scoil ar fad) a ghlac páirt sa togra seo agus a roinn a gcuid eolais linn.

Bailíodh roinnt mhaith samplaí de dhea-chleachtais ó na múinteoirí agus ó na grúpaí fócais go léir a ghlac páirt sa taighde, dea-chleachtais go bhféadfaí a roinnt i gcatagóirí nó réimsí de reir mar atá sonraithe sa litríocht idirnáisiúnta a bhfuil cur síos orthu i gCaibidil a 3 (an léirmheas litríochta) thuas. Chun dea-chleachtais mar seo a roinnt níos leithne agus níos foirmeálta i measc cleachtóirí na hearnála, bheadh tacaíocht mhór ag teastáil ó na scoileanna agus na múinteoirí i bhfoirm struchtúr, ceannaireachta, acmhainní, saineolais, agus riaracháin.

Tháinig sé chun cinn ag nach mór gach cruinniú agus gach agallamh gur bhraith na múinteoirí go bhfuil bearna mhór nó easpa sprice sainmhíntithe ann i gcás fheidhmiú dea-chleachtais na hearnála. In iarracht an caighdeán is airde a bhaint amach san oideachas lánGhaeilge in Éirinn, braitheann na múinteoirí gur easnamh mór é nach bhfuil an sprioc nó an fhís atá le baint amach leagtha síos nó sainmhíntithe a dhóthain don earnáil. Níl éinne cinnte cén caighdeán nó cén saghas forbartha go bhfuiltear ag súil leis ag deireadh gach staid ar an gcontanam tumoideachais. Cad leis atáimid ag súil ó thaobh chaighdeán na Gaeilge ag deireadh thréimhse na bunscolaíochta nó ag deireadh thréimhse na h-iarbhunscolaíochta? In ainneoin na doiléireachta seo, tá an tuiscint choiteann ann go bhfuil sé mar sprioc ag an earnáil an caighdeán is airde Gaeilge gur féidir a fhorbairt i measc na ndaltaí mar aon le nosmhaireachtaí úsáide na teanga a uasmheadú agus sároideachas a sholáthar ag an am céanna. Is chuige seo atá na dea-chleachtais á gcur i bhfeidhm agus le cur i bhfeidhm trasna na réimsí dúshlán eagsúil, mar a thaispeánn Léaráid 5.1 thíos. Tá forbairt cumas agus nosmhaireachtaí úsáide na Gaeilge lárnach i bhfeidhmiú na ndea-chleachtas.

Léaráid 5.1: Na réimsí dea-chleachtais don earnáil tumoideachais (Teagasc Trí Ghaeilge) agus iad mar fheidhm acu nósmaireachtaí úsáide agus cumas teanga na ndataí a fhorbairt



5.2 Fairsinge an Tumtha

Deineadh cur síos i gCaibidil a Trí ar Fhairsinge an Tumtha mar an chéad réimse sa timthriall dea-chleachtais. Ceann de na critéir aitheantais a bhaineann leis an gcaighdeán is airde i gcumas agus nósmaireachtaí úsáidte na Gaeilge a bhaint amach is ea an leibhéal tumtha atá i bhfeidhm sa scoil, cén céatadán den teagasc atá ar siúl trí Ghaeilge, cé mhéad d'obair iomlán na scoile atá ar fáil trí Ghaeilge, cé mhéad den obair ranga (obair bhaile, scrúduithe, taighde agus téacsanna) a mholtar trí Ghaeilge, cén polasaí a bhíonn i bhfeidhm ó thaobh ócáidí seach-churaclaim agus cé na polasaithe a bhíonn i bhfeidhm ó thaobh fhorbairt na délitearthachta in iarracht le cinntiú go mbeadh an litearthacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ar chomhchéim ag daltaí ag fágaint na scoile dóibh. Ba léir sa réimse seo go raibh cleachtas éagsúil i scoileanna éagsúla ag brath ar an gcomhthéacs ina raibh sé ag feidhmiú agus ag brath ar thuiscintí na bainistíochta agus na foirne sna scoileanna. Mar sin féin, tháinig roinnt tuairimí chun cinn arís agus arís eile a bhí aitheanta mar dhea-chleachtais ag formhór na múinteoirí i dtaca leis an réimse seo, mar atá léirithe i dTábla 5.2 thíos.

Tábla 5.2 Dea-Chleachtais Ó Thaobh Fhairsinge An Tumtha

Dúshlán	Dea-Chleachtais
Polasaí scoile soiléir	Polasaí scoile an-soiléir maidir leis an méid tumadh gur gá a dhéanamh sa Ghaeilge, .i. teagasc iomlán na scoile seachas an curaclam Béarla.
Obair riaradh na scoile	Go mbeadh obair iomlán na scoile, Bord Bainistíochta, Coiste Tuismitheoirí, searmanais, ócáidí, aoichainteoirí trí Ghaeilge.
Ócáidí seach-churaclaim	Go mbeadh ócáidí seach-churaclaim na scoile á reáchtáil trí Ghaeilge chomh mór agus is féidir, turais scoile, ranganna tar éis scoile, imeachtaí le scoileanna eile, srl.
Obair ranga	- Go mbeadh an obair ranga ar siúl trí Ghaeilge. - Go mbeadh an obair bhaile ar siúl trí Ghaeilge (seachas don rang Béarla agus teangacha eile). - go mbeadh scrúduithe á ndéanamh trí Ghaeilge agus obair phraiticiúil á déanamh trí Ghaeilge.
Téacsleabhair	- Go mbeadh polasaí ag an scoil téacsleabhair Ghaeilge a úsáid nuair atá siad oiriúnach (cinneadh foirne). - An t-uasmhéid téacsleabhair/nótaí Gaeilge gur féidir a chur faoi bhráid na ndaltaí. - Leas teoranta a bhaint as téacsleabhair Bhéarla. - A bheith nuálach agus cruthaitheach i gcruthú áiseanna teagaisc trí Ghaeilge le múinteoirí eile. - Daltaí a úsáid chun áiseanna a chruthú ar líne trí Ghaeilge.
Polasaí litearthachta	- Polasaí luath-thumadh iomlán sa Ghaeilge an chéad dá bhliain sa bhunscoil chun scileanna litearthachta na Gaeilge a dhaingniú ar dtús. - Scéimeanna, feachtais agus córais pointí chun an léitheoireacht sa dá theanga a spreagadh ar chomhchéim. - Comórtais léitheoireachta agus scríbhneoireachta chun léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge a fhorbairt agus a spreagadh ar chomhchéim leis an mBéarla.

5.3 Struchtúr, Comhtháiteacht agus Pleanáil an Chláir

Tháinig dea-chleachtais chun cinn i measc múinteoirí ag na cruinnithe agus na hagallaimh a thagann fé na cleachtais idirnáisiúnta a mholtar maidir le Struchtúr, Comhtháiteacht agus Pleanáil an Chláir Tumoideachais (Teagasc trí Ghaeilge sa chás seo). Arís, ní hé go raibh na cleachtais seo go léir i bhfeidhm i ngach aon scoil a ghlac páirt sa taighde, ach tugann Tábla 5.3 léargas ar na príomhchleachtais a léargas ar na príomhchleachtais a théann i ngleic le dúshláin sa réimse seo, faoi mar a mhínigh múinteoirí áirithe. Gan ghníomhaíochtaí ná clár oibre a bhaineann le struchtúr agus pleanáil an chláir tumoideachais laistigh den scoil agus gan chomhtháiteacht ar gach leibhéal den chontanam tumoideachais ón réamhscolaíocht go

dtí an bhunscolaíocht go dtí an iarbhunscolaíocht, níl sé fuirist an caighdeán is airde a bhaint amach san earnáil dar le roinnt múinteoirí.

Tábla 5.3: Dea-Chleachtais Ó Thaobh Struchtúr, Chomhtháiteacht Agus Phleanáil An Chláir

Dúshlán	Dea-Chleachtais
Easpa ionchas teanga, caighdeán	- Plean ceart leagtha amach ag foireann na scoile maidir leis an ionchas teanga go gach rang/bliain. - An teanga gur cheart a bheith á foghlaim gach bliain, plean comhtháite ó bhliain go bliain á leagan síos.
Cleachtais dhifriúla ag múinteoirí difriúla	Comhoibriú idir múinteoirí na scoile chun leanúnachas agus struchtúr aontaithe a bhaint amach - uaireanta a chloig Pháirc an Chrócaigh a úsáid chuige seo.
Faillí maidir le dea-chleachtais a roinnt	Na múinteoirí a thabhairt le chéile chun dea-chleachtais a roinnt agus clár oideachais na scoile a phleanáil go ceimniúil trí na ranganna.
Rannóg ábhar a chomhtháthú	Múinteoirí ábhar a bheith ag obair go dlúth le chéile in iarbhunscoileanna agus i mbun cumarsáide le múinteoirí na n-ábhar sin i scoileanna eile - gréasán leictreonach cothaithe chuige sin ar mhionscála.
Struchtúr an chláir ag athrú le foireann nua	Dea-Chleachtais Struchtúr, plean agus polasaí na scoile leagtha síos an-soiléir ag leibhéal an Bhord Bainistíochta. Ní athróidh sé le príomhoide nua nó le foireann nua.
Easpa comhtháiteachta idir na leibhéil éagsúla tumoideachais (réamhscolaíocht-bunscolaíocht-iarbhunscolaíocht)	- Ceangal a chothú idir an bhunscoil agus an naíonra agus idir an bhunscoil agus an iarbhunscoil - aontú ar chaighdeán idir na leibhéil. - An réamhscolaíocht (naíonra) a bheith lonnaithe ar shuíomh na bunscoile agus leanúnachas idir polasaí teanga. - An stiúrthóir naíonra a bheith ar Bhord Bainistíochta na bunscoile. - Clár aistriú scoile (béim ar chumas teanga) idir an bhunscoil agus an iarbhunscoil. - Iarbhunscoil i dteagmháil le bunscoileanna maidir le caighdeán teanga a leagan síos don iontráil san iarbhunscoil. - Torthaí foghlamtha ceimniúil leanúnach a bheith ann ón naíonra go dtí an bhunscolaíocht go dtí an iarbhunscolaíocht lán-Ghaeilge.

5.4 Freagracht, Ceannaireacht agus Luacháil

Ag caint ar dhea-chleachtais a thabharfadh cosaint ar na dúshláin a thagann chun cinn i réimse na freagrachta, na ceannaireachta agus na luachála, mhínigh mórán múinteoirí go bhfuil sé deacair dea-chleachtais ar leibhéal na scoile sna réimsí seo a chur chun cinn nuair a bhraitheann siad nach bhfuil ann dá leithéid ar leibhéal an stáit ná na hearnála. Ceistíodh go minic ag grúpaí fócais, sa Ghaeltacht ach go háirithe, cé atá freagrach as an earnáil oideachas lán-Ghaeilge, as caighdeán na hearnála a leagan síos, as an gcaighdeán seo a shroichint agus as monatóireacht a dhéanamh ar a leithéid de phróiseas. Ar an iomlán, bhraith na scoileanna Gaeltachta nach bhfuil mórán treorach ná tacaíochta ar fáil don

earnáil ón Roinn Oideachais agus gur féidir leis an gCigireacht agus an Roinn a bheith ag obair i gcoinne na hearnála go minic. Cé gur léiríodh an-mheas ar obair COGG (An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta) agus meas ar obair na heagraíochta Gaelscoileanna (Gaeloideachas) i measc na ngaelscoileanna ach go háirithe, ardaíodh an pointe arís agus arís eile go raibh sé deacair luacháil a dhéanamh ar an gcóras nuair nach raibh spriocanna agus aidhmeanna cinnte leagtha síos don earnáil seo, an tOideachas trí Ghaeilge, ón mbarr anuas. É sin go léir ráite, cuireadh roinnt mhaith samplaí chun cinn de dhea-chleachtais atá ag feidhmiú ar leibhéal na scoile a théann i ngleic le ceannaireacht, freagracht agus luacháil éifeachtach a chur i bhfeidhm. D'fhéadfaí a bheith i bhfad níos éifeachtaí sna réimsí sin, dar leis na múinteoirí agus na ceannairí scoile, dá mbeadh ceannaireacht, treoir agus tacaíocht ar fáil ón Stát. Tá na samplaí dea-chleachtais a luaigh na múinteoirí le fáil sa tábla seo a leanas, Tábla 5.4.

Tábla 5.4: Dea-Chleachtais Ó Thaobh Freagrachta, Ceannaireachta Agus Luachála Ar Leibhéal Na Scoile

Dúshlán	Dea-Chleachtais
Easpa ceannaireachta agus freagrachta ag leibhéal na bainistíochta	- Polasaí soiléir a chothaíonn aontacht foirne chun na caighdeáin is fearr a shroichint. - Ceannaireacht a chothú ón mbarr anuas agus i measc na foirne - ceannairí rangbhlianta (bunscolaíocht) agus ceannaire ábhar (iarbhunscolaíocht) a fhorbairt chun glacadh le freagracht.
Easpa freagrachta don mhúineadh trí Ghaeilge	- Córas go gcaithfear múinteoirí ábhar oibriú le chéile chun pleananna ábhar a réiteach agus freagracht a ghlacadh don mhúineadh ábhar trí Ghaeilge. - Fochoistí laistigh den scoil chun déileáil le mórcheistean caighdeán sna mórghnéithe - litearthacht, uimhirtheacht, teanga, riachtanas speisialta.
Easpa ceannaireachta agus freagrachta idir scoileanna	Gréasán a bhunú idir scoileanna sa cheantar chun dea-chleachtais a roinnt agus freagracht a ghlacadh as caighdeán ard oideachais trí Ghaeilge a chur ar fáil go háitiúil. Caighdeán a leagan síos agus a shroichint.
Easpa uirlisí measúnaithe cuí (tástálacha caighdeánacha gan a bheith oiriúnach don nGaeloideachas, dar le roinnt mhaith múinteoirí)	- Caighdeán/slat tomhais neamhoifigiúil á leagan amach ag roinnt scoileanna iad féin - cad leis a bhfuil siad ag súil ag deireadh an chórais (bunscolaíochta agus iarbhunscolaíochta). - Coiste Litearthachta Iarbhunscoile a dhéanann measúnú ar chaighdeán Gaeilge agus Béarla na ndaltaí agus a chuireann plan gnímh le chéile chun díriú ar laigí teanga na ndaltaí. - Measúnú deartha a thástálann an Béarla agus an Ghaeilge i slí chothrom agus ní aistriú an measúnú Gaeilge ar an gceann Béarla.

5.5 An Curaclam

Ag tagairt d’oiriúnacht an churaclaim don oideachas tríd an sprioctheanga (an tOideachas lán-Ghaeilge sa chás seo), deir an litríocht idirnáisiúnta linn gur cheart go mbeadh an curaclam forbartha i slí chun teacht leis an gcaighdeán teanga atá á éileamh sa mheasúnú teanga (féach Mír 3.4). Ag cur san áireamh go mbraitheann a lán múinteoirí a ghlac páirt sa taighde seo nach bhfuil an measúnú atá á dhéanamh ar chaighdeán teanga na ndaltaí oiriúnach ná dúshlánach a dhóthain don ghaeloideachas (ar leibhéal na bunscolaíochta nó ar leibhéal na hiarbhunscolaíochta ach go háirithe), luíonn sé le réasún gur léiríodh an tuairim an-mhinic chomh maith nach bhfuil an curaclam atá leagtha síos dúshlánach go leor ó thaobh na Gaeilge de. I gcás na Gaeltachta, mhol múinteoirí bunscoile an difreálú atá déanta sa chlár Séideán Sí idir foghlaimeoirí (cainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí teanga), ach dúradh go minic nach raibh an clár seo forbartha a dhóthain agus go raibh sé dúshlánach go maith déileáil le forbairt teanga na gcainteoirí dúchais sa chóras. Ar leibhéal na hiarbhunscoile, léiríodh díomá agus frustrachas go minic leis an gcaighdeán Gaeilge atá á éileamh ag an gcuraclam Gaeilge agus míníodh go raibh sé deacair ardchaighdeán teanga a bhaint amach san earnáil toisc an caighdeán íseal atáthar ag éileamh faoin gcuraclam. Tá samplaí de dhea-chleachtais a bhaineann le réimse an churaclaim a bailíodh ó na múinteoirí a ghlac páirt sa taighde le feiceáil i dTábla 5.5 a leanas.

Tábla 5.5 Dea-Chleachtais Ó Thaobh An Churaclaim De

Dúshlán	Dea-Chleachtais
Measúnú teanga róshimplí agus curaclam róbhunúsach go háirithe ag an dara leibhéal	- Imeacht ón gcuraclam agus cur leis. - Mórán ábhar dílis sa chanúint a úsáid agus tarraing ó áiseanna/téacsanna do bhlianta níos sine. - Sárchainteoirí ón bpobal a thabhairt isteach agus daltaí a chur amach go dtí sárchainteoirí. - Gan a bheith ag múineadh don scrúdú, múin don saol.
Gan difreálú suntasach sa churaclam d’fhoghlaimeoirí éagsúla (foghlaimeoirí, cainteoirí dúchais, riachtanais speisialta)	Difreálú a dhéanamh sa rang, obair ghrúpa, tascanna difriúla ag daltaí éagsúla.
Gan dóthain béime i gcuraclam na n-ábhar ar mhúineadh na Gaeilge	Béim agus plan do mhúineadh na Gaeilge tríd na hábhair ar fad sa bhunscoil agus san iar-bhunscoil.
Curaclam teanga gan a bheith nasctha le cultúr, leis an oidhreacht agus leis an tsochtheangeolaíocht	- An Ghaeilge a mhúineadh i gcomhthéacs an chultúir, na hoidhreacht agus na sochtheangeolaíochta. - Feasacht teanga a chothú i measc na ndaltaí, ceardlanna a réachtáil faoi theangacha eile agus faoi chúrsaí sochtheangeolaíochta.
Nach bhfuil an curaclam ag feidhmiú ag leibhéal a spreagann smaointeoireacht ardleibhéil nó teanga ardleibhéil	Ceachtanna teanga a mhúineadh a spreagann ardleibhéal smaointeoireachta agus teanga, teanga shóisialta san áireamh.

5.6 Oideolaíocht (Modheolaíochtaí Teagaisc)

Tá cur síos cuimsitheach i gCaibidil a Trí (3.5) ar na dea-chleachtais oideolaíochta atá aitheanta sa litríocht idirnáisiúnta ar an tumoideachas. Aithnítear go bhfuil bonn eolais agus tacar sainscileanna oideolaíochta (modheolaíochtaí agus cur chuige) ar leith ag teastáil don teagasc trí sprioctheanga (teagasc trí Ghaeilge sa chás seo). I measc na gcatagóirí dea-chleachtais atá sonraithe sa réimse seo, tá teagasc a léiríonn oideolaíocht idirdhealaithe don teanga (teagasc teanga difriúil d'fhoghlaimeoirí difriúla), cur chuige a nascann teagasc teanga agus ábhair (an Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha), cur chuige teagaisc a bhíonn dírithe ar fhoirm na teanga (an Teagasc Foirm-Dhírithe) agus stíl teagaisc a chuireann béim ar chumarsáid sa teanga nó Aschur Teanga. Cé gur tháinig an cineál sin dea-chleachtais chun cinn anois is arís san obair allamuigh a rinneadh mar chuid den togra seo, chuir múinteoirí Gaeltachta agus gael scoile/gaelcholáistí in iúl go minic go mb'fhéidir gurbh é sin ceann de na réimse ba laige a bhí acu ó thaobh dea-chleachtais de. Miníodh nach bhfuaireadar oiliúint chuí chun oideolaíocht ar leith a fhoghlaim don tumoideachas agus go raibh pé dea-chleachtais a bhí i bhfeidhm acu sa réimse seo ag eascairt as breis oiliúna a bhí curtha ag múinteoirí áirithe orthu féin ó shin nó as noda a bhí fachtu acu ó mhúinteoirí eile nó ó scoileanna eile i dtaca le cur chuige teagaisc. Léiríonn Tábla 5.6 thíos na samplaí dea-chleachtais a tháinig chun cinn i dtaca le hoideolaíocht don Teagasc trí Ghaeilge.

Tábla 5.6: Dea-Chleachtais Ó Thaobh Oideolaíochta De

Dúshlán	Dea-Chleachtais
Leibhéal teanga na ndaltaí an-mheascaithe	- Difreálú a dhéanamh sa seomra ranga, spriocanna difriúla d'fhoghlaimeoirí difriúla, ardspricanna saibhríthe teanga do chainteoirí dúchais. - Roghanna difriúla teanga mar chuid de na ceachtanna céanna, obair ghrúpa. - Leaganacha éagsúla de na téacsanna céanna in úsáid chun ceachtanna a dhearadh. - Ranganna a scaradh ina ngrúpaí de réir cumais teanga. - Córas Droichid san iarbhuscoil chun tacú le daltaí atá lag ó thaobh na teanga. - Idirbhliain idir an bhunscoil agus an iarbhuscoil chun díriú ar scileanna teanga ar leibhéil éagsúla (an chéad bhliain den mheánscoil). - Áiseanna á n-aistriú ag múinteoirí aonair chun déileáil leis an tacaíocht foghlama/riachtanais speisialta trí Ghaeilge. - Comhoibriú idir múinteoirí tacaíochta foghlamtha atá ag obair trí Ghaeilge - gréasán beag cruthaithe i gceantar amháin. - Ionad Tacaíochta Foghlamtha mar chroílár i scoileanna áirithe ina bhfuil tacaíocht den scoth á cur ar fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla de réir mar is gá.
Ag teagasc ábhair trí Ghaeilge gan a bheith ag teagasc Gaeilge trí na hábhair	- Teagasc an ábhair (m.sh Stair, Tíreolas, Eolaíocht) agus dírithe ar theagasc na teanga an t-am ar fad. - Rannóg ábhar ar scoil i mbun pleananna chun gnéithe áirithe den teanga a mhúineadh tríd an ábhar (M.sh. Aimsir G.Ch - Stair, M. Ord - Eacnamaíocht Bhaile). - Plean scoile ar conas an Ghaeilge a mhúineadh trí na hábhair go léir. - Measúnaithe/tascanna a thástálann an teanga agus an t-ábhar le chéile (aitheantas don teanga sna marcanna). - Feasacht teanga a chothú agus focail dhifriúla ar théarmaí chun nach mbeidh deacracht ag na daltaí le páipéir scrúdaithe as Gaeilge.
Easpa cruinnis sa Ghaeilge ag na daltaí	- Polasaí ag an scoil gan glacadh le drochGhaeilge, a bheith i gcónaí dírithe ar fhoirm na teanga. - Straitéisí ranga forbartha ag múinteoirí chun na príomhbhotúin sa Ghaeilge a cheartú - díriú ar bhotún amháin gach seachtain, gach mí. - Spriocanna teanga agus gramadaí ag gach rang ar scoil, cur i láthair gach mí os comhair na scoile ar na botúin a ceartaíodh. - Cead ag daltaí Gaeilge na múinteoirí a cheartú, m.sh togra a thabhairt dóibh 10 sampla den Tuiseal Gin. míchuinn gach seachtain a aimsiú. - Straitéisí ceartaithe a athrú, féincheartú, piar-cheartú, marcanna breise do Ghaeilge chruinn in aistí staire, i dtionscadail Eolaíochta, srl.
Gá le béim ar chumarsáid trí Ghaeilge/aschur teanga/úsáid na teanga sa rang	- Teagasc spráilúil ghníomhach a dhíríonn ar an gcumarsáid (go háirithe ag tús an chórais nuair atá mórán daltaí gan aon Ghaeilge). - Ceachtanna/ranganna a chuireann béim ar ghníomhachtaí agus caint - m.sh Nuacht na Seachtaine ó gach rang a thaifeadadh agus a chraoladh ó idirchum na scoile/oifig an phríomhoide gach seachtain. - Tascanna ranga/nádúr na hoibre a bhainistiú chun a chinntiú go bhfuil mórán teanga ó bhéal in úsáid idir na daltaí do ghníomhaíochtaí an ranga. - Tionscadail ranga a chuireann na daltaí i dteagmháil le sárchainteoirí/suíomhanna nádúrtha na teanga ar bhonn rialta - m.sh. agallaimh a dhéanamh sa phobal, srl. - An teicneolaíocht a úsáid ar mhaithe le tascanna cumarsáideacha ó bhéal a chruthú - daltaí ag cruthú áiseanna beaga, i-leabhar, aipeanna, ceachtanna beaga Mata, trí Ghaeilge.

I dtaca le teagasc idirdhealaithe don teanga, cuireadh in iúl go minic, fiú sa Ghaeltacht, nach rabhthas ábalta díriú ar an saghas seo difreálaithe idir foghlaimeoirí toisc na suíomhanna casta ilranga a bhfuil na múinteoirí ag feidhmiú iontu. “Caithfear atmaisféar ranga a shábháil ar dtús agus an Ghaeilge a mhúineadh do leanaí nach bhfuil sí acu, sin an tosaíocht. Ina dhiaidh sin b’fhéidir go mbeadh an t-am ann cabhrú le cainteoirí dúchais” a mhínigh múinteoir Gaeltachta amháin. I dtaca leis na dea-chleachtais eile ó taobh cur chuige de, i gcónaí airdeallach ar chruinneas na teanga nó oideolaíocht a nascann an teagasc teanga agus ábhair, tháinig samplaí chun cinn ar bhonn aonair anseo agus ansiúd ach ní fhéadfaí a rá go raibh a leithéid i bhfeidhm sna scoileanna go forleathan.

5.7 Caighdeán Teanga na Foirne: Oiliúint Múinteoirí agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Is dúshlán idirnáisiúnta é an t-easnamh freastail atá sa chóras tumoideachais i dtaca le hoiliúint múinteoirí, lena bhforbairt ghairmiúil leanúnach agus le forbairt a dheanamh ar a gcumas teanga féin (féach Caibidil 3, 3.6). I bhformhór na gcomhthéacsanna idirnáisiúnta, is leor cáilíocht sa bhunoideachas tríd an mórtheanga ina ndírítear go príomha ar theagasc na sprioctheanga mar ábhar chun dul i mbun teagaisc i suíomh tumoideachais. An bhearna seo atá faoi ndeara cuid mhaith de na dúshláin oideolaíochta san earnáil a sonraíodh in 5.6 thuas. Arís sa togra seo, bhí an easpa oiliúna a bhí ar fáil chun déileáil leis an suíomh casta ina bhfuilid ag feidhmiú agus chun an t-eolas riachtanach a bheadh uathu don seomra tumoideachais a fhoghlaim, ag dó na geirbe ag na múinteoirí. Luadh go minic le linn na n-agallamh agus na ngrúpaí fócais go bhfuil sé mar bhac mór ag na múinteoirí dea-chleachtais sna réimsí seo a chur i bhfeidhm nuair a bhraitheann cuid acu nach bhfuil a gcaighdeán teanga féin ard a dhóthain. Chuir roinnt múinteoirí in iúl (ar leibhéal na hiarbhunscolaíochta ach go háirithe) nach saineolaithe teanga iad, nach bhfuaireadar oiliúint ná forbairt ghairmiúil chun díriú ar na gnéithe sin agus gurb é an tacaíocht is mó atá uathu anois ná a gcuid Gaeilge féin a fhorbairt. Ina ainneoin na heaspa tacaíochta ar leibhéal an Stáit (gan oiliúint tumoideachais a bheith ar fáil agus gan chóras a chinntíonn go mbeadh caighdeán Gaeilge ard a dhóthain ag gach múinteoir tumoideachais), tá roinnt dea-chleachtas molta agus i bhfeidhm sna scoileanna sna réimsí seo mar a mhíníonn Tábla 5.7 a leanas.

Tábla 5.7: Dea-Chleachtais Ó Thaobh Chaighdeán Gaeilge Na Foirne; Oiliúint Múinteoirí Agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Dúshlán	Dea-Chleachtais
Caighdeán teanga na múinteoirí	- Íoschaighdeán teanga leagtha amach sa scoil a chaithfeadh a bheith ag múinteoirí chun teagasc ann (m.sh. leibhéal B2/C1 TEG) ach deacair é seo a chur i bhfeidhm go hiomlán gan tacaíocht Stáit. - Ranganna teanga atá ábhar bunaithe ar fáil ar scoil do mhúinteoirí agus éigeantach go ndéanfaidh múinteoirí faoi bhun an chaighdeáin iad. - Tacaíocht cruthú/ceartú áiseanna teagaisc ar fáil do mhúinteoirí ar chaighdeán íseal Gaeilge. - Scéim tacaíochta/sparánachta ar fáil do mhúinteoirí chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. - Tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí gur cainteoirí dúchais iad chun an teanga a theagasc tríd an ábhar.
Oiliúint múinteoirí trí Bhéarla, easpa cleachtaidh ar an ábhar trí Ghaeilge (iarbhunscolaíocht) agus an suíomh tumoideachais (bunscolaíocht sa Ghaeltacht agus i ngaelscoileanna)	- Córas meantóireachta a cheanglaíonn múinteoirí nuacháilithe le múinteoirí le taithí na mblianta. - Speisialtóirí don teagasc trí Ghaeilge ar an talamh chun ceisteanna na múinteoirí a fhreagairt faoina gcuid ábhair trí Ghaeilge. - Córas/gréasán a cheanglaíonn múinteoirí/scoileanna chun dea-chleachtais a roinnt agus comhairle faoi ábhair trí Ghaeilge a roinnt. Comhdhearadh áiseanna agus comhaistriúchán. - Nasc foirmeálta idir scoileanna i gceantar éagsúla, m.sh. Gaelscoil agus Gaeltacht. - Brú leanúnach a choimeád ar an bhfeachtas don bhunoiliúint chuí don tumoideachas leis na modúil atá riachtanach.
Gan dóthain freastail ar mhúinteoirí tumoideachais ó thaobh forbairt ghairmiúil leanúnach	- Cúrsaí rialta a chur ar fáil do mhúinteoirí na scoile i ngnéithe a bhaineann leis an tumoideachas - m.sh. teagasc teanga agus ábhar, forbairt scileanna dé-litearthachta chomhionanna, múineadh tríd an dara teanga, tríd an gcéad teanga. - Múinteoirí a mhealladh i dtreo cúrsaí iarchéime - m.sh. M. Oid. san Oideachas lán-Ghaeilge, MA i dteagasc Teangacha. - Ceangal agus comhoibriú le múinteoirí eile/scoileanna eile.

5.8 Teagasc Córasach & Úsáid na Mórtheanga sa Tumoideachas

Tá an cheist a bhaineann le cathain ba cheart tosnú ar mhúineadh scileanna litearthachta sa mhórtheanga i gcóras tumoideachais soiléirithe go maith anois le moladh an pholasaithe lántumtha luaith (gan tosnú le scileanna litearthachta na mórtheanga go dtí an tríú bliain sa bhunscoil ar a laghad) go hidirnáisiúnta (féach Caibidil a Trí: Fairsinge an Tumtha) agus go náisiúnta (An Polasaí don Oideachas Gaeltachta). Bíonn éiginnteacht ann i gcónaí, áfach, i measc múinteoirí tumoideachais maidir leis an úsáid is ceart a bhaint as an mórtheanga (an Béarla sa chás seo) i suíomh tumoideachais (oideachais lán-Ghaeilge sa chás seo) agus go minic is saghas eilifint sa seomra a bhíonn in úsáid an Bhéarla do mhúinteoirí atá ag teagasc i scoileanna lán-Ghaeilge (féach Caibidil a Trí: 3.7). Cuireann an díospóireacht tumoideachais béim anois ar mhúineadh córasach agus cothú na mórtheanga (an Béarla) ón uair a thosnaítear ar í a mhúineadh ach é

seo a dhéanamh i slí nach gcuirfeadh isteach ar mhúineadh, ar shealbhú ná ar shaibhriú na sprioctheanga (an Ghaeilge). Bhí roinnt mhaith plé agus easaontas idir múinteoirí a ghlac páirt sa togra seo faoin méid Béarla ba cheart a úsáid i múineadh na n-ábhar éagsúil, go háirithe ar leibhéal na hiarbhunscolaíochta ach ag deireadh na bunscolaíochta chomh maith. Tugann Tábla 5.8 léargas ar roinnt dea-chleachtas, dar leis an múinteoirí, a tháinig chun cinn sa réimse seo.

Tábla 5.8: Dea-Chleachtais Ó Thaobh Theagasc Córasach Agus Úsáid Na Mórtheanga (An Béarla)

Dúshlán	Dea-Chleachtais
Éiginnteacht maidir le cathain gur cheart tús a chur leis an mBéarla	Formhór na scoileanna ag cur tús leis an mBéarla ag deireadh na naíonáin mhóra nó tús rang a haon, ag glacadh le treoir náisiúnta agus idirnáisiúnta.
Éiginnteacht maidir le ról agus úsáid an Bhéarla sa chóras	- Múineadh córasach éifeachtach ar an mBéarla (ag úsáid scéimeanna léitheoireachta grádaithe) gach bliain ina dhiaidh sin. - Léitheoireacht, scríbhneoireacht agus scileanna cur i láthair ó bhéal a fhorbairt sa Bhéarla le linn an chórais. Ag cinntiú go mbeadh na scileanna comhionann sa dá theanga.
Éiginnteacht maidir le teoiricí trasteangaithe .i. ar cheart an Béarla a úsáid ar mhaithe leis an bhfoghlaim trí Ghaeilge a chur chun cinn	Gan bhéim a chur ar scileanna trasteangaithe róluath sa chóras tumoideachais nó bheadh sé deacair an Ghaeilge a chothú, dar leis na múinteoirí.
Éiginnteacht maidir le téarmaíocht na n-ábhar a thabhairt do na daltaí i mBéarla ag fágáil na bunscoile/na hiarbhunscoile	- Gan é seo a dhéanamh sa bhunscoil, ní hé seo cúram na bunscoile tumoideachais dar leis na múinteoirí. - Faoi dheireadh na hiarbhunscolaíochta, bíonn na téarmaí sealbhaithe ag na daltaí go nádúrtha ó théacsleabhair/áiseanna teagaisc eile. Mura bhfuil, tá ról ag na múinteoirí an Béarla a thabhairt dóibh, dar le formhór na múinteoirí.
Éiginnteacht faoi conas cur chuige idirdhealaithe a chur i bhfeidhm do mhúineadh Béarla i measc chainteoirí dúchais Gaeilge	Cur chuige beagán éagsúil. Ceachtanna a chuireann béim ar fhorbairt stórfhocail agus ar fhíneáltacht sa Bhéarla nach mbeadh ag cainteoirí dúchais Gaeilge.

5.9 Nasc leis an Teaghlach/Pobal

Tá sé aitheanta go minic ag taighdeoirí an dea-chleachtais a thábhachtaí atá sé bá don tumoideachas/oideachas trí Ghaeilge a chothú i measc an phobail agus i measc na dtuismitheoirí. Labhair na múinteoirí go mion minic le linn na hoibre allamuigh seo faoin tábhacht atá le hobair na scoile tumoideachais/lán-Ghaeilge a leathnú amach go dtí an teaghlach (na tuismitheoirí) agus an pobal. Ní faoin gcóras oideachais amháin atá sé cumas agus nósmaireachtaí úsáidte na Gaeilge a fhorbairt, tá ról lárnach ag an teaghlach/na tuismitheoirí agus ag an bpobal san obair seo. Braitheann na múinteoirí go bhfuil obair mhór le déanamh acu chun dea-chleachtais a chur i bhfeidhm sa réimse seo agus nach bhfuil sé fuirist in aon chor. É sin ráite, tá roinnt cleachtais i bhfeidhm ag scoileanna áirithe atá ag cabhrú leo agus tá na cleachtais sin sonraithe i dTábla 5.9 thíos.

Tábla 5.9: Dea-Chleachtais Ó Thaobh Nasc Leis An Teaghlach/Pobal

Dúshlán	Dea-Chleachtais
Dodhéanta caighdeán ard tumoideachais a bhaint amach gan tacaíocht tuismitheoirí/pobal	• Nasc láidir le tuismitheoirí, oícheanta oscailte ag míniú polasaithe scoile agus an tacaíocht atá ag teastáil uathu. • Ranganna Gaeilge obair-bhaile bunaithe do thuismitheoirí. • Ócáidí Gaeilge/Bricfeasta Gaelach do thuismitheoirí. • An Pobal agus sárchainteoirí ón bpobal a thabhairt isteach ar scoil go minic chun dul i bhfeidhm ar na daltaí. • Na daltaí a chur amach go dtí an pobal go minic, agallaimh a dhéanamh le sárchainteoirí, obair bhaile ag bailiú eolais ó sheantuismitheoirí. • Nasc le clubanna óige/drámaíocht/spraoi/sport lasmuigh den scoil. • Ócáidí Gaelacha an phobail a fhógairt ar scoil, gréasán Gaelach a thógáil. • Múinteoirí ag obair ar thograí teanga sa phobal lasmuigh d'am scoile.

5.10 Úsáid shóisialta na Gaeilge a chothú

Tá cothú nósmaireachtaí úsáidte na Gaeilge i measc na ndaltaí ar an réimse dea-chleachtais is tábhachtaí ar fad don tumoideachas/oideachas trí Ghaeilge. Mar a sonraíodh cheana (Caibidil a Trí, 3.9), is trí theanga a úsáid/a labhairt go sóisialta a tharlaíonn an sealbhú teanga. Ní féidir le polasaí tumoideachais/oideachais trí Ghaeilge a bheith éifeachtach mura bhfuil úsáid shóisialta na teanga á cothú i measc na ndaltaí ach tá sé seo fíordhúshlánach mar atá léirithe go mion minic. Is í an mhórtheanga is mó a bhíonn á labhairt go sóisialta i gcláir thumoideachais/oideachais sa teanga dúchais. Bhí na múinteoirí a ghlac páirt sa taighde seo go léir nach mór ar aon fhocal gurb é seo an réimse dea-chleachtais is dúshlánaí ar fad dóibh agus iad ag obair i suíomh lán-Ghaeilge. Léiríodh an-fhonn teacht ar straitéisí agus ar chleachtais nua a chabhródh leo ina n-iarrachtaí na daltaí a spreagadh chun an Ghaeilge a labhairt go sóisialta ina measc féin. Tá mórán rudaí difriúla á dtríalt sna scoileanna chun sóisialú trí Ghaeilge a chur chun cinn agus tá ag éirí go pointe áirithe leis na feachtais sin, dar leis na múinteoirí.

5.10: Dea-Chleachtais Ó Thaobh Úsáid Na Gaeilge Go Sóisialta A Chur Chun Cinn

Dúshlán	Dea-Chleachtais
Easpa Cumais na ndaltaí i dteanga Shóisialta	- Béim a chur ar mhúineadh teanga shóisialta agus teanga imeartha do na daltaí sna ranganna. - Straitéisí éagsúla clóis - cluichí clóis a mhúineadh do na leanaí óga trí Ghaeilge agus cúntóirí/daltaí níos sine a chur i mbun an chlóis chun imirt leo.
Úsáid an Bhéarla i dtreis go sóisialta	- Ionchas láidir i bpolasaí na scoile gurb í an Ghaeilge a bheidh in úsáid go sóisialta ag múinteoirí agus daltaí. - Caidreamh maith idir múinteoirí agus daltaí chun an polasaí seo a chur i bhfeidhm. - Feachtais/duaiseanna ó thaobh an rang is fearr, an duine is fearr chun an Ghaeilge a labhairt is a chur chun cinn. - Riail na Gaeilge i bhfeidhm agus córas pionóis má bhristear an riail. Daltaí sinsearacha na scoile a chur i gceannas ar an bhfeachtas. - Nasc láidir a chothú idir na daltaí agus sárchainteoirí ón bpobal, iad a thabhairt isteach chun am sóisialta a chaitheamh leis na daltaí. - Nasc le grúpaí óige sa phobal chun labhairt shóisialta na teanga a chur chun cinn i dteannta a chéile. - Imeachtaí rialta a chuireann béim ar an gcaint shóisialta - drámaíocht, díospóireachtaí, féilte Oireachtais, s.rl. - Nasc le scoil Ghaeltachta/Gaelscoil eile chun labhairt na teanga a chur chun cinn. - Féinmheastóireacht scoile a úsáid chun an Ghaeilge ó bhéal go sóisialta a chur chun cinn. Leabhrán le teanga neamhfhoirmeálta/Gaeilge shóisialta a chruthú ar scoil agus a scaipeadh ar na daltaí agus ar na múinteoirí.

5.11 Tacaíocht Stáit agus Acmhainní

Bíonn ualach mór oibre ar bhainistíocht, ar fhoireann agus ar mhúinteoirí tumoideachais/oideachais sa teanga dhúchais. Sa seomra ranga, bíonn teanga agus ábhar le teagasc ag na múinteoirí san áit nach mbíonn ach ábhar le teagasc ag múinteoirí i scoileanna aonteangacha. Éilíonn córas tumoideachais níos mó ama, oibre agus díograise ó mhúinteoirí agus ó dhaltaí ná gnáthchóras aonteangach. Bíonn ról i bhfad níos leithne ag múinteoirí tumoideachais ná díreach a bheith ag múineadh sa seomra ranga mar a sonraíodh thuas in 5.8, 5.9 agus 5.10, rud a chuireann brú breise orthu. Déanann sé ciall, mar sin, go bhfuil mórtacaíocht ag teastáil ón earnáil, ar leibhéal riaracháin áitiúil agus stáit, chun córas éifeachtach a chruthú. Léiríonn na tuairimí a bhí ag na múinteoirí san obair allamuigh seo, múinteoirí Gaeltachta agus gaelscoile/gaelcholáiste, nach mbraitheann siad go bhfuil ann don tacaíocht sin in aon chor. Molann siad an eagraíocht COGG agus tacú le breis áiseanna a chruthú ach tá a lán bearnaí ann fós, go háirithe ar leibhéal na hiarbhunscoile. Tá súil ag na múinteoirí go líonfaidh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta cuid den bhfolús sa réimse seo ach is deacair leo fuascailt na faidhbe seo a fheiceáil go dtí go mbeidh tacaíochtaí breise ar an talamh i bhfoirm múinteoirí láncháilithe agus láninniúil ar a gcuid ábhar a mhúineadh trí Ghaeilge agus breis múinteoirí ceadaithe ar an talamh do bhunscoileanna Gaeltachta. In éagmais an pholasaí, an aitheantais, agus na tacaíochta agus na tacaíochta cuí, rinne roinnt scoileanna iarracht dul i ngleic leis an bhfolús chun an t-easnamh tacaíochta ón stát a chúiteamh. Seo a leanas na dea-chleachtais a luadar atá ann cheana féin, nó a bhfuil siad ag súil leo, sa réimse seo.

Tábla 5.11: Dea-Chleachtais Ó Thaobh Tacaíocht Stáit Agus Acmhainní

Dúshlán	Dea-Chleachtais
Easpa tuisceana agus aitheantas don earnáil ag leibhéal an Stáit	An Polasaí don Oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm agus breis acmhainní daonna chuige.
Easpa tuisceana agus treorach	Leanúint leis an tuiscint agus cleachtais go bhfuiltear ag forbairt cumas agus nósmaireachta úsáide don teanga.
Maoiniú gan a bheith leordhóthanach chun áiseanna a chruthú ar bhonn leanúnach don tumoideachas	Meitheal múinteoirí ag cruthú a gcuid áiseanna féin, leabhair, taifid físe agus fuaime, áiseanna ar líne.
Easpa foirne. Cóimheas ró-ard idir múinteoirí agus daltaí nach dtugann gné bhreise múineadh na teanga san áireamh	- Cúntóirí ranga agus teanga a úsáid don chéad dá bhliain don tumoideachas chun díriú ar ghnéithe teanga (sa Ghaeltacht agus i dTuaisceart Éireann). Sa Tuaisceart bíonn beirt mhúinteoirí ceadaithe don chéad/dara bliain sa bhunscoil. - Aitheantas DEIS a fháil chun coibhneas idir múinteoirí agus daltaí a íslíú.
Easpa gutha ag an earnáil	A bheith gníomhach san eagraíocht Gaeloideachas nó ar meitheal múinteoirí ar bhonn áitiúil.
Easpa tacaíochta áitiúil, scoileanna ag braith go bhfuil siad ag obair leo féin	Scoileanna sa Ghaeltacht ag súil go mbeidh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus an Phleanáil Teanga comhtháite, go mbeadh cabhair agus tacaíocht ar fáil dóibh chun dul i bhfeidhm ar thuismitheoirí.

6: Conclúid Agus Moltaí

Bíonn iarracht agus tacaíocht nach beag ag teastáil chun dearadh, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú a dhéanamh ar shárchóras oideachais lán-Ghaeilge. Is ar an mbonn sin a chuirtear an dátheangachas suimitheach, an délitearthacht, an inniúlacht ilchultúrtha agus gnóthachtáil acadúil a chur chun cinn.

Tá gnéithe éagsúla ag baint le tumoideachas éifeachtach, faoi mar a phléitear sa tuarascáil taighde seo. D'fhéadfaí na gnéithe sin a úsáid mar chreat le haghaidh cláir thumoideachais lán-Ghaeilge atá éifeachtach.

Bíodh is gur féidir beartas a úsáid mar bhonn agus mar spreagadh le haghaidh gníomh breise, ní leor é sin amháin. Tá sé rithabhachtach go gcreidfí go daingean i luach an oideachais lán-Ghaeilge le sineirge a chruthú chun oibriú i dtreo na spriocanna beartais. Is as tuairimí, tuiscintí agus gníomhartha iomadúla phobal na scoile, cuid mhaith, a eascraíonn na castachtaí is mó maidir leis an oideachas lán-Ghaeilge a shaibhriú.

Bíonn de dhualgas gairmiúil ar cheannairí agus ar bhainisteoirí tiomanta a bheith ag saothrú go córasach chun páirtithe leasmhara i gcomhthéacsanna éagsúla lán-Ghaeilge a mhealladh ar bhealaí cruthaitheacha. Ní mór an fhreagracht sin a bheith bunaithe ar bhonn eolais daingean, agus tá plé déanta air sin go páirteach sa tuarascáil taighde seo trí dhearcadh na dtéamaí sainaitheanta. Ina theannta sin, sainithníodh dúshlán ar leith roimh an oideachas lán-Ghaeilge sa tuarascáil seo, agus tá réitigh phraiticiúla fhéideartha curtha ar fáil ag rannpháirtithe sa taighde. Tugtar le tuiscint i dtorthaí an taighde go mbíonn na nithe seo a leanas ag teastáil chun athrú a chur i bhfeidhm go rathúil:

• Deiseanna chun athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar an gcleachtas aonair nó ar an gcleachtas scoile uile atá ailínithe leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta sa tumoideachas

- Eispéiris forbartha gairmiúla ardchaighdeán
- Creat reachtaíochta agus rialála agus freagrúlacht institiúideach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais thábhachtacha phráinneacha a bhaineann go sainiúil leis an oideachas lán-Ghaeilge.

6.1 Athbhreithniú agus féinmheastóireacht inmheánach scoile: Tosaíochtaí le haghaidh athrú a shainaitheint

Tá athbhreithniú agus féinmheastóireacht inmheánach scoile ag croílár an dearbhairthe cáilíochta agus an fheabhsaithe. Cuireann na próisis straitéiseacha ceistiúcháin seo ar chumas scoileanna eolas a fháil go córasach ar an rathúlacht agus ar na dúshláin sa teagasc, san fhoghlaim agus in oibriúcháin scoile san oideachas lán-Ghaeilge, agus an t eolas sin a chomhroinnt.

Le creataí planála bunaithe ar thorthaí, cabhraítear le foireann na scoile an bealach a dhéanamh tríd an aistear féinmheastóireachta scoile agus planáil a dhéanamh don chéad chéim eile san aistear feabhais maidir le soláthar na scoile tumoideachais. Má dhéantar an tionchar, na torthaí, na haschuir, na táscairí agus na rioscaí beartaithe a chur in iúl go soiléir, is fearr a thuigfidh pobal na scoile na bearta is gá a ghlacadh, cé atá freagrach as na gnéithe éagsúla, conas a dhéanfar an rath a thomhas, cé na rioscaí atá ann agus conas is féidir dul i ngleic leo sin.

Tá uirlis féinmheastóireachta scoile a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge, Táscairí cáilíochta maidir leis an dea-chleachtas san oideachas lán-Ghaeilge, le fáil in Aguisín 4. Cé go bhfuil an uirlis seo fréamhaithe i bhfírinne chomhthéacsúil an oideachais lán-Ghaeilge (mar a bhraith na rannpháirtithe sa taighde í), tá an uirlis ag freagairt freisin leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta sa tumoideachas teanga (mar atá athbhreithnithe sa tuarascáil seo). Tá sé beartaithe go dtacódh an uirlis féinmheastóireachta seo le páirtithe leasmhara san earnáil lán-Ghaeilge athbhreithniú agus measúnú criticiúil a dhéanamh ar cháilíocht ghnéithe an tsoláthair ina scoil féin. Mar iarracht chun athrú dea-phleanáilte a bhfuil údar maith leis a thabhairt chun críche, moltar an uirlis sin a úsáid i gcomhar leis na doiciméid seo a leanas:

- Treoirlínte maidir le Féinmheastóireacht Scoile, 2016-2020 (An Roinn Oideachais agus Scileanna)
- Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2016: Creat cáilíochta (An Roinn Oideachais agus Scileanna)
- Treoirlínte a eiseofar agus seimineáir COGG maidir le Plean Gníomhaíochta an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta i gcomhthéacs na scoileanna Gaeltachta.

Bíonn feidhmeanna éagsúla ag an uirlis féinmheastóireachta scoile a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas/oideachas lán-Ghaeilge/Gaeltachta, Táscairí cáilíochta maidir leis an dea-chleachtas san oideachas lán-Ghaeilge, nuair a úsáidtear í leis na doiciméid thuasluaite. Seo thíos liosta de chuid de na feidhmeanna sin:

- comhráite doimhne dúshlánacha a spreagadh agus páirt a ghlacadh iontu maidir leis an gcleachtas lán-Ghaeilge
- fíis a fhorbairt agus a chur in iúl
- machnamh a dhéanamh ar a mbaintear amach agus ar cheisteanna, agus saincheisteanna maidir leis an gcur i bhfeidhm a phlé (.i. cultúir cheistiúcháin a chruthú)
- spriocanna (tosaíochtaí comhaontaithe) inláimhsithe agus intomhaiste a leagan amach tríd an gcinnteoireacht chomhoibríoch
- monatóireacht a dhéanamh ar athruithe le himeacht ama agus measúnú a dhéanamh ar an méid dul chun cinn atá déanta i réimsí sainaitheanta inar gá feabhas a dhéanamh .i. rath/torthaí foghlama a thomhas
- tuairisciú go rialta ar bhaint amach spriocanna pleanáilte
- an leanúnachas a chothú tríd an bpleanáil scoile uile
- spriocanna, pleananna agus táscairí ratha a dhéanamh trédhearcach
- prionsabail chreidimh agus patrúin chleachtais sheanbhunaithe a athrú
- plean forbartha gairmiúla don scoil uile a dhearadh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha gairmiúla shainaitheanta na foirne agus dea-chleachtais i gcoitinne a fheidhmiú.

6.2 Ón bhfís go dtí an cur i bhfeidhm: Athrú a chur i gcrích


I gcás múinteoirí a mbíonn ábhar á theagasc acu trí T2 na ndaltaí (sa Ghaeltacht T1 agus T2) nó do ghrúpa daltaí atá éagsúil ó thaobh teanga de, deimhnítear le méid mór taighde agus taithí gairmiúla go mbíonn forbairt ghairmiúil nach beag ag teastáil uathu chun é sin a dhéanamh go héifeachtach. D'aithin na rannpháirtithe sa taighde na buntáistí a bhaineann le teacht le chéile mar chomhghleacaithe gairmiúla chun cleachtais tumoideachais a shainaitheant, a chomhroinnt, a mheas agus a fhorbairt. Is riachtanas gairmiúil do gach múinteoir tumoideachais é gabháil d'fhorbairt ghairmiúil ardchaighdeán a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge.

Bíonn deiseanna ag teastáil ó gach múinteoir lán-Ghaeilge chun páirt a ghlacadh sa phróiseas maidir le heolas a bhaineann go sáinúil leis an tumoideachas a ghabháil, a scaipeadh agus a úsáid go héifeachtach. Bíonn eispéiris ag teastáil uathu chun féachaint orthu féin agus forbairt mar mhúinteoirí ábhair agus teanga; bíonn tacaíocht dhifreáilte lena scileanna teanga ag teastáil; bíonn deiseanna ag teastáil chun teacht le chéile le múinteoirí tumoideachais eile thar chomhthéacsanna éagsúla an oideachais lán-Ghaeilge/Gaeltachta chun smaointe, ábhair imní, aincheisteanna oideolaíocha, acmhainní srl a chomhroinnt; bíonn orthu comhoibriú idir scoileanna a chothú (trí thaisclanna ar líne, teicneolaíochtaí meáin nó ar bhealach eile); bíonn orthu an fhoghlaim ó threoirthionscadail agus ó comhoibriú idir scoileanna a ghabháil agus a scaipeadh; bíonn orthu torthaí taighde a scaipeadh agus cabhrú le daoine ciall a bhaint astu.

Tugtar achoimire i bhFíor 6.1 thíos ar réimse eispéiris forbartha gairmiúla ar chontanam ina léirítear an tionchar a bhíonn acu ar fheasacht an mhúinteora, eolas an mhúinteora, scileanna nó cur i bhfeidhm. Tá an contanam seo úsáideach ar bhealaí éagsúla. Cabhraíonn sé le hoideoirí lán-Ghaeilge na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- féachaint ar thionchar samhlacha éagsúla den soláthar forbartha gairmiúla
- tuiscint a fhorbairt ar eochairphrionsabail na forbartha institiúidí agus aonair
- pleananna forbartha gairmiúla aonair a athbhreithniú agus a fhorbairt
- féachaint ar an ngaol idir an féinmheastóireacht scoile agus an fhorbairt ghairmiúil.

Fíor 6.1: Eispéiris forbartha gairmiúla ardchaighdeán a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas: Feachtas feasachta agus feachtas forbartha



Tá gluais de na téarmaí thuas le fáil in Aguisín 5.

6.3 Treonna amach anseo: Aghaidh a thabhairt ar riachtanais rithábachtacha agus pleanáil don rath

Is iomaí cló a bhíonn ar an oideachas lán-Ghaeilge ach, mar sin féin, tá léiriú le fáil sa taighde ar ghnéithe ginearálta den rath san oideachas lán-Ghaeilge. Dá gcuirfí an méid thuas (féinmheastóireacht scoile agus forbairt ghairmiúil leanúnach i bhfeidhm) bheadh mórán á dhéanamh ar mhaithe le dea-chleachtais a roinnt agus critéir aitheantais a dhearbhu don earnáil oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Tá scóip mhór ann do bhreis forbartha, mar sin féin, dá dtabharfaí aghaidh ar riachtanais shainiúla an oideachais lán-Ghaeilge ar bhealach córasach eolasach.

- Cé go bhfuil sé léirithe go mbíonn an t oideachas lán-Ghaeilge éifeachtach go ginearálta, is minic a bhíonn imní ar oideoirí, ar an lucht déanta beartais agus ar thuismitheoirí maidir lena oiriúnaí agus lena éifeachtaí atá an tumoideachas do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Mar gheall ar a thábhachtaí atá sé a chinntiú go bhfuil rochtain ag na daltaí go léir ar thumoideachas ar ardchaighdeán a thugann deiseanna dóibh a bheith dátheangach, is léir go bhfuil gá le breis taighde. Ina theannta sin, is gá clár taighde fadtréimhseach a bhunú chun gnóthachtáil na ndaltaí a thomhas i ranganna teanga agus ábhair, chun taighde a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge lasmuigh den scoil, chun féachaint ar an tionchar a bhíonn ag oideolaíocht bunaithe ar chultúr ar an bhforbairt teanga, ar an ngnóthachtáil acadúil agus ar fhorbairt na féiniúlachta, agus chun iniúchadh a dhéanamh ar ról agus ar thionchar an Bhéarla ar ghnóthachtáil daltaí tumoideachais, agus rudaí eile nach iad. Tá sé bunriachtanach freisin go gcreidfeadh gach páirtí leasmhar i luach an taighde, go mbeidís feasach ar thorthaí taighde reatha agus go mbeadh ar a gcumas leas a bhaint as an mbonn eolais láidir sin go rialta ina gcuid oibre.
- Tá beartais chuí maidir le measúnú mar aon le huirlisí measúnaithe bailí iontaofa, a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas, rithábachtach chun go mbeidh rath ar an oideachas lán-Ghaeilge. Tá sé rithábachtach freisin go ndéanfaidh an lucht déanta beartais agus riarthóirí machnamh ar conas a théann cinntí measúnaithe a bhfuil tábhacht mhór leo i bhfeidhm ar spriocanna an oideachais lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht féin agus lasmuigh di. Uirlis chabhrach is ea Comhchreat

Saintréitheacht Baker de Chláir Oideachas Dhátheangaigh

CINEÁLACHA LAGA OIDEACHAIS DON DÁT HEANGACHAS (Baker, 2001, lch 194)				
Cineál cláir	Cineál tipiciúil linbh	Teanga an tseomra ranga	Aidhm shochaíoch agus oideachais	Aidhm ó thaobh torthaí teanga de
TUMADH/BÁ ¹⁰ (Tumoideachas struchtúrtha)	Mionlach teanga	Mórtheanga	Asamhlú	Aonteangachas
TUMADH/BÁ le ranganna cúlúcháin/teagasc dídeanach an Bhéarla	Mionlach teanga	Mórtheanga le ceachtanna astarraingthe in T2	Asamhlú	Aonteangachas
SCARTHA ¹¹	Mionlach teanga	Mionteanga (éigeantach, gan rogha ar bith)	Cinedheighilt	Aonteangachas
IDIRTHRÉIMHSEACH	Mionlach teanga	Athraíonn ón mionteanga i dtreo na mórtheanga	Asamhlú	Aonteangachas measartha
OIDEACHAS PRÍOMHSHRUTHA i dteannta teagasc teanga nó teangacha iasachta	Tromlach teanga	Mórtheanga i dteannta ceachtanna in T2/i dteanga nó i dteangacha iasachta	Saibhriú teoranta	Dátheangachas teoranta
Scarúnaíoch ¹²	Mionlach teanga	Mionteanga (mar an rogha)	Neamhspleáchas/ Féinriar	Dátheangachas teoranta

¹⁰Lipéad lena ndéantar cur síos ar oideachas do leanaí ó mhionlach teanga a gcuirtear san oideachas príomhshrutha iad gan aon tacaíocht ná soláthar sa mháthairtheanga acu.

¹¹Cineál oideachais nach n úsáidtear ach an mhionteanga ann. Úsáidtear é nuair nach gcuirtear rochtain ar fáil do lucht labhartha mionteanga ar na cláir ná ar na scoileanna sin a bhfreastalaíonn lucht labhartha na mórtheanga orthu.

¹²An aidhm atá ann aonteangachas sa mhionteanga agus ilchultúrthacht i gcomhthéacs inar féinchinntitheach an rogha sin.

CINEÁLACHA LÁIDRE OIDEACHAIS DON DÁT HEANGACHAS AGUS DON DÉLITEARTHACHT

Cineál cláir	Cineál tipiciúil linbh	Teanga an tseomra ranga	Aidhm shochaíoch agus oideachais	Aidhm ó thaobh torthaí teanga de
TUMOIDEACHAS	Tromlach teanga	Oideachas dátheangach ina gcuirtear an bhéim thosaigh ar T2	Iolrachas agus saibhriú	Dátheangachas agus délitearthacht
TEANGA CHOTHABHÁLA/ OIÐHREACHTA	Tromlach teanga	Oideachas dátheangach ina gcuirtear béim ar T1	Cothabháil, iolrachas agus saibhriú	Dátheangachas agus délitearthacht
DHÁ THEANGA DHÁ BHEALACH	Mionlach agus tromlach teanga measctha	Mionteanga agus mórtheanga	Cothabháil, iolrachas agus saibhriú	Dátheangachas agus délitearthacht
OIDEACHAS DÁT HEANGACH PRÍOMHSHRUTHA	Tromlach teanga	Dhá mhórtheanga	Cothabháil, iolrachas agus saibhriú	Dátheangachas agus délitearthacht

Nótaí:

- (1) T2 = an dara teanga; T1 = an chéad teanga
- (2) A bhuíochas do phlé a rinneadh leis an Ollamh Ofelia García gur cruthaíodh an tábla seo. Cuirtear an tsaintréitheacht seo i bhfeidhm ar 14 chineál oideachais dhátheangaigh in García (1997, lch 410)

¹³Tarlaíonn oideachas dátheangach dhá theanga (nó dhá bhealach) nuair a bhíonn thart ar an líon céanna daltaí ó mhionlach teanga agus ó thromlach teanga sa seomra ranga céanna.

Aguisín 2:

Sampla Ábhar/Ceisteanna do Ghrúpa Fócais & Agallaimh

SAMPLA ÁBHAR/CEISTEANNA DO GHRÚPA FÓCAIS & AGALLAIMH

- Forbairt chumas teanga na ndaltaí sa sprioc theanga (An Ghaeilge) - Cén caighdeán a bhíonn ag na daltaí ag tosnú, cén caighdeán deiridh idéalach lena mbítear ag súil sa Ghaeilge, cad iad na modheolaíochtaí atá ann chun an caighdeán seo a shocrú agus a shroichint ag deireadh na bunscolaíochta, an bhfuil an caighdeán deiridh lena mbítear ag súil i gcomhréir le cúlra/cumas teanga an dalta?
- Forbairt chumas teanga na ndaltaí sa Bhéarla - Cén caighdeán a bhíonn ag na daltaí ag tosnú agus cén caighdeán deiridh lena mbítear ag súil & modheolaíochtaí chun an caighdeán seo a shroichint ag deireadh na bunscolaíochta
- Sóisialú (labhairt sóisialta) na Gaeilge sa scoil agus i dtimpeallacht na scoile - conas a chuirtear an dea-chleachtais seo i bhfeidhm? Agus ócáidí seach-churaclaim - turasanna, spóirt etc?
- Sóisialú (labhairt sóisialta) na Gaeilge lasmuigh den scoil i. nasc leis an bpobal teanga/ócáidí/ imeachtaí teanga lárnaithe leis an bpobal, conas a chuirtear é seo i bhfeidhm?
- An Cur Chuige teagaisc - An bhfuil cur chuige nasctha i bhfeidhm ag múineadh teanga agus ábhar i dteannta a chéile? conas a mhúinteann teanga agus ábhar nasctha le chéile...cén cur chuige...an bhfuil múinteoirí ar an airdeall go bhfuil siad i gcónaí ag múineadh ábhar agus teanga i dteannta a chéile? Cén slí a dhéanann siad é seo? An gcuireann an teagasc trí Ghaeilge bac ar an teagasc ábhair riamh?
- Oiriúnú an tsiollabais Gaeilge don bhfoghlaimoir teanga agus don gcainteoir dúchais araon...conas a théitear i ngleic leis seo?
- Oiriúnú an churaclaim don tumoideachas...an bhfuil an curaclam bunscoile oiriúnach don mhúineadh trí Ghaeilge...an bhfuil rudaí breise gur cheart a bheith ar an gcuraclam bunscoile i gcás scoileanna Gaeltachta/tumoideachais?
- Áiseanna teagaisc, Cén polasaí atá i bhfeidhm ó thaobh roghnú áiseanna de - téacsleabhair, ábhair léitheoireachta breise, áiseanna teagaisc teicniúla, cé a shocraíonn an téacsleabhair Ghaeilge nó Bhéarla a úsáidtear? an bhfuil aon dea-chleachtais i bhfeidhm maidir le forbairt áiseanna teagaisc i measc múinteoirí sa scoil/ sa cheantar?
- Cumas teanga na múinteoirí - cén íoschaighdeán lena mbítear ag súil go hidéalach?
- Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil na múinteoirí - cad iad na réimsí is tábhachtaí gur cheart díriú orthu ó thaobh oiliúna/ forbairt leanúnach ghairmiúil na múinteoirí chun iad ullmhú do mhúineadh ábhar trí Ghaeilge/múineadh i scoil Gaeltachta/tumoideachais?
- Polasaithe scoile/pobail/náisiúnta a thacaíonn leis an tumoideachais (múineadh trí Ghaeilge) i do scoil?

Aguisín 3:

Léargas ar Dhea-Chleachtais a Bhaineann le Teagasc Idirhealaithe don Teanga

Dúshlán ar leith do mhúinteoirí ná an t-idirdhealú is gá a dhéanamh sa teagasc agus sa bhfoghlaim trí mheán na sprioctheanga chun riachtanais na bhfoghlaiméoirí ó chúlraí teangeolaíochta éagsúla, cainteoirí dúchais ina measc, a shásamh (An Roinn Oideachais agus Scileanna, Hickey, 2001). I measc na ndea-chleachtas atá luaite le difrealú sa teagasc idir foghlaiméoirí éagsúla, tá:

Dea-chleachtais a bhaineann le teagasc idirhealaithe don teanga	
Obair ghrúpa de réir cumais a dhéanamh go minic le foghlaiméoirí éagsúla sa rang dírithe ar a leibhéal féin	Cloud, Genesee & Hamayan, 2000; Hickey, 2001; Potowski, 2004; Valdés, 1997
Roghanna difriúla a chur ar fáil do dhaltaí éagsúla mar chuid den cheacht céanna. Bíonn roinnt éagsúlachtaí idir na gníomhaíochtaí sin: - An t-am a thugtar don fhoghlaim - An sprioc ó thaobh an churaclaim de - An chaoi a mbaintear an sprioc sin amach - Ionchais teagaisc	Ellis & Shintani, 2014; Ní Longaigh, 2016; Ur, 1996
Forleathnú a dhéanamh ar cheachtanna chun díriú ar dhaltaí ar ard-leibhéal teanga	Ní Shéaghdha, 2010
Leas a bhaint as cainteoirí saibhre ón bpobal agus imeachtaí a chuireann béim ar chaint shaibhir (drámaíocht/scéalaíocht srl) chun freastal ar riachtanas na gcainteoirí dúchais ach go háirithe	Ní Shéaghdha, 2010
Téacsanna oiriúnacha a úsáid do na caighdeáin éagsúla atá sa rang agus pleananna agus spriocanna difriúla a leagan amach do na grúpaí foghlaiméoirí éagsúla	Ní Longaigh, 2016
Cuimsítear roinnt acmhainní (mar shampla ábhair, gníomhaíochtaí, tacaíocht) in ionaid féinrochtana a bhíonn le fáil in aon áit amháin go hiondúil agus a bhíonn deartha le freastal ar fhoghlaiméoirí a bhfuil leibhéal, stíleanna, spriocanna agus réimsí spéise éagsúla acu (foghlaim teanga féinstiúrtha). Tá mar aidhm leis na hionaid sin neamhspleáchas foghlaiméora a chur chun cinn i measc na n-úsáideoirí.	Ellis & Shintani, 2014
Tá idir theagasc follasach agus chleachtadh i gceist le hoiliúint straitéise. I gcéim an teagaisc fhollasaigh den cheacht, miníonn an múinteoir conas, cathain agus cén fáth straitéisí áirithe foghlama teanga a úsáid, agus tugann sé/sí samplaí dá n-úsáid. Tugtar an deis d'fhoghlaiméoirí triail a bhaint as na straitéisí i dtascanna éagsúla i gcéim an chleachtaidh.	Cohen, 2003; O' Malley & Chamot, 1990; Oxford, 1990; Macaro, 2006
Bealach maith is ea aonad téamach ina bhfuil éagsúlacht tascanna chun freastal ar ghrúpaí il-leibhéal. Is féidir le daltaí mórtheanga agus miontheanga oibriú le chéile ar an topaic nó ar an téama céanna, ach bíonn an obair ranga agus an obair bhaile curtha in oiriúint dá riachtanais ar leith. Is gá do mhúinteoirí roinnt tascanna a chruthú, a bhfuil fad agus castacht éagsúil ag baint leo agus a bhfuil difríocht iontu maidir leis an méid neamhspleáchais lena bhfuiltear ag súil ón dalta.	Cloud, Genesee & Hamayan, 2000
Is modhanna tairbheacha iad an piartheagasc agus an teagasc tras-aoise do ranganna il-leibhéal agus il-aoise, agus is modhanna iad is féidir a úsáid lena chéile. Ní mór teoracha soiléire a thabhairt do phiartheagascóirí le go dtuigfidh siad an ról atá acu agus conas foghlaim teanga a gcomhpháirtí a éascú.	Cloud, Genesee & Hamayan, 2000; Thomas, 1993

Aguisín 4:

Dea-Chleachtais san Oideachas Lán-Ghaeilge: Táscairí Cáilíochta

Tar éis duit an tuarascáil taighde seo a léamh, ba cheart go mbeadh tuiscint shoiléir agat ar a bhfuil le fáil sa taighde idirnáisiúnta maidir leis an dea-chleachtas sa tumoideachas. Ba cheart go mbeadh tuiscint shoiléir agat ar fhírinní an chomhthéacs, na dúshláin agus na moltaí ina leith sin a rinne múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge (faoi mar atá curtha in iúl ag na rannpháirtithe sa taighde).

Is féidir Táscairí cáilíochta maidir leis an dea-chleachtas san oideachas lán-Ghaeilge (.i. an teimpléad thall) a úsáid mar uirlis féinmheastóireachta scoile a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge. Cé go bhfuil an uirlis seo fréamhaithe i bhfírinne chomhthéacsúil an oideachais lán-Ghaeilge (mar a bhraith na rannpháirtithe sa taighde í), tá an uirlis ailínithe freisin leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta sa tumoideachas teanga (mar atá athbhreithnithe sa tuarascáil seo). Tá sé beartaithe go dtacóidh an uirlis féinmheastóireachta seo le scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta athbhreithniú agus measúnú criticiúil a dhéanamh ar cháilíocht ghnéithe an tsoláthair ina scoil féin. Mar iarracht chun athrú dea-phleanáilte a bhfuil údar maith leis a thabhairt chun críche, moltar an uirlis sin a úsáid i gcomhar leis na doiciméid seo a leanas:

- Treoirlínte maidir le Féinmheastóireacht Scoile, 2016-2020 (An Roinn Oideachais agus Scileanna)
- Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2016: Creat cáilíochta (An Roinn Oideachais agus Scileanna)
- Treoirlínte a bhaineann leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (do scoileanna lonnaithe sa Ghaeltacht amháin)

Bíonn feidhmeanna éagsúla ag an uirlis féinmheastóireachta scoile a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas, Táscairí cáilíochta maidir leis an dea-chleachtas san oideachas lán-Ghaeilge, nuair a úsáidtear í leis na doiciméid thuasluaite. (Tá mar aidhm leis na feidhmeanna sin ar fad feabhas a chur ar thorthaí.) Seo thíos liosta de chuid de na feidhmeanna sin:

- comhráite doimhne dúshlánacha a spreagadh agus páirt a ghlacadh iontu maidir leis an gcleachtas lán-Ghaeilge
- fíis a fhorbairt agus a chur in iúl
- machnamh a dhéanamh ar a mbaintear amach agus ar cheisteanna, agus saincheisteanna maidir leis an gcur i bhfeidhm a phlé (.i. cultúir cheistiúcháin a chruthú)
- spriocanna (tosaíochtaí comhaontaithe) inláimhsithe agus intomhaiste a leagan amach tríd an gcinnteoireacht chomhoibríoch
- monatóireacht a dhéanamh ar athruithe le himeacht ama agus measúnú a dhéanamh ar an méid dul chun cinn atá déanta i réimsí sainaitheanta inar gá feabhas a dhéanamh .i. rath/torthaí foghlama a thomhas
- tuairisciú go rialta ar bhaint amach spriocanna pleanáilte
- an leanúnachas a chothú tríd an bpleanáil scoile uile
- spriocanna, pleananna agus táscairí ratha a dhéanamh trédhearcach
- prionsabail chreidimh agus patrúin chleachtais sheanbhunaithe a athrú
- plean forbartha gairmiúla don scoil uile a dhearadh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha gairmiúla shainaitheanta na foirne.

Moltar duit na táscairí sainaitheanta a úsáid chun comparáid a dhéanamh idir dearcthaí éagsúla na bpáirtithe leasmhara ar an leibhéal reatha cur i bhfeidhm, agus láidreachtaí do chlár féin

agus réimsí ar gá feabhas a dhéanamh orthu a shainaithint. B'fhéidir gur mhaith leat do stádas reatha a mheas trí aghaidh a thabhairt ar na táscairí ar fad, nó b'fhéidir gurbh fhearr leat díriú ar cheann nó dhó agus mion-iniúchadh a dhéanamh orthu sin (.i. trí ghabháil do phróiseas atriallach na féinmheastóireachta scoile - fócas a shainaithint, fianaise a bhailiú, anailís agus breithiúnas a dhéanamh, tuarascáil agus plean feabhais a scríobh agus a roinnt, an plean feabhais a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha agus an tionchar a mheasúnú).

Sainaithnítear príomhtháscairí cáilíochta (táscairí) an dea-chleachtais i suíomhanna tumoideachais le gach ceann de na lipéid seo a leanas. Léirítear leis na tuairisceoirí ina dhiaidh sin conas is fearr is féidir gach táscaire cáilíochta ar an dea-chleachtas a bhaint amach.

Dea-chleachtais san oideachas lán-Ghaeilge: Táscairí Cáilíochta

1 - le forbairt	2 - i mbéal forbartha	3 - inniúil
-----------------	-----------------------	-------------

Táscaire	Fairsinge an tumtha	1	2	3
Tuairisceoir	Tá cur chuige lán-tumoideachais luaith i bhfeidhm sa scoil ina n úsáidtear an Ghaeilge go forleathan mar theanga na cumarsáide sa scoil (idir múinteoirí an t-am ar fad, tús áite don Ghaeilge idir múinteoirí agus tuismitheoirí, coiste tuismitheoirí ag feidhmiú trí Ghaeilge, Bord Bainistíochta ag feidhmiú trí Ghaeilge, tacaíocht fhoghlaime ar fáil trí Ghaeilge), mar theanga an teagaisc sa scoil (gach ábhar seachas an Béarla trí Ghaeilge) agus mar theanga an tsóisialaithe (polasaí láidir á chur i bhfeidhm sa scoil maidir le labhairt shóisialta na Gaeilge idir na daltaí).			
Tuairisceoir	Cuireann na múinteoirí ar fad eiseamláir de Ghaeilge chruinn ar fáil do na daltaí agus soláthraíonn siad ionchur optamach dírithe agus neamhdhírthe chun na daltaí a nochtadh do ghnéithe éagsúla den teanga i dtimpeallachtaí atá saibhir ó thaobh teanga de.			
Tuairisceoir	Baintear leas as cuir chuige atá scafláilte agus leabaithe sa chomhthéacs i leith an teagaisc agus na foghlama chun an Ghaeilge a mhealladh agus idirghníomhaíocht trí Ghaeilge a spreagadh i measc na ndaltaí (mar shampla scéalaíocht choiteann, amhráin, rainn ghníomhaíochta, rólghlacadh)			
Tuairisceoir	Trí Ghaeilge a chuirtear tús le teagasc na litearthachta ar dtús (i. tréimhse dhá bhliain de luath-thumadh, clár fonaice/foghraíochta grádaithe Gaeilge in úsáid agus oiliúint ar na múinteoirí chuige sin, míniú soiléir ar an gcleachtas seo do phobal na scoile)			
Tuairisceoir	Déantar gnéithe teanga atá dúshlánach ó thaobh na cognaíochta de sa Ghaeilge (mar shampla sainfhoclóir, eiseamláirí ábhartha, gnéithe na gramadaí a bhaineann go sáinúil le hábhair an churaclaim) a shainaithint, déantar pleanáil lena n aghaidh, déantar iad a chomhtháthú i gceachtanna agus déantar measúnú orthu chun teanga a fhorbairt a bhíonn ag teastáil chun eolas acadúil agus scileanna sóisialta a fhoghlaim.			

Dea-chleachtais san oideachas lán-Ghaeilge: Táscairí Cáilíochta

1 - le forbairt	2 - i mbéal forbartha	3 - inniúil
-----------------	-----------------------	-------------

Táscaire	Struchtúr, comhtháiteacht & pleanáil an chlár	1	2	3
Tuairisceoir	Earcaíonn agus coinníonn an scoil foireann ardchaighdeán (idir fhoireann teagaisc, riaracháin agus tacaíochta) ag a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus ard-inniúlacht sa Ghaeilge.			
Tuairisceoir	Is ann do phlean comhordaithe ar fud na scoile uile chun spriocanna grádaithe an dátheangachais, na délitearthachta agus na hinniúlachta cultúrtha a bhaint amach, agus chun torthaí foghlama acadúla iomchuí do ghrúpaí bliana a bhaint amach ag an am céanna.			
Tuairisceoir	Tá plean na scoile maidir le forbairt teanga agus litearthachta solúbtha go leor chun freastal ar riachtanais sealbhaithe teanga fhoghlaimeoirí T1 agus T2 na Gaeilge agus chun leas a bhaint freisin as na tairbhí cognaíocha breise a bhaineann leis an dátheangachas.			
Tuairisceoir	Cruthaíonn agus coinníonn an scoil bonneagar lena dtacaítear le dul chun cinn na ndaltaí agus measúnú orthu, pleanáil scoile uile, cur i bhfeidhm, measúnacht agus cuntasacht.			
Tuairisceoir	Déanann an scoil sonraí a bhailiú go córasach le fáil amach an bhfuil spriocanna teanga agus acadúla á gcomhlíonadh, agus déantar na sonraí measúnachta a chomhtháthú sa phleanáil maidir le cleachtais teagaisc a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas ar leibhéal scoile uile.			

Dea-chleachtais san oideachas lán-Ghaeilge: Táscairí Cáilíochta

1 - le forbairt	2 - i mbéal forbartha	3 - inniúil
-----------------	-----------------------	-------------

Táscaire	Freagracht, ceannaireacht agus luacháil	1	2	3
Tuairisceoir	Is ceannaire láidir, éifeachtach eolach atá sa phríomhoide a chuireann fís, spriocanna, bunfhealsúnacht agus torthaí an oideachais lán-Ghaeilge in iúl go soiléir don fhoireann agus do phobal na scoile i gcoitinne. Is féidir leis/léi an fhaisnéis sin a úsáid ar bhealach cruthaitheach chun an t eolas a scaipeadh ar dhaoine eile agus chun tacú go réamhghníomhach leis an scoil os comhair pobail éagsúla.			
Tuairisceoir	Tá na ról agus freagrachtaí maidir le próisis agus nósanna imeachta na scoile lán-Ghaeilge sainmhínithe go soiléir i bpolasaí agus i gcleachtas le cinntiú gurb iad an teagasc agus an fhoghlaím éifeachtach is príomhchúram na scoile lán-Ghaeilge i gcónaí.			
Tuairisceoir	Tá na múinteoirí eolach ar phróiseas forbartha an dátheangachais, agus ar thairbhí an tumoideachais agus an dátheangachais, agus bíonn siad sásta a gcuid eolais a fhorbairt go leanúnach agus an t-eolas sin a phlé le tuismitheoirí/caomhnóirí.			
Tuairisceoir	Creideann na múinteoirí agus an fhoireann scoile ar fad gur féidir le gach aon dalta ardchaighdeán foghlama a bhaint amach i ngach réimse acadúil agus inniúlacht iomlán a bhaint amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon.			
Tuairisceoir	Is múinteoirí teanga agus ábhair araon iad na múinteoirí ar fad, tá torthaí foghlama beartaithe luaite go soiléir acu maidir le hábhar agus teanga, cuireann siad ionchais shoiléire in iúl maidir le húsáid na tumtheanga, agus féachann siad orthu féin mar éascaitheoirí na forbartha teanga laistigh den seomra ranga agus lasmuigh de araon. Éiríonn leo an fhoghlaím/an fhorbairt teanga a thomhais ó bhliain go bliain (i. caighdeán tús agus deireadh na bunscolaíochta/na hiarbhunscolaíochta a leagan síos).			

Dea-chleachtais san oideachas lán-Ghaeilge: Táscairí Cáilíochta

1 - le forbairt	2 - i mbéal forbartha	3 - inniúil
-----------------	-----------------------	-------------

Táscaire	Curaclam	1	2	3
Tuairisceoir	Tá ardchaighdeáin shoiléire ag an scoil maidir le forbairt teanga sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, le gnóthachan acadúil agus le cultúr araon.			
Tuairisceoir	Cuimsítear leis an gcuraclam torthaí foghlama don fhoghlaim teanga sa Ghaeilge agus sa Bhéarla do gach dalta, agus ní hionann na torthaí sin d'fhoghlaimeoirí T1 agus T2. Tá ionchais arda ann don dá ghrúpa.			
Tuairisceoir	Tá an curaclam agus an teagasc oiriúnach ó thaobh na forbartha de le haghaidh gach dalta.			
Tuairisceoir	Bíonn na gníomhaíochtaí measúnaithe barántúil agus éagsúil, agus léirítear ardchaighdeáin teanga agus acadúla leo.			
Tuairisceoir	Déantar an curaclam a bhainistiú ar bhealaí atá ábhartha ó thaobh an chultúir de.			

Dea-chleachtais san oideachas lán-Ghaeilge: Táscairí Cáilíochta

1 - le forbairt	2 - i mbéal forbartha	3 - inniúil
-----------------	-----------------------	-------------

Táscaire	Oideolaíocht	1	2	3
Tuairisceoir	Cuirtear teagasc follasach teanga ar fáil go córasach sa Ghaeilge i ngach réimse ábhair seachas an Béarla i dtimpeallacht foghlama atá saibhir ó thaobh T2 de, agus baineann na múinteoirí leas as straitéisí éagsúla le cinntiú go dtuigeann na daltaí an t-ábhar, mar shampla forbairt ar réamheolas, leas a bhaint as gnáthaimh agus struchtúir, parafrása, cineálacha éagsúla ceisteanna, raon leathan gnéithe, úsáid comharthaíochta coirp, srl.			
Tuairisceoir	Baintear leas as teicnící teagaisc éagsúla, mar shampla straitéisí foghlama gníomhaí, comharfhoghlaim, ionaid foghlama, grúpaí solúbtha, chun na daltaí ar fad (.i. idir fhoghlaimeoirí T1 agus T2 na Gaeilge) a spreagadh chun leibhéil níos airde úsáidte teanga agus cognaíochta a bhaint amach.			
Tuairisceoir	Cruthaíonn múinteoirí deiseanna le haghaidh úsáid bhríoch teanga, idirghníomhaíochta agus saibhriúcháin le cur ar chumas daltaí a bheith feasach ar struchtúir theanga shainiúla agus iad a thabhairt faoi deara, agus chun forbairt teanga cruinne ó bhéal agus i scríbhinn a ghiniúint ar fud an churaclaim.			
Tuairisceoir	Déantar teagasc na teanga agus na litearthachta a chomhtháthú le teagasc acadúil dúshlánach, agus baineann múinteoirí leas as teicnící aiseolais cheartaithigh éifeachtacha a bhaineann leis an teanga agus leis an ábhar araon ar bhonn comhsheasmhach.			
Tuairisceoir	Tá an measúnú dírithe ar riachtanais speisialta na ndaltaí atá ag foghlaim ábhar acadúil trí Ghaeilge mar T1 nó mar T2, agus tá dlúthbhaint idir an measúnú agus an teagasc.			

Dea-chleachtais san oideachas lán-Ghaeilge: Táscairí Cáilíochta

1 - le forbairt	2 - i mbéal forbartha	3 - inniúil
-----------------	-----------------------	-------------

Táscaire	Oiliúint agus forbairt ghairmiúil na múinteoirí	1	2	3
Tuairisceoir	Is ann do dhian-phlean forbartha gairmiúla atá cuimsitheach agus uileghabhálach, agus atá fréamhaithe i saincheisteanna tábhachtacha agus i sainriachtanais na foirne sa scoil lán-Ghaeilge.			
Tuairisceoir	Tá pleananna gníomhaíochta don fhorbairt ghairmiúil bunaithe ar riachtanais agus tá pleananna na mball foirne ar leith ag teacht le plean foriomlán na scoile.			
Tuairisceoir	Bíonn na múinteoirí ar fad ag gabháil d'fhoghlaim leanúnach agus d'fhorbairt ghairmiúil, rud a chuireann ar a gcumas machnamh agus forbairt a dhéanamh ar a bhforbairt teanga féin agus ar a saineolas oideolaíoch a bhaineann go sáiniúil leis an tumoideachas.			
Tuairisceoir	Cuirtear tacaíocht chuí ar fáil do bhaill foirne, mar shampla cruinnithe rialta, am chun breathnú ar chomhghleacaithe i mbun teagaisc agus le haghaidh oiliúna i measc comhghleacaithe, pleanáil chomhoibríoch agus comhtheagasc, machnamh agus aiseolas.			

Dea-chleachtais san oideachas lán-Ghaeilge: Táscairí Cáilíochta

1 - le forbairt	2 - i mbéal forbartha	3 - inniúil
-----------------	-----------------------	-------------

Táscaire	Teagasc córasach agus úsáid na mórtheanga sa tumoideachas	1	2	3
Tuairisceoir	Coinnítear na teangacha teagaisc scartha amach óna chéile agus forbraítear cleachtais délitearthachta le mód seicheamhach.			
Tuairisceoir	Sa teagasc follasach sa Bhéarla, déantar forbairt ar choincheapa ar foghlaimíodh iad trí Ghaeilge agus déantar aistriú scileanna agus comhtháthú idir teangacha agus tharstu a chur chun cinn (.i. déantar forbairt níos sainiúla ar na buntáistí meititheangeolaíocha a bhaineann leis an dátheangachas suimitheach).			
Tuairisceoir	Déantar an teagasc sa Bhéarla a ailíniú leis na torthaí foghlama atá leagtha síos agus déantar pleanáil do dhifreálú dílis chun freastal ar riachtanais na ndaltaí.			
Tuairisceoir	Soláthraíonn fíis choiteann ionchais shoiléire do na daltaí maidir le húsáid T1/T2 agus cuirtear feabhas ar chomhsheasmhacht chleachtais na múinteoirí de réir mar a bhaineann le húsáid T1/T2 sa seomra ranga lán-Ghaeilge.			
Tuairisceoir	Bíonn múinteoirí ag obair as lámha a chéile chun oideolaíochtaí tras-teanga a oireann don chomhthéacs a shainaithint chun aird na ndaltaí a tharraingt go follasach ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na teangacha atá acu agus chun straitéisí foghlama lárnacha a threisiú ar bhealach comhordaithe.			

Dea-chleachtais san oideachas lán-Ghaeilge: Táscairí Cáilíochta

1 - le forbairt	2 - i mbéal forbartha	3 - inniúil
-----------------	-----------------------	-------------

Táscaire	Nasc le pobal/teaghlach	1	2	3
Tuairisceoir	Cuirtear torthaí oideachais lán-Ghaeilge in iúl go poiblí ar bhealach follasach tráthúil chun míthuiscintí a sheachaint.			
Tuairisceoir	Tá bonneagar freagrúil ag an scoil maidir le caidreamh dearfach, gníomhach agus leanúnach le teaghlach na ndaltaí agus leis an bpobal, mar shampla seirbhísí bríocha tacaíochta agus oideachais do thuismitheoirí/caomhnóirí, treoir a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí maidir le hacmhainní pobail a aimsiú agus a láimhseáil de réir mar is cuí, toghchán ionadaithe na dtuismitheoirí agus daoine deonacha, ábhair as Gaeilge a chur ar fáil lena n-úsáid sa bhaile, freagraí ar ábhair imní a bhíonn ar thuismitheoirí/caomhnóirí a ullmhú agus a scaipeadh i bhfoirm bileoga eolais, ábhair fhoilsithe maidir le torthaí san oideachas lán-Ghaeilge a shainaithint agus a chur ar fáil, na meáin shóisialta a úsáid chun na naisc idir an baile agus an scoil a fheabhsú.			
Tuairisceoir	Cuimsítear gach páirtí leasmhar leis an bpróiseas pleanála don scoil uile (mar shampla thuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí, an pobal, daltaí) agus léiríonn fíis agus spriocanna na scoile an méid a chuireann na páirtithe leasmhara ar fad ar fáil.			
Tuairisceoir	Tugann an scoil aiseolas réamhghníomhach, soiléir agus cuiditheach do theaghlaigh maidir le dul chun cinn na ndaltaí agus oibríonn an scoil i gcomhar leo chun straitéisí a shainaithint agus a sholáthar chun cabhrú le foghlaim an linbh/na leanaí (nuair nach ionann an teanga teagaisc agus a dteanga féin).			
Tuairisceoir	Cuireann an scoil in iúl go comhsheasmhach do thuismitheoirí/caomhnóirí gurb é an rud is tábhachtaí ar fad ina gcuid rannpháirtíochta ná timpeallacht shaibhir thacúil a chur ar fáil i gcéad teanga an linbh ionas gur féidir leis na múinteoirí lán-Ghaeilge lán-tairbhe a bhaint as na scileanna agus as na meonta atá forbartha sa chéad teanga agus na láidreachtaí sin a úsáid chun cabhrú le hinniúlacht a fhorbairt sa Ghaeilge nó sa Bhéarla.			

Dea-chleachtais san oideachas lán-Ghaeilge: Táscairí Cáilíochta

1 - le forbairt	2 - i mbéal forbartha	3 - inniúil
-----------------	-----------------------	-------------

Táscaire	Úsáid shóisialta na sprioctheanga	1	2	3
Tuairisceoir	Déantar gnéithe den Ghaeilge le haghaidh gnáth-idirghníomhaíochtaí sóisialta laethúla a shainaithint, déantar pleanáil lena n-aghaidh agus déantar iad a theagasc ar bhealaí atá iomchuí go sóisialta agus go cultúrtha ar bhonn scoile uile (.i. an Ghaeilge a bhíonn ag teastáil chun críocha dílse sa ghnáthshaol).			
Tuairisceoir	Cuirtear ionchais shoiléire maidir le húsáid na Gaeilge mar theanga an tsóisialaithe in iúl do na daltaí.			
Tuairisceoir	I bpolasaithe agus i gcleachtais na scoile, spreagtar na daltaí chun an Ghaeilge a úsáid mar theanga na cumarsáide agus an tsóisialaithe sa seomra ranga agus lasmuigh de (mar shampla dreasachtaí nó duaiseanna a chur ar fáil atá oiriúnach don aois/leibhéal).			
Tuairisceoir	Déanann an fhoireann monatóireacht agus measúnú comhsheasmhach ar an dul chun cinn ar bhealaí tacúla cumasaithe, agus úsáideann siad sonraí chun réimsí feabhais a shainaithint agus pleanáil le haghaidh saibhriú agus forbairt teanga bhreise sa Ghaeilge chun freastal ar riachtanais na ndaltaí ar bhonn na scoile uile.			
Tuairisceoir	Baineann an scoil leas as acmhainní Gaeilge an phobail, mar shampla cuireadh a thabhairt d'aoichainteoirí chun labhairt leis an rang, dul ar thurais allamuigh ina gcuimsítear úsáid dhílis na Gaeilge, leas a bhaint as na meáin Ghaeilge agus as cuidiú teicneolaíochta, srl.			

Dea-chleachtais san oideachas lán-Ghaeilge: Táscairí Cáilíochta

1 - le forbairt	2 - i mbéal forbartha	3 - inniúil
-----------------	-----------------------	-------------

Táscaire	Tacaíocht agus acmhainní	1	2	3
Tuairisceoir	Tá na páirtithe leasmhara ar fad tiomanta do rath an oideachais lán-Ghaeilge/ Gaeltachta agus díríonn siad a bprionsabail chreidimh agus a mianta ar bhealach córasach aontaithe in iarrachtaí chun tacú le teanga, cultúr agus féiniúlacht na Gaeilge/na Gaeltachta, agus chun iad sin a thógáil agus a athbheochan.			
Tuairisceoir	Déantar straitéis faisnéise, atá bunaithe ar an taighde is fearr atá ar fáil ar shaintréithe an oideachais éifeachtaigh lán-Ghaeilge agus ar bhuntáistí an dátheangachais, a fhorbairt de shíor agus a scaipeadh ar na páirtithe leasmhara ar fad.			
Tuairisceoir	Féachtar ar fhorbairt dhátheangach na ndaltaí ar fad mar fhreagracht scoile uile, agus léirítear é sin i bpolasaithe, sa phleanáil, san fhorfheidhmiúchán agus sa mheasúnú.			
Tuairisceoir	Déantar ábhair foghlama dílse ardchaighdeáin a dhearadh agus a úsáid ar bhealaí dílse i gcomhthéacsanna atá oiriúnach agus freagrúil ó thaobh an chultúir de le haghaidh na foghlama.			
Tuairisceoir	Baintear leas as uirlisí measúnaithe atá bailí, iontaofa agus oiriúnach don chomhthéacs chun an fhorbairt teanga sa Ghaeilge agus sa Bhéarla a rianú, chun spriocanna forbartha teanga a chur in iúl do pháirtithe leasmhara agus chun tagarmharcanna a leagan síos mar threoir don fhoghlaim dhifreálach agus don phróiseas measúnaithe sa scoil uile.			

DEA-CHLEACHTAIS SAN OIDEACHAS LÁN-GHAEILGE:TÁSCAIRÍ CÁILÍOCHTA PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA / PLEAN FEABHAIS SCOILE							
Táscaire aitheanta	Tuairisceoir aitheanta	Sprioc-feabhais	Gníomhartha riachtanacha	Freagracht	Scála ama	Critéir ratha	Dáta athbhreithnithe

Aguisín 5:

Gluais

Réimse eispéiris forbartha gairmiúla: Feachtas feasachta agus feachtas forbartha	
Anailís chomhoibríoch agus plé ar chleachtas	Baineann oideoirí tumoideachais úsáid as sonraí chun bonn eolais a chur faoina gcleachtas gairmiúil, is é sin chun cinntí a ghlacadh maidir le cad a mhúinfidh siad, conas é a mhúineadh, agus conas a dhéanfaidh siad measúnú ar fhoghlaím na daltaí. Tá sé tairbhiúil ar roinnt bealaí páirt a ghlacadh i líonra múinteoirí atá cruthaithe go speisialta ar mhaithe le forbairt ghairmiúil múinteoirí: • Scrúdú comhoibríoch ar obair na ndaltaí, smaointeoireacht agus measúnuithe scórála agus straitéisí foghlama a shainaithint, agus riachtanais foghlama agus straitéisí agus ábhair teagaisc iomchuí a shainaithint • Litríocht ghairmiúil (irisí, páipéir bunaithe ar fhianaise, tráchtas, pleananna scoile) a léamh agus a chomhroinnt • Úsáid sraith áirithe ábhar teagaisc sa seomra ranga a fhoghlaím, a úsáid agus a bheachtú chun tuiscintí gairmiúla reatha a fheabhsú nó a fhorbairt • Eispéiris foghlama gairmiúla a chomhroinnt agus critic a dhéanamh orthu.
Aoi-chainteoirí	Is iomaí buntáiste a bhaineann leis an obair chomhoibríoch le daoine/saineolaithe tábhachtacha ina ndírítear ar fheabhas a chur ar eolas múinteoirí tumoideachais ar an ábhar, ábhair theagaisc agus eolas nua a shealbhú chun feabhas a chur ar fhoghlaím na ndaltaí san oideachas lán-Ghaeilge.
Breathnóireacht ranga	Cuimsítear leis an mbreathnóireacht ranga obair duine le duine in éineacht le comhghleacaí mar chuid de shocrú foirmiúil scoile chun feabhas a chur ar an tumoideachas agus ar an bhfoghlaím trí ghníomhaíochtaí éagsúla, lena n áirítear breathnóireacht ranga agus aiseolas, fadhbréiteach, fuascailt fadhbanna, agus pleanáil chomhpháirteach.
Ceardlanna eolais	An aidhm atá le ceardlann eolais ná múinteoirí tumoideachais a thabhairt le chéile chun fadhbanna a phlé agus a réiteach nó chun rud nua a fhoghlaím le chéile. Tagann torthaí nithiúla chun cinn i gceardlanna go minic .i. réiteach ar fhadhb nó eolas nua mar thoradh ar oiliúint phraiticiúil sa seisiún.
Ceardlanna maidir le dearadh tascanna	Soláthraítear leis an bhforbairt curaclaim chomhoibríoch deis uathúil do mhúinteoirí lán-Ghaeilge dul isteach go domhain ina n ábhar. Ag obair le chéile, is féidir le múinteoirí ábhair phleanála, modhanna teagaisc, ábhair acmhainní agus uirlisí measúnachta nua a dhearadh.
Comhpháirtíochtaí comhtheagaisc	Is é atá i gceist leis an gcomhtheagasc (nó buíonteagasc/teagasc foirne) grúpa de bheirt mhúinteoirí nó níos mó ag obair le chéile chun na gníomhaíochtaí foghlama don ghrúpa céanna foghlaimeoirí tumoideachais a phleanáil, a stiúradh agus a mheas.
Cruinnithe foirne	Tá tábhacht mhór ó thaobh forbairt múinteoirí tumoideachais de ag baint le rannpháirtíocht i gcruinnithe atá dírithe ar fhorbairt múinteoirí tumoideachais agus gníomhaíochtaí oideachais gaolmhara.
Cúrsaí iarchéime	D'fhéadfaí staidéar foirmiúil ag coláiste nó ollscoil creidiúnaithe a chuimsiú leis seo. D'fhéadfaí idir léitheoireacht neamhspleách agus gníomhaíochtaí níos forbartha ar líne a chuimsiú le cúrsaí féinstaidéir. An aidhm atá ann ná gur féidir le múinteoirí teacht ar an ábhar go neamhspleách nuair a oireann sé dóibh féin.
Réimse eispéiris forbartha gairmiúla: Feachtas feasachta agus feachtas forbartha	

Eispéiris scáthfhoghla	Eispéireas maith foghlama is ea comhghleacaí a leanúint agus é/í i mbun oibre, agus d'fhéadfadh sé sin léargais nua a thabhairt ar oideolaíocht an oideachais lán-Ghaeilge. Is maith is fiú é do bheirt a bheith ag leanúint a chéile. Ar an gcaoi sin, téann sé chun tairbhe na beirte.
Féinmheastóireacht scoile 2016-2020	Foilsíodh Imlitir 0039/2016 agus 0040/2016 i mí an Mheithimh 2016 agus tugtar achoimre iontu ar na ceanglais atá ar scoileanna maidir lena rannpháirtíocht leanúnach i bhféinmheastóireacht scoile ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim idir 2016 agus 2020. Sé chéim atá i bhféinmheastóireacht scoile: • Ainmnigh an fócas • Bailigh fianaise • Déan anailís agus déan breithiúnais • Scríobh agus comhroinn tuairisc agus plean feabhsúcháin • Cuir plean feabhsúcháin i bhfeidhm • Déan monatóireacht ar ghníomhartha agus déan meastóireacht ar thionchar.
Fóraim thacaíochta ar líne	Páirt a ghlacadh le comhpháirtithe nó le grúpaí gairmiúla ar líne chun ábhair spéise a iniúchadh agus a phlé, spriocanna coiteanna a leagan síos agus tabhairt fúthu, faisnéis agus straitéisí a chomhroinnt, agus fadhbanna coitianta a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, mar shampla Twitter nó Facebook.
Pobail chleachtais	Cuimsítear le pobal cleachtais deiseanna struchtúrtha i dtimpeallacht comhoibríoch lena n-éascaítear malartú intleachtúil agus eispéireas comhroinnte lasmuigh den seomra ranga (ina ndírítear go mór ar ábhair a bhaineann leis an oideachas lán-Ghaeilge agus/nó le spriocanna foghlama gairmiúla).
Seimineáir	An aidhm atá le seimineáir mar fhormaid ná go ngabhfadh na rannpháirtithe go gníomhach d'idirphlé spriocdhírithe a bhaineann leis an oideachas lán-Ghaeilge. Is minic a bhíonn ar rannpháirtithe i seimineár obair ullmhúcháin a dhéanamh (mar shampla téacs a léamh) chun an plé a éascú.
Seisiúin cuimhne físspreagtha	Cuimsítear leis seo iniúchadh a dhéanamh ar insintí i scríbhinn nó físeáin ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim sa seomra ranga tumoideachais agus plé a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú, agus ar fhadhbanna, ar shaincheisteanna agus ar thorthaí.
Taighde cleachtóra rannpháirtíochta	Agus iad ag tabhairt faoi thaighde gníomhaíochta, an chéad cheist a chuireann oideoirí tumoideachais ná conas a d'fhéadfaí feabhas a chur ar an gcleachtas reatha. Ansin déanann siad staidéar ar an litríocht agus ar an taighde ábhartha chun cur chuige a roghnú lena bhféadfaí feabhas a chur ar an gcleachtas reatha. • iniúchadh ar theagasc na múinteoirí féin agus ar fhoghlaim na ndaltaí trí pháirt a ghlacadh i dtionscadal taighde laistigh dá seomra ranga féin (taighde gníomhaíochta).
Tionscnaimh comhroinnte	Sa chineál seo gníomhaíochta, d'fhéadfaí tabhairt faoi na cineálacha foghlama a bhíonn ar siúl ag múinteoirí lena ndaltaí (iniúchtaí bunaithe ar an bhfiosrú nó fadhbréiteach bríoch).
Tionscnaimh féinmheastóireachta agus cleachtais mhachnamhaigh	Scil an-tábhachtach is ea an féinmhachnamh le haghaidh fhorbairt leanúnach an chleachtais ghairmiúil. Is teicnící iad dialann mhachnaimh nó punann mhúinteora chun tuairimí agus gnéithe machnaimh a bhreacadh síos. D'fhéadfaí go mbainfeadh na hiontrálacha leis an teagasc, forbairt an dalta, tionscnamh nua a chur i bhfeidhm nó ábhar eile ar bith ar mhaith le múinteoir taifead a choinneáil nó a fhorbairt ina leith. Is féidir an féinmhachnamh a bhriseadh síos sna céimeanna seo a leanas: • sainaithint na faidhbe, ina sainaithníonn múinteoirí fadhb nó ceist maidir lena gcleachtas a bhfuil fonn orthu aghaidh a thabhairt uirthi • bailiú faisnéise, ina mbailíonn múinteoirí sonraí chun bonn eolais a chur faoin réimse cleachtais • machnamh agus cinnteoireacht, ina ndéanann múinteoirí iarracht brí a aimsiú sna sonraí trí mhachnamh agus anailís • cur i bhfeidhm agus athrú, ina ndéanann na múinteoirí pleanáil maidir le conas feabhas a chur ar a gcleachtas.



Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Halla Naomh Pádraig, Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9, D09 K4P6

 +353-1-853 5195  www.gaeloideachas.ie  eolas@gaeloideachas.ie